# AN ROINN COSANTA
# AGUS ÓGLAIGH NA HÉIREANN

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

An Roinn Cosanta
DEPARTMENT OF DEFENCE

Óglaigh na hÉireann
DEFENCE FORCES IRELAND

© cóipcheart 2016
An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann

Bóthar an Stáisiúin, An Droichead Nua, Co. Chill Dara. W12 AD93

Teil: (045) 49 2000 Facs: (045) 49 2017
Íosghlao: 1890 251 890

ISSN: 1649-9999

A Aire, a chara,

Tá áthas orainn an Tuarascáil Bhliantúil ar fheidhmíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann le haghaidh 2015 a chur faoi do bhráid.



Maurice Quinn
Ard-Rúnaí





Leasaimiréal Mark Mellett DSM
Ceann Foirne



## Réamhfhocal leis An Taoiseach agus Taire Cosanta

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2015 an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann a fháil ina dtugtar go leor sonraí ar an raidhse oibre a rinneadh agus na haschuir a seachadadh i rith 2015. Is léir ar bhonn laethúil, go leanann an Eagraíocht Chosanta ar aghaidh ag cur réimse mór seirbhísí ar fáil sa bhaile agus thar lear, lena n-áirítear soláthar do chosaint an Stáit, tacaí slándála intíre a chur ar fáil, cur le coimeád na síochána agus na slándála ar fud an domhain, agus soláthar réimse mór tacaí "neamhshlándála" do Ranna agus Ghníomhaireachtaí an Rialtais.

Is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an Ard-Rúnaí, leis an gCeann Foirne agus a gcuid ball foirne sibhialta agus míleata agus an obair shuntasach a rinneadh i 2015 agus a gcuid iarrachtaí síoraí, sa bhaile agus thar lear.



Enda Kenny T.D.
An Taoiseach agus Taire Cosanta

## Réamhfhocal leis An tAire a bhfuil Freagracht air as Cosaint

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú Tuarascáil Bhliantúil mo Roinne agus Óglaigh na hÉireann le haghaidh 2015.

Is léir gur bliain fhíorthábhachtach ab ea 2015 don Eagraíocht Chosanta agus Páipéar Bán nua ar Chosaint foilsithe tar éis faomhadh a fháil ón Rialtais. Sa Pháipéar Bán leagtar amach an creat don bheartas cosanta le haghaidh na deich mbliana atá romhainn, agus bhí sé mar thosaíocht lárnach don Rialtas i 2015 é a fhoilsiú. Déanaim comhghairdeas leo siúd a raibh baint acu le déanamh an pháipéir agus gabhaim buíochas freisin leo siúd a ghlac páirt sa phlé a chuir lena chur i gcrích. Chuige sin, ar an 15 Bealtaine 2015, reáchtáladh Siompóisiam i dTeach Farmleigh, a thug deis do ghrúpa mór páirtithe leasmhara béimeanna éagsúla beartais mar chuid den chéim chonchlúideach d'ullmhú an Pháipéir Bháin nua. Ar bhunús measúnachta réamhbhreathnaithí ar an timpeallacht slándála, leagann an Páipéar Bán amach freagra an bheartais chosanta ar dhúshláin slándála, lena n-áirítear ról na cosanta sa tsíocháin agus sa tslándáil ar fud an domhain. Chun freagra solúbtha agus athraitheach a chinntiú, déantar soláthar sa Pháipéar Bán freisin d'athbhreithnithe rialta ar riachtanais chosanta agus cuirfidh sé sin ar chumas Óglaigh na hÉireann iad féin a chur in oiriúint do chúinsí nua.

Tá Náisiún na hÉireann fíorbhródúil as Óglaigh na hÉireann agus an obair a dhéanann siad. I Nollaig 2015, bhuaigh an tSeirbhís Chabhlaigh, agus an bua tuillte go maith acu, Gradam Daoine na Bliana mar aitheantas don tsárobair a rinneadh sa Mheánmhuir faoi choimirce Operation Pontus. Ba mhaith liom criúnna an LÉ Eithne, LÉ Niamh agus an LÉ Samuel Beckett a mholadh as an ról daonnúil den chéad scoth a bhí acu i mbeatha an oiread sin imirceach a bhí ag teitheadh ó fhíorchruatan, a shábháil. Chruthaigh rath Operation Pontus, trínar tarrtháladh 8,592 imirceach go soiléir cé chomh luachmhar is atá rannpháirtíocht na hÉireann sa mhisean fíorthábhachtach seo.

Cheiliúir Éire 60 bliain mar bhall de na Náisiúin Aontaithe i 2015 agus rinneadh é sin a chomóradh i dTaispeántas speisialta UN60 in Ard-Mhúsaem na hÉireann i Samhain 2015. Ón gcéad uair a rinneadh coimeádaithe síochána a imscaradh chuig an Liobáin i 1958, tá fir agus mná Óglaigh na hÉireann ag glacadh páirte ar bhealach ionraic agus céimiúil. Cuireann a gcuid díograise agus



seirbhíse go mór leis an dea-cháil atá ar Éirinn mar bhall den phobal idirnáisiúnta agus mar rannpháirtí mór sa tsíocháin agus sa tslándáil ar fud an domhain.

Sa bhaile, bhí Óglaigh na hÉireann agus Cosaint Shibhialta chun tosaigh maidir le cabhair a thabhairt d'údaráis áitiúla le linn na n-imeachtaí tuilte troma a tharla i gceantair éagsúla sa tír ag deireadh 2015 agus ag tús 2016. Ba mhaith liom comhaltaí Óglaigh na hÉireann agus na saorálaithe ó Chosaint Shibialta a mholadh as a gcuid sáriarrachtaí chun níos mó dochair do thithe agus ghnóthais a chosc i gceantair a bhí buailte go dona.

Sa deireadh, is mian liom freisin buíochas a ghabháil leis an Ard-Rúnaí, an gCeann Foirne agus baill foirne go léir na hEagraíochta, sa bhaile agus thar lear, as an obair a rinne siad i 2015 agus as a gcuid iarrachtaí síoraí.

Paul Kehoe T.D.
An tAire a bhfuil Freagracht air as Cosaint



## Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| BROLLACH | 11 |
| CUID 1: AN BEARTAS COSANTA | 13 |
| CUID 2: CINNTIÚ GUR FÉIDIR LINN BEART A DHÉANAMH DE RÉIR ÁR MBRIATHAIR | 23 |
| CUID 3: ASCHUIR OIBRIÚCHÁIN ÓGLAIGH NA HÉIREANN | 45 |
| AGUISÍN 1: FAISNÉIS AIRGEADAIS | 57 |
| AGUISÍN 2: MEITHLEACHA OIBRE TRAS-RANNACHA A MBÍONN IONCHUR AG COSAINT IONTU | 58 |
| AGUÍSÍN 3: MEABHRÁIN TUISCEANA (MTanna) AGUS COMHAONTUITHE LEIBHÉAL SEIRBHÍSE (CLAnna) | 60 |
| AGUISÍN 4: FORBHREATHNÚ AR ÚSÁID FUINNIMH I 2015 | 61 |

# BROLLACH

# BROLLACH

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo déantar athbhreithniú ar fheidhmíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann le linn 2015. Déantar feidhmíocht a athbhreithniú de réir na gceannteideal agus na gcuspóirí cláir, atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2015-2017 na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann.

Leis an Ráiteas Straitéise don tréimhse 2015-2017 socraítear Sprioc Ardleibhéil na hEagraíochta Cosanta[1], mar atá:

*Soláthar do chosaint mhíleata an Stáit, cur le síocháin agus slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gach ról eile arna shannadh ag an Rialtas a chomhlíonadh*

Chun an Sprioc Ardleibhéil a chomhlíonadh teastaíonn trí ghné straitéiseacha atá éagsúil ach comhlántach ag an am céanna. Is iad sin ná:

1. An Beartas Cosanta
2. Cinntiú gur féidir linn Beart a Dhéanamh de réir ár mBriathair
3. Aschuir Oibriúcháin Óglaigh na hÉireann

Tá na ceannteidil sin mar bhunús do chodanna aonair sa tuarascáil seo.

Comhlíonann an tuarascáil seo ceanglais Alt 4(1) (b) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 maidir le tuarascáil bhliantúil a thabhairt don Aire ar fheidhmíocht de réir spriocanna straitéiseacha.



1 Seo a leanas an téarmaíocht a úsáidtear sa Tuarascáil Bhliantúil seo; úsáidtear an téarma 'Cosaint' chun tagairt i gciall leathan do sholáthar na cosanta in Éirinn atá déanta suas de ghnéithe sibhialta agus míleata, tagraíonn an "Eagraíocht Chosanta" don eagraíocht shibhialta agus mhíleata; tagraíonn "Óglaigh na hÉireann" don eagraíocht mhíleata.

# CUID 1: AN BEARTAS COSANTA

## FAISNÉIS FAOI CHÚLRA

Cuimsíonn an beartas Cosanta gach gné den soláthar Cosanta agus tacaíonn sé leis an ngá le cinntiú go gcoimeádfadh agus go bhforbródh an Stát cumais mhíleata oiriúnacha agus é ag féachaint chuig timpeallacht chosanta agus slándála. Ina theannta sin, tugann an Roinn Cosanta raon leathan de thacaí beartais don Aire chun cabhrú leis ina ról mar cheann na Roinne.



Tá gnéithe sibhialta agus míleata ag an Eagraíocht Chosanta, a oibríonn le chéile chun cinntiú go gcomhlíontar ceanglas an Aire agus an Rialtais um Chosaint. Is é an tArd-Rúnaí príomhchomhairleoir an Aire ar an mbeartas cosanta, agus gníomhaíonn an Ceann Foirne mar phríomhchomhairleoir míleata an Aire.

I dtaobh na timpeallachta slándála sa bhaile, cuimsíonn creat an bheartais chosanta, i measc gnéithe eile, obair an Oifig Pleanála Éigeandála agus Meabhráin Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le Ranna Rialtais eile agus Gníomhaireachtaí Stáit, thar raon éagsúil ról.

Áirítear freisin i gcreat an bheartais chosanta, i gcomhpháirt leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, ionchuir chosanta chun síocháin agus slándáil dhomhanda agus réigiúnach a choimeád, lena n-áirítear forbairt leanúnach ar Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an AE, tacaíocht na hÉireann don iltaobhachas agus don chomhshlándáil in oibríochtaí tacaíochta síochána agus bainistíochta géarchéime faoi shainordú na NA, ár rannpháirtíocht i gComhpháirtíocht ar son na Síochána de chuid NATO agus tacaíocht don OSCE.

Phléigh an **Coiste Bainistíochta Straitéisí** (CBS) saincheisteanna straitéiseacha cosanta i rith 2015. Is é atá sa CBS ná comhchoiste sibhialta-míleata a chuimsíonn Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta (Cathaoirleach), an Ceann Foirne, an bheirt Ard-Rúnaithe Cúnta, an Stiúrthóir, an bheirt Leas-Cheann Foirne agus an Ceann Foirne Cúnta. Freastalaíonn an Ginearáloifigeach i gCeannas an Aerchóir agus an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh i dtaobh ábhar a mbíonn tionchar acu ar a gcuid seirbhísí. Tugtar tosaíocht do dhlúthchomhar maidir le gach ábhar idir gnéithe sibhialta agus míleata. Bíonn cruinnithe míosúla ag an CBS. Freastalaíonn an tAire ar chruinnithe den CBS anois is arís.

Tógann an tArd-Rúnaí Cúnta (i gceannas ar na Brainsí Airgeadais agus Conarthaí) agus an Leascheann Foirne (Tacaíocht) sealanna chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an n**Grúpa Ardleibhéil um Pleanáil agus Sholáthar** (GAPS) Comhghrúpa sibhialta/míleata atá sa GAPS arb é a ról ná pleananna rollacha ilbhliantúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do sholáthar agus dhiúscairt trealaimh (agus fáil réadmhaoine san áireamh) bunaithe ar na tosaíochtaí beartais sa Pháipéar Bán.

Lean **an Coiste Náisiúnta Slándála** ar aghaidh ag reáchtáil cruinnithe agus ag fáil coimrí go rialta le linn na bliana. Is é a phríomhchúram ná monatóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna slándála ardleibhéil agus cinntiú go gcuirtear an Taoiseach agus an Rialtas ar a n-eolas fúthu siad agus faoi na freagraí orthu. Is iad comhaltaí an choiste, a bhfuil an tArd-Rúnaí don Rialtas mar chathaoirleach air, ná Ard-Rúnaí an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Coimisinéir an Gharda Síochána, Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta, Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann agus Ard-Rúnaí an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. I 2015, fuair an Coiste measúnachtaí ar an mbagairt ó Choimisinéir an Gharda Síochána agus déanann sé athbhreithniú ar an staid slándála fhoriomlán sa timpeallacht intíre agus idirnáisiúnta.

## FAISNÉIS MHÍLEATA

Le linn 2015, lean Stiúrthóir na Faisnéise Míleata ar aghaidh ag tabhairt measúnuithe tráthúla agus cruinne ar chosaint agus shlándáil don Aire Cosanta maidir le slándáil an Stáit agus sábháilteacht agus slándáil phearsanra Óglaigh na hÉireann arna n-imscaradh thar lear ar oibríochtaí tacaíochta síochána. Tugadh achoimrí míosúla faisnéise don Aire agus cuireadh measúnachtaí bagartha

agus coimrí ar fáil de réir mar a bhí ag teastáil. Bíonn iarracht fhaisnéise Óglaigh na hÉireann comhchuibhithe le hiarracht an Gharda Síochána.

Rinne Faisnéis Mhíleata maoirseacht agus anailís ar na timpeallachtaí slándála ina ndearnadh oibríochtaí tacaíochta síochána Óglaigh na hÉireann, agus béim faoi leith curtha ar chosaint an fhórsa. Tríd an méid sin a dhéanamh, thug Faisnéis Mhíleata eolas faoi leibhéil d'fheasacht staide, chomh maith le measúnachtaí luathrabhaidh agus bagartha d'aonaid agus trúpaí a bhí ag seirbheáil thar lear chun tacú le stiúradh rathúil a gcuid oibríochtaí. Mar gheall ar an athrú ar an timpeallacht slándála i 2015, tháinig méadú ar an ngá le feasacht staide a chinntiú agus léirítear é sin i leibhéal méadaithe aschur. I rith 2015, thug Faisnéis Mhíleata 107 coimre agus measúnú lenar áiríodh coimrí míosúla faisnéise agus slándála, coimrí réamh-imscartha agus iar-imscartha do bhaill foirne a bhí i mbun Oibríochtaí Tacaíochta Síochána, agus coimrí Aire. Freisin thug Faisnéis Mhíleata roinnt coimrí feasachta inmheánaí agus slándála do chúrsaí gairme míleata agus do bhaill foirne Óglaigh na hÉireann.

## AN PÁIPÉAR BÁN AR CHOSAINT

Foilsíodh an Páipéar Bán nua ar Chosaint i Lúnasa 2015 agus cuirtear an creat um beartas cosanta ar feadh na deich mbliana romhainn ar fáil ann. Mar gheall ar nádúr dinimiciúil na timpeallachta slándála, tá an creat beartais sin solúbtha agus freagrúil, agus cuireann sé ar chumas na hEagraíochta Cosanta í féin a chur in oiriúint do chúinsí athraitheacha. I dteannta le soláthar do Chosaint an Stáit ó fhorrántacht armtha, cuimsíonn na róil atá sannta d'Óglaigh na hÉireann soláthar leanúnach tacaí don Gharda Síochána, do mhóréigeandálaí agus theagmhasachtaí sibhialta agus an ról cosanta sa tsíocháin agus sa tslándáil ar fud an domhain. Trí thacaí neamhshlándála a chur ar fáil baintear an úsáid is mó agus is féidir as sócmhainní cosanta agus feabhsaítear an luach ar airgead a bhaintear ó chaiteachas ar chosaint.

Leagtar amach sa Pháipéar Bán freisin na cinntí seo a leanas maidir le príomhchumais:

- 9,500 comhalta pearsanra ar a laghad a choimeád i mbunaíocht na mBuan-Óglach (PDF).
- An struchtúr Arm dhá Bhriogáide agus struchtúir an Aerchóir agus na Seirbhíse Cabhlaigh a choimeád mar atá.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe ardleibhéil Ceannais agus Rialaithe.
- Glacfar bearta chun feabhas a chur ar chumais Sciathán Fionnóglaigh an Airm agus é mar aidhm líon foirne an Aonaid a mhéadú go mór.

Ó thaobh trealaimh, is é an riachtanas atá ann láithreach ná déanamh cinnte go bhféadann Óglaigh na hÉireann leanúint ar aghaidh ag tabhairt faoi na cúraimí a theastaíonn. Chun é sin a bhaint amach beidh sé riachtanach ardáin mhóra trealaimh a athsholáthar le linn shaolré an Pháipéir Bháin, lena n-áirítear:

- An flít iompróirí pearsanta armúrtha (IPAnna) de chuid an Airm a uasghrádú nó iompróirí nua a chur ina n-ionad
- Árthaigh nua a sholáthar in ionad trí hárthaigh eile de chuid na Seirbhíse Cabhlaigh, LÉ Eithne, LÉ Ciara and LÉ Orla, agus
- Flít Cesnna agus aerárthach phatróil mhara CASA an Aerchóir a athsholáthar.

I measc thosaíochtaí eile a aithníodh ó thaobh trealaimh, i gcás go mbeadh maoiniú breise ar fáil (thar an méid a theastaíonn chun cumais atá ann cheana féin a athsholáthar), tá cumas faireachais radair don Aerchór, níos mó long don tSeirbhís Chabhlaigh agus feithiclí armúrtha agus cumais cosanta aeir breise don Arm.

Tá Acmhainní Daonna ina ngné lárnach de chumas agus sa Pháipéar Bán leagtar amach clár uaillmhianach chun déanamh cinnte go bhféadann an Eagraíocht Chosanta leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh na ndúshlán a bhaineann le domhan atá ag athrú. Tá rannán ann ina bpléitear Iarshaighdiúirí agus an tacaíocht a gheobhaidh Eagraíochtaí Iarshaighdiúra ón Roinn agus ó Óglaigh na hÉireann. Tá rannán faoi Inscne ann agus déantar soláthar chun tionscnaimh bhreise a fhorbairt le níos mó ban a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar dhul isteach in Óglaigh na hÉireann agus rannpháirtíocht na mban a mhéadú i ngach rang. Déantar soláthar sonrach ann chun Straitéis um Éagsúlacht agus Chuimsiú a fhorbairt. Féachann sé sin chuig forbairt a dhéanamh ar bheartais atá ann cheana féin maidir le heitneacht, inscne, claonadh gnéis agus comhionannas, agus tacú le timpeallacht oibre chuiditheach agus dhúshlánach áit a bhfuil meas ag cách ar leithlí agus éagsúlacht.

Foráiltear sa Pháipéar Bán gurb é príomhról na

n-Óglach Cúltaca (Reserve Defence Force/RDF) ná an PDF a mhéadú i gcásanna géarchéime, agus sannadh ról foirmiúil dóibh freisin maidir le páirt a ghlacadh in imeachtaí searmanais stáit. Déantar soláthar sa Pháipéar Bán freisin chun Cúltaca Speisialtóra a bhunú a bheadh déanta suas de phainéal de bhaill den RDF a mbeadh cáilíochtaí gairmiúla acu a fhéadann tabhairt faoi sainchúraim de bhrí a gcuid cáilíochtaí nó scileanna gairmiúla a bhféadfadh, uaireanta, nach mbeidís ar fáil go héasca sa PDF.

Freisin foráiltear sa Pháipéar Bán go ndéanfar Cosaint Shibhialta a fhorbairt ar bhonn a chuspóra straitéisigh mar atá tacaíocht a thabhairt do na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha i staideanna éagsúla éigeandála agus neamhéigeandála. Cuireann sé sin fáilte roimh an líon mór ról tacaíochta faoin gCreat um Bainistíocht Móréigeandálaí lena n-áirítear cúnamh maidir le déileáil le raon leathan éigeandálaí ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, lena n-áirítear aimsir chrua, tuilte agus cuardaigh le haghaidh daoine ar iarraidh.

## TIONSCNAIMH NUA AN PHÁIPEIR BHÁIN

Leis an bPáipéar Bán tugtar isteach réimse leathan tionscnamh nua don earnáil chosanta lena n-áirítear:

- Bunófar próiseas nua um athbhreithnithe timthrialla tráthrialta, ag eatraimh trí bliana agus sé bliana. Déanfaidh sé sin cinnte go bhfuiltear fadbhreathnaitheach, solúbtha, maorga agus réidh ar an iomlán ó thaobh phleanáil agus sholáthar cosanta.
- Bunófar staidéar sonrach ar mhaoiniú cosanta chun léargas a thabhairt ar bhealach nua ar na costais fhadtéarmacha ionchais a bhaineann le ceanglais chosanta na hÉireann a chomhlíonadh agus úsáid á baint as tréimhse pleanála deich mbliana a bheidh nasctha leis an gcreat nua beartaithe d'athbhreithnithe timthrialla tráthrialta.
- I dteannta le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile, scrúdóidh an Roinn ról na mbeart atá dírithe ar inscne, go háirithe maidir le comhaltaí pearsanra ban a imscaradh. Is réimse í sin inar iarr Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe tuilleadh tacaíochta ó Éirinn le déanaí.
- Forbairt fhéideartha Institiúide nua um Thacaíocht Síochána agus Oiliúint Cheannaireachta. Samhlaítear go mbeadh seasamh idirnáisiúnta ag an Institiúid nua agus go gcuirfeadh sí le forbairt fhoriomlán eolais agus taithí i réimsí na tacaíochta síochána agus an réiteach coinbhleachta.
- Déanfar níos mó forbartha le linn shaolré an Pháipéir Bháin ar ról na hEagraíochta Cosanta i nuálaíocht, taighde agus forbairt táirgí, trí mheán an Tionscnamh Fiontraíochta Cosanta.
- Táthar chun scéim nua tacaíochta fostaíochta a fhorbairt, a mbeidh ról díreach ag Óglaigh na hÉireann inti agus a bheidh dírithe ar dhaoine 18-24 bliana d'aois a bhféadfadh go mbeadh sé deacair dóibh murach sin éalú ó thimthriall an mhíbhuntáiste.

Tar éis gur foilsíodh an Páipéar Bán, aithníodh 88 dtionscadal le críochnú i gcaitheamh na tréimhse deich mbliana. Bunaíodh comhfhoireann shibhialta/mhíleata chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas forfheidhmithe.

## LEITHDHÁILEADH CAITEACHAIS CHAIPITIÚIL

I Meán Fómhair 2015, d'fhógair an Rialtas an Plean Caipitil don tréimhse 2016-2021. Leithdháileadh €437m breise ar Chosaint, a chuimsigh €65m breise thar an amfhráma seo. Beidh ról ríthábhachtach ag an maoiniú sin i gcinntiú go mbeifear in ann na tosaíochtaí a chomhlíonadh a aithníodh sa Pháipéar Bán, agus go bhféadann Óglaigh na hÉireann na róil a chomhlíonadh a shannann an Rialtas dóibh. Tá tábhacht faoi leith ag baint le fad an Phlean maidir le ceadú do phleanáil mheántéarmach straitéiseach atá ríthábhachtach sa timpeallacht Cosanta.

## RÁITEAS STRAITÉISE 2015-2017

De reir fhorálacha an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 agus tar éis comhchomhairle le raon de Ranna agus Ghníomhaireachtaí Rialtais, d'fhaomh an Rialtas Ráiteas Straitéise nua i Márta 2015 a chlúdaíonn an tréimhse 2015-2017.

Sa Ráiteas Straitéise sin cuirtear an creat straitéise ar fáil don Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann le haghaidh na tréimhse ó 2015-2017 agus is féidir breathnú air ar láithreán gréasáin an Roinn Cosanta (www.defence.ie).

## SAINCHEISTEANNA TRAS-RANNACHA

Tá gnéithe tábhachtacha tras-rannacha ag baint le hobair na hEagraíochta Cosanta. Tá ionadaithe ag oifigigh Roinne agus baill foirne Óglaigh na hÉireann ar roinnt grúpaí agus coistí idir-rannacha a dhéanann breithniú ar réimse saincheisteanna

trasghearrtha a mbíonn tionchar acu ar an Rialtas. Tugtar liosta de na Grúpaí a bhfuil ionchur ag an Eagraíocht Chosanta iontu in Aguisín 2 don tuarascáil seo.

## SLÁNDÁIL AGUS TACAÍOCHT INTÍRE

Murab ionann agus go leor náisiún eile, soláthraíonn Óglaigh na hÉireann réimse leathan d'aschuir sa bhaile, ar bhonn laethúil agus thar speictream leathan. Áirítear leo siúd gníomhaíochtaí mar thacaíocht don Gharda Síochána mar dualgais slándála aerfoirt a chur ar fáil, tionlacain phríosúnaigh agus diúscairt ordanáis phléascaigh. Áirítear leis freisin seirbhís cosanta iascaigh a sholáthar, seirbhís aerárthach othar a sholáthar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tacaíocht a thabhairt do na húdaráis sibhialta thar réimse leathan teagmhasachtaí lena n-áirítear cúnamh d'údaráis áitiúla le linn ghéarchéimeanna aimsire crua mar thuilte. Ina theannta sin, ar iarratas an Rialtais, tá Óglaigh na hÉireann freagrach as buangharda armtha a chur ar fáil i bhFoirgnimh an Rialtais agus i bPríosún Phort Laoise.

I dteannta leis an nGarda Síochána agus Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim déanann an tSeirbhís Chabhlaigh suas an Comh-Thascfhórsa ar Dhíchumasú Drugaí atá freagrach as támhshuanaigh mhídleathacha a dhíchumasú ar farraige.

Áit a gcuirtear seirbhísí ar fáil do Ranna Rialtais agus Ghníomhaireachtaí eile ar bhonn rialta, aontaítear ar shocrú foirmiúil mar Mheabhrán Tuisceana (MT) nó Comhaontú Seirbhíse (CS) leis an Eagraíocht Chosanta agus an comhlacht a bhfuil an tseirbhís á hiarraidh aige. Chabhraigh na MTanna agus na CSanna idir an Roinn agus ranna rialtais agus gníomhaireachtaí eile le freagairt bheartaithe agus éifeachtúil ag Óglaigh na hÉireann a éascú i staideanna éigeandála agus staideanna eile. Déantar athbhreithniú tréimhsiúil ar na comhaontuithe sin agus déantar nuashonrú orthu de réir mar a theastaíonn. Tá liosta de na MTanna agus na CSanna a bhí i bhfeidhm le linn 2015 ar fáil in Aguisín 3 don Tuarascáil seo.

Bhí comhaontú foirmiúil i bhfeidhm ag an Roinn Cosanta, a bhfuil deireadh tagtha leis, le Cónaidhm na mBaincéirí Éireannacha, agus a cuid ballbhanc, trína bhforáiltí go n-íocfadh na bainc leis an Roinn an costas eacnamaíochta iomlán arna dtabhú mar thoradh ar sholáthar thionlacain airgid faoi bhealach ag Óglaigh na hÉireann. D'íoctaí an costas arna thabhú i dtaobh gach tréimhse 12 mhíosa go dtí deireadh mhí na Nollag le linn na bliana dar gcionn. I 2015 fuarthas an íocaíocht as an tseirbhís a cuireadh ar fáil i 2014 agus bhí sé comhionann le €4.2 milliún. Cuireadh deireadh i mí na Samhna 2014 leis an riachtanas um thacaíocht Óglaigh na hÉireann don Gharda Síochána, mar Chúnamh don Chumhacht Shibhialta le haghaidh gnáth-thionlacain airgid faoi bhealach.

Ina theannta sin, cúitíonn an Roinn gach bliain an costas eacnamaíochta iomlán arna thabhú mar thoradh ar sheirbhísí tionlacain agus slándála a tugadh don Bhanc Ceannais sa bhliain roimhe sin. Ba é costas iomlán na seirbhíse i 2014 ná €1.3m agus fuarthas an méid sin ón mBanc Ceannais i 2015. Leanann Óglaigh na hÉireann ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do thionlacain faoi leith eile nuair a iarrtar orthu.

## AN OIFIG PLEANÁLA ÉIGEANDÁLA

Soláthraíonn Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála treoir straitéiseach agus comhordú ar phleanáil éigeandála. Tá sé déanta suas d'Airí agus/nó d'oifigigh shinsearacha ó gach Roinn Rialtais agus ó chomhlachtaí poiblí lárnacha. Bhí cúig chruinniú ag Tascfhórsa an Rialtais i 2015.

Tacaíonn an Oifig Pleanála Éigeandála (OPÉ) leis an Aire Cosanta ina ról mar Chathaoirleach Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála. Tá Pleanáil Éigeandála in Éirinn struchtúrtha ar phrionsabal na 'treoir-roinne', rud a chiallaíonn i gcás Roinn Rialtais atá freagrach as gníomhaíocht ar gnáthchúinsí go gcoimeádann sí an fhreagracht sin le linn móréigeandála, go háirithe éigeandálaí a théann i bhfeidhm ar an tír go léir. Chinn Tascfhórsa an Rialtais ag tús 2014 go raibh sé riachtanach creat náisiúnta a fhorbairt um bainistíocht éigeandála, chun cinntiú go mbeadh comhar uileghabhálach náisiúnta i bhfeidhm, agus chun róil agus freagrachtaí Ranna Rialtais a shainiú maidir leis an bhfreagairt náisiúnta ar éigeandálaí/ghéarchéimeanna ar leibhéal straitéiseach a chomhordú. I rith 2015, d'oibrigh foghrúpa den Tascfhórsa Force le príomhpháirtithe leasmhara chun creat náisiúnta nua a fhorbairt, a thógfaidh ar shocruithe náisiúnta atá ann cheana féin, agus a rachaidh in ionad na 'Treoirlínte Straitéiseacha um Pleanáil Éigeandála' agus na 'Treoirlínte chun Freagairt Éigeandála/Géarchéime Náisiúnta a Chomhordú'. Ullmhaíodh dréachtcreat tosaigh

agus cuireadh timpeall chuig an Tascfhórsa é le tráchta a fháill i rith 2015 agus tá obair ag dul ar aghaidh anois i dtreo dréacht deireanach a chríochnú, a meastar go dtógfar chuig an Tascfhórsa é le faomhadh agus le foilsiú i 2016.
I rith 2015, bhí teagmháil rialta ag an OPÉ le ballstáit eile an AE trína gcuid struchtúr um pleanáil éigeandála, leis an Ríocht Aontaithe ach go háirithe. Ina theannta sin d'fhreastail oifigigh ón OPÉ ar sheimeanáir agus imeachtaí oiliúna éagsúla. Roinn an OPÉ eolas ó na teagmhálaithe éagsúla sin trí mheán Thascfhórsa an Rialtais, go háirithe tríd na foghrúpaí a ndéanann sé cathaoirleacht orthu, maidir le raon leathan réimsí ar nós comhordú náisiúnta éigeandálaí a phleanáil, na meáin sóisialta a úsáid, saincheisteanna maidir le pleanáil éigeandála AE agus ECFE, go háirithe i ndáil le measúnuithe riosca náisiúnta.

Mar chuid de na ceanglais leanúnacha faoi Mheicníocht Cosanta Sibhialta an AE, ghlac an OPÉ ról ceannasach i gcomhordú an athbhreithnithe ar Mheasúnú Priacail Náisiúnta na hÉireann, agus cuireadh tús leis an obair air sin ag deireadh 2015.

Mar chuid de na hullmhúcháin bhliantúla don gheimhreadh, i Samhain 2015 sheol an tAire Cosanta, Turasóireachta agus Spóirt agus an tAire Stáit sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i dteannta a chéile Feachtas Eolais 'Bí Ullamh don Gheimhreadh' an Rialtais le haghaidh 2015-2016 san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí.

Is iad príomhchuspóirí an fheachtais 'Bí Ullamh don Gheimhreadh' ná cur chuige 'Rialtais Uile' a choimeád i dtreo ullmhúchán don gheimhreadh trí:

- comhairle phraiticiúil a thabhairt maidir le conas is fearr ullmhú don gheimhreadh;
- déanamh cinnte go bhfuil an pobal ar a n-eolas faoi cá háit ar féidir comhairle agus cabhair a fháil, má theastaíonn; agus
- dearbhú don phobal go bhfuil ullmhúcháin ar siúl agus go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun déanamh cinnte go dtabharfar freagairt chomhordaithe ar imeachtaí aimsire crua.

Choimeád an OPÉ feachtas eolais ar siúl ar Twitter le linn an gheimhridh chun cur leis an bhfeachtas 'Bí Ullamh don Gheimhreadh' agus chun tacú le feachtais eolais an phobail le linn na haimsire crua a tharla ag deireadh 2015. Is féidir an cuntas Twitter a leanúint ar **@emergencyIE** agus moltar don phobal páirt a ghlacadh sa chomhrá ag #**bewinterready.**

Baineadh úsáid as an Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí (INCÉ), a choimeádann an OPÉ ar ardleibhéal ullmhachta, le linn na bliana le haghaidh ceardlann, cleachtaí agus cruinnithe a bhain le pleanáil agus freagairt éigeandála. Baineadh úsáid as an INCÉ le haghaidh sraithe de chleachtaí agus chruinnithe de chuid an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (GNCÉ) i rith 2015.

Mar gheall ar na himeachtaí aimsire crua i mí na Nollag 2015, agus an méid báistí níos mó ná mar a bhí riamh, tharla tuilte troma ar fud na tíre. I rith na tréimhse sin, bhainistigh an GNCÉ (agus cathaoirleacht á déanamh air ar ag an Roinn Pobail, Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil a bhfuil an ról ceannasach aici d'imeachtaí den sórt sin) an freagairt ar leibhéal náisiúnta agus thug sé coimrí rialta do na meáin chumarsáide agus don rialtas. Leanadh ar aghaidh leis an bhfreagairt i 2016. D'fhreastail baill foirne ón OPÉ ar gach cruinniú agus thug siad comhairle agus ionchuir de réir mar a bhí ag teastáil.



## COSAINT AGUS SLÁNDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

Tá an comhthéacs um beartas slándála agus cosanta idirnáisiúnta na hÉireann sainithe ag ár ról polaitiúil agus oibriúcháin mar thacaíocht do na NA, ár ngealltanas chun Córas na Náisiún Aontaithe um Réidhe Chumais Síochánaíochta (CRCS) a thugtaí Córas Socruithe Fuireachais na Náisiún Aontaithe (United Nation Standby Arrangements System/UNSAS) air roimhe sin, ár rannpháirtíocht i gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an AE agus i gComhpháirtíocht na Síochána (Partnership for Peace/PfP) de chuid NATO.

Leagann Éire an-tábhacht ar na NA ó chuaigh sí leis an eagraíocht i 1955 agus, laistigh de na NA, tacaíonn sí le gníomh idirnáisiúnta éifeachtach i réimsí mar dhí-armú, choimeád na síochána, fhorbairt agus cearta daonna.

Cosnaíonn Éire i gcónaí príomhról na Comhairle Slándála i gcoimeád na síochána agus na slándála ar fud an domhain. Ag teacht leis an gcur chuige sin, coimeádann Éire i gcuimhne go bhfuil oibleagáid uirthi faoi Chairt na NA chun fórsaí armtha, cúnamh agus áiseanna, a chur ar fáil don Chomhairle Slándála, chun cur le coimeád na síochána agus na slándála ar fud an domhain. Léirítear é sin i rannpháirtíocht leanúnach na hÉireann in oibríochtaí síochánaíochta, faoi shainordú nó faoi údarás na Comhairle Slándála, ó 1958.

Tá beartas de neodracht mhíleata ag Éirinn le fada an lá. Níor chuir sé sin teorainn riamh, áfach, le húsáid na cosanta mar uirlis oiriúnach beartais idirnáisiúnta i gcomhthéacs na NA agus i gcomhthéacs bhallraíocht an Aontais Eorpaigh ag féachaint chuig forálacha Chonarthaí an AE.

Le blianta beaga anuas, tá athrú tríd is tríd tagtha ar thimpeallacht na síochánaíochta agus tá méadú tagtha ar oibríochtaí síochánaíochta ó thaobh méid, castachta agus daingne. Tá na NA ag brath níos mó de réir a chéile ar eagraíochtaí agus shocruithe réigiúnacha (m.sh. an tAE, NATO, an tAontas Afracach) chun oibríochtaí a sheoladh agus a bhainistiú thar a gceann agus faoina n-údarás. I dteannta leis an timpeallacht athraitheach sin, tá an tAE sa lá atá inniu ann ag glacadh ról méadaitheach laistigh de réimse na slándála idirnáisiúnta trí fhorbairt agus fhorás an CBSC, a dhéantar a fhormhíniú faoi Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh.

## COMHBHEARTAS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA (CBSC)

Tá an CSBC mar chuid lárnach den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála, a chuimsíonn oibleagáidí idirnáisiúnta an AE chun síocháin agus slándáil a choimeád ar fud an domhain. Is í príomhfheidhm an CBSC ná acmhainn oibriúcháin a thabhairt don Aontas chun tabhairt faoi oibríochtaí tacaíochta síochána, oibríochtaí um chosc na coinbhleachta agus bainistíochta géarchéime lasmuigh de chríoch na mBallstát.

I dteannta le cúraimí míleata, tá gné mhór shibhialta agus dhaonnúil ag baint leis. Chuige sin tá raon cuimsitheach d'ionstraimí eacnamaíochta, daonnúla, taidhleoireachta, polaitiúla agus míleata ar fáil don AE ar féidir leis a úsáid chun dul i bhfeidhm ar an gclár oibre slándála idirnáisiúnta. Glacann Éire páirt sa CBSC laistigh de chreat ár ngealltanais chun tosaíocht na Náisiún Aontaithe maidir le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a choimeád. Ar bhunús fhorálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach, mar atá leasaithe ag Conradh Liospóin, leanann Éire ar aghaidh ag glacadh páirte i bhforbairt leanúnach ar chumais an AE um bainistíocht géarchéime míleata agus sibhialta faoin CBSC. I rith 2015, d'oibrigh an Eagraíocht Chosanta sa réimse sin i dteannta le comhghleacaithe ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Ní leagtar oibleagáid ar aon Bhallstát chun páirt a ghlacadh in aon oibríocht AE de thoradh rannpháirtíochta sa CBSC. Maidir le himscaradh trúpaí agus comhaltaí pearsanra nó an gealltanas chun ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh fágtar faoi gach Ballstát cinneadh a dhéanamh ar an ábhar sin, agus is de réir a chuid próiseas cinnteoireachta náisiúnta féin a dhéantar an cinneadh. Ina theannta sin, déantar cinntí ag an AE ina iomlán i réimse na Cosanta ar bhonn na haontoilíochta agus ní fhéadfar aon oibríocht a sheoladh gan fhaomhadh aontoilíoch gach Ballstáit.

## FORBAIRT AN BHEARTAIS CHOSANTA IDIRNÁISIÚNTA

I rith 2015 reáchtáladh ceithre chruinniú aireachta - dhá chruinniú foirmiúla de Chomhairle an AE um Ghnóthaí Eachtracha le hAirí Cosanta agus dhá chruinniú neamhfhoirmiúla d'Airí Cosanta. Bhí ionadaithe ag Éirinn ag na cruinnithe sin go léir. Freisin reáchtáladh ceithre chruinniú de Stiúrthóirí Beartais Chosanta a raibh ionadaíocht ag Éirinn acu freisin. Reáchtáladh cruinnithe na Stiúrthóirí Beartais chun ullmhú do na cruinnithe aireachta agus dá bharr sin bhí na cláir oibre cosúil lena chéile. Ina theannta sin, reáchtáladh dhá chruinniú le haghaidh CCanna (Cinn Chosanta) NATO (Eanáir agus Bealtaine) agus dhá chruinniú le haghaidh CCanna an AE (Bealtaine agus Samhain) i 2015. Freisin reáchtáladh cruinniú de chuid CCanna na NA den chéad uair riamh, ar an 26 agus an 27 Márta 2015.

Coimeádann Éire caidreamh déthaobhach le tíortha eile ar leibhéal beartais agus oibriúcháin, agus bíonn cruinnithe foirne rialta ag Óglaigh na

hÉireann le hairm eile chun eolas agus taithí a mhalartú. I rith 2015, reáchtáladh tuairim is 20 cruinniú déthaobhach le raon de Bhallstáit AE agus le heagraíochtaí eile, mar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, na NA agus NATO.

## MEABHRÁN TUISCEANA LEIS AN RA

Ar an 19 Eanáir 2015, shínigh an tAire Cosanta agus a chomhpháirtí sa RA Meabhrán Tuisceana (MT) idir an Roinn Cosanta, Éire agus Aireacht Cosanta an Ríochta Aontaithe maidir le feabhas a chur ar chomhpháirtíocht dhéthaobhach i ndáil le gnéithe áirithe de chomhar slándála agus cosanta.

Tógann an MT san áireamh ábhair mar thraenáil fórsaí míleata; cleachtaí agus oideachas míleata; malartú tuairimí faoi Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an AE; comhróil fhéideartha in Oibríochtaí Bainistíochta Géarchéime na NA; comhthionscnaimh soláthair; cur le chéile agus roinnt acmhainní; an deis baill foirne a mhalartú; roinnt eolais agus comhróil i Leasú na hEarnála Slándála agus i bhforbairt acmhainne in ionaid ghéarchéime.

Cabhróidh an MT agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann leis le comhthuiscint níos fearr a fhorbairt ar na ceisteanna beartais a thacaíonn lenár gcuid gníomhartha faoi seach agus le rannpháirtíocht i socruithe iltaobhacha um chomhróil fhéideartha sna NA. Tugann sé deiseanna um níos mó comhoibre mar thacaíocht do shíocháin agus shlándáil idirnáisiúnta. Freisin méadóidh sé na deiseanna um níos mó comhról in oibríochtaí síochánaíochta na NA.

Le síniú an MT cuirtear na socruithe comhoibrithe atá ann cheana féin i réimse na Cosanta idir Éire agus an RA ar bhonn níos foirmiúla, agus meas á thabhairt ar sheasaimh bheartais agus socruithe slándála difriúla an dá Stáit.

## COMHAIRLE NA HEORPA, MEITHEAMH 2015.

Ag Comhairle na hEorpa ar an 25 agus 26 Meitheamh 2015, glacadh le conclúidí faoi Shlándáil agus Chosaint. De réir conclúidí roimhe sin ó mhí na Nollag 2013 agus chonclúidí na Comhairle um Ghnóthaí Eachtracha i mBealtaine 2015, d'athnuaigh Cinn Stáit agus Rialtais a ngealltanas chun CBSC a fhorbairt a bheadh níos éifeachtaí, níos sofheicthe agus dírithe níos mó ar thorthaí. Leag siad béim ar an ngá le cumais sibhialta agus mhíleata araon a fhorbairt agus neartú a dhéanamh ar chumas thionscail na hEorpa na cumais sin a sheachadadh le húsáid i CBSC.

Chuimhnigh Cinn Stáit agus Rialtais go raibh gá le Ballstáit leibhéal dóthanach caiteachais a leithdháileadh le haghaidh cosanta agus dóthain cistí a chur ar fáil i mbuiséad an AE do thaighde maidir leis an CBSC. Leagadh béim sna conclúidí freisin ar an ngá le huirlisí an AE a chur i ngníomh chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha agus chun comhpháirtíochtaí a threisiú idir an AE agus eagraíochtaí réigiúnacha mar na NA, OSCE, an tAontas Afracach agus NATO.

I bhfianaise na n-athruithe ar an timpeallacht idirnáisiúnta, thug Comhairle na hEorpa sainordú d'Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála/ Leasuachtarán an Choimisiúin Eorpaigh (HRVP) straitéis dhomhanda nua don AE a ullmhú maidir le beartas eachtrach agus slándála i ndlúthpháirt leis na Ballstáit. Rachfaidh an straitéis seo in ionad Straitéis Slándála na hEorpa 2003 agus tá sé bheith tugtha chun críche faoi Mheitheamh 2016. Rinneadh foráil freisin i gConclúidí na Comhairle go gcoimeádfaidh Comhairle na hEorpa an beartas slándála agus cosanta ar a clár oibre go rialta.

Tá baill d'Óglaigh na hÉireann imscartha faoi láthair in dá hoibríocht mhíleata CBSC an AE, is iad sin ná Fórsa an Aontais Eorpaigh (EUFOR)–An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (BiH) agus Misean Traenála an Aontais Eorpaigh (EUTM Mhailí). Is féidir níos mó eolais faoi na misin a fháil i gCuid 3: Aschuir Oibriúcháin Óglaigh na hÉireann

## AN CATHGHRÚPA NORDACH 2015

Léiríonn rannpháirtíocht i gCathghrúpaí an AE go bhfuil Éire tiomanta chun cumais an AE a fhorbairt i réimse na bainistíochta géarchéime agus cuireann sé lenár n-inchreidteacht fhoriomlán san Aontas. Cuireann rannpháirtíocht ghníomhach na hÉireann i gCathghrúpaí an AE lenár gcumas tionchar láidir a bheith againn ar fhorbairt leanúnach chumas mearfhreagartha an AE, go háirithe an ról a fhéadann Cathghrúpaí a ghlacadh maidir le hoibríochtaí "blue-hat" na NA, i gcomhréir leis na tuairimí a cuireadh in iúl ag Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe a thacaíonn go mór le forbairt Chathghrúpaí AE chuige sin. Tacaíonn sé freisin le forbairt scileanna agus cumas um imscaradh tapa in Óglaigh na hÉireann, i dteannta

le comhinoibritheacht fheabhsaithe le Stáit den mheon céanna.

Tá rannpháirtíocht i gCathghrúpa ag teacht go hiomlán le beartas traidisiúnta neodrachta míleata na hÉireann agus lenár seasamh náisiúnta.

Ghlac Éire páirt sa Chathghrúpa i 2015, a bhí ar fuireachas ar feadh na chéad sé míosa den bhliain. Bhí an Cathghrúpa Nordach déanta suas de na tíortha seo a leanas: an tSualainn a bhí ag gníomhú mar Chreatnáisiún, an Iorua, an Eastóin, an Liotúáin, Laitvia agus Éire. Ba é ról na hÉireann sa Chathghrúpa ná Complacht Faisnéise, Faireachais, Fáil Targaidí (ISTAR) a bhí déanta suas de ghné ceannais agus rialaithe, baill foirne Chomhplachta agus Tacaiocht Seirbhíse Comhraic (180 ball foirne san iomlán). Toisc nár imscaradh an Cathghrúpa, áfach, ba é líon na gcomhaltaí pearsanra a bhí rannpháirteach suas go dtí an tréimhse fuireachais agus lena linn ná dhá bhall foirne déag. Bhí na comhaltaí pearsanra sin, oifigigh foirne agus oifigigh neamhchoimisiúnaithe go príomha, i mbun ghniomhaíochtaí traenála agus pleanála, agus sheirbheáil siad i gceapacháin agus i bpoist éagsúla, sa Cheanncheathrú Oibriúcháin agus i gCeanncheathrú an Fhórsa.

## COSAINT SHIBHIALTA

Is í an Roinn Cosanta a leagann amach an beartas ar Chosaint Shibhialta ar leibhéal náisiúnta. Déanann Brainse Cosanta Sibhialta na Roinne bainistíocht agus forbairt ar an eagraíocht ar leibhéal náisiúnta. Ar leibhéal áitiúil bíonn Cosaint Shibhialta bunaithe i ngach ceantar údaráis áitiúil faoi cheannas oibriúcháin an údaráis áitiúil ábhartha. Ar bhonn laethúil oibríonn na hAonaid sin faoi cheannas Oifigeach Cosanta Sibhialta, ar fostaí de chuid an údaráis áitiúil iad.

Tá traenáil agus oibríochtaí Cosanta Sibhialta maoinithe ag meascán de dheontas lárnach ón Roinn Cosanta agus ranníocaíocht ón údarás áitiúil ábhartha ar bhonn 70/30 faoi seach.

Chomh maith le cúnamh deontais agus comhairle agus tacaíocht bheartais, cuireann an Roinn tacaí eile ar fáil d'aonaid áitiúla Cosanta Sibhialta mar thraenáil lárnach do theagascóirí áitiúila i gcóras "cuir oiliúint ar an oiliúnóir" tríd an gColáiste Cosanta Sibhialta. Freisin soláthraíonn an Roinn feithiclí, éidí agus trealamh cosanta pearsanta do shaorálaithe chomh maith le raon leathan de threalamh eile d'údaráis áitiúla. I 2015, thug an Roinn cuid mhór maoinithe do Chosaint Shibhialta agus baineadh úsáid as sin chun feithiclí nua a sholáthar in ionad cuid de na seanfheithiclí.



## CUMANN CROISE DEIRGE NA HÉIREANN

Leis an Acht um Chumann Croise Deirge na hÉireann, 1938 déantar foráil, trí hOrdú Rialtais, um Chumann Croise Deirge náisiúnta. De bhun an Achta seo, bunaíodh an Cumann leis an Ordú um Chumann Croise Deirge na hÉireann 1939, inar leag an Rialtas amach an bunús ar a ndéantar an Cumann a riar. Foráiltear leis an Ordú, mar atá leasaithe, go gcleachtfaidh Comhthionól Ginearálta an Chumainn cumhachtaí an Chumainn, go n-eagróidh sé an Cumann agus go ndéanfaidh sé bainistíocht ar a chuid gnóthaí. Cé gur comhlacht corpraithe carthanach neamhspleách é Cumann na Croise Deirge in Éirinn atá freagrach as a chuid gnóthaí inmheánacha féin a láimhseáil, is gnách go ndéanann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais urraíocht ar reachtaíocht Chumann na Croise Deirge agus go dtógann an tAire Cosanta chuig an Rialtas í.

I Samhain 2015, d'fhaomh an Rialtas Scéim Ghinearálta Bille um Chumann Croise Deirge agus ina dhiaidh sin cuireadh faoi bhráid Oifig na nDréachtóirí Parlaiminite é le dréachtú. Déantar foráil sa Bhille do neamhspléachas Chumann Croise Deirge na hÉireann, agus foráiltear freisin, de réir ghealltanais an Stáit faoi Choinbhinsiúin na Ginéive, do chosaint an Chumainn náisiúnta agus do shuaitheantais Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg. Má achtaítear an Bille, déanfaidh sé leasú agus comhdhlúthú ar an gcreat rialála atá i bhfeidhm faoi láthair do Chumann Croise Deirge na hÉireann atá déanta suas de na hAchtanna um

Chumann Croise Deirge 1938 agus 1954 agus an reachtaíocht choimhdeach thánaisteach go léir.

Tugann an Roinn Cosanta deontas bliantúil i gcabhair don Chumann a chuirtear i dtreo na gcostas tuarastail agus na gcostas riaracháin as ceanncheathrú an Chumainn a rith. Ba ionann an deontas i 2015 agus €869,000 agus bhí €130,000 as sin déanta suas de ranníocaíocht bhliantúil an Rialtais do Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

# CUID 2: CINNTIÚ GUR FÉIDIR LINN BEART A DHÉANAMH DE RÉIR ÁR MBRIATHAIR

## LÍON FOIRNE ÓGLAIGH NA HÉIREANN, TRAENÁIL AGUS TREALAMH

Ní mór don Eagraíocht Chosanta raon leathan cumas a choimeád agus a fhorbairt chun cinntiú go bhféadann sí na haschuir riachtanacha a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tá coimeád agus forbairt na gcumas míleata a theastaíonn chun aschuir oibriúcháin a sheachadadh tacaithe ag an gcumas raon leathan de chúraimí bainistíochta a chomhlíonadh a chuimsíonn; pleanáil, bainistíocht airgeadais, bainistíocht acmhainní daonna agus caidrimh thionsclaíoch, iniúchóireacht, bainistíocht ábhar dlí, soláthar, TFC agus bainistíocht eastát. Déantar comhiarracht ar fud na hEagraíochta Cosanta, idir an eagraíocht shibhialta agus mhíleata, chun cinntiú go gcoimeádann an Stát cumais mhíleata oiriúnacha chun na róil arna sannadh ag an Rialtas a chomhlíonadh go héifeachtach. I bhfianaise an mhéid sin, tugtar tuairisc sa chuid seo den tuarascáil ar fhorbairtí bainteacha le linn 2015.


## LÍON FOIRNE ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Tá Óglaigh na hÉireann eagraithe ar nós ghnáthairm arm-uilig a thugann struchtúr atá solúbtha go leor chun na róil go léir a chomhlíonadh a shannann an Rialtas dó. Tá Óglaigh na hÉireann déanta suas de na Buan-Óglaigh (PDF) agus de na hÓglaigh Chúltaca (RDF).

## LÍON FOIRNE NA MBUAN-ÓGLACH

Tá na Buan-Óglaigh déanta suas den Arm, den Aerchór agus den tSeirbhís Chabhlaigh. Ba é líon foirne an PDF ar an 31 Nollaig 2015 ná 9,140 comhalta pearsanra a bhí déanta suas de 7,309 san Arm, 748 san Aerchór agus 1,083 sa tSeirbhís Chabhlaigh (féach figiúir 2.1 thíos). Oibríodh na figiúir do líon foirne amach ar bhonn an líon iarbhír a bhí ag seirbheáil ar an dáta sin, agus gan na baill sin a áireamh atá ar shosanna gairme, nó ar iasacht d'eagraíochtaí eile agus á n-íoc acu.

*Figiúr 2.1 Líon Foirne Óglaigh na hÉireann (PDF) ar an 31 Nollaig 2015*





## NA HÓGLAIGH CHÚLTACA


Tá an RDF déanta suas de Chúltaca Céad Líne (CCL), de Chúltaca an Airm (CA) agus de Chúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh (CSC). Foráiltear sa Pháipéar Bán gurb é príomhról na n-Óglach Cúltaca (RDF) ná an PDF a mhéadú i gcásanna géarchéime, agus páirt a ghlacadh i searmanais Stáit.. Tá an RDF eagraithe taobh leis an PDF anois i Struchtúr Fórsa Shingil. Ar bhonn laethúil, tógann Cúltaca an Airm (CA) agus Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh (CSC) faoi thraenáil chun ullmhú i gcomhair cabhrú leis an PDF, nuair a theastaíonn.

Tá an CCL déanta suas d'iarchomhaltaí pearsanra ón PDF. Ba é líon foirne substaintiúil an CCL ar an 31 Nollaig 2015 ná 240 comhalta pearsanra. I bhFigiúr 2.2 tugtar miondealú ar na figiúir idir an tArm, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh agus i bhfigiúr 2.3 tugtar miondealú ar líon foirne éifeachtach an CA agus an CSC a bhí comhionann le 2,800 ball foirne san iomlán ar an 31 Nollaig 2015.

*Figiúr 2.2 Líon Foirne an CCL ar an 31 Nollaig 2015*




*Figiúr 2.3 Líon foirne an CA agus an CSC ar an 31 Nollaig 2015*




## EARCAÍOCHT PDF

Ionduchtaíodh 406 comhalta pearsanra san iomlán sa PDF i rith 2015, earcaíodh 307 díobh siúd i gceapacháin líne agus earcaíodh an chuid eile mar speisialtóirí mar Phrintísigh Aerárthaigh Aerchóir, Meicneoirí agus Printísigh i Seomra Innealra na Seirbhíse Cabhlaigh, Daltaí, Oifigh Mhíochaine, Ionstraimithe agus Stiúrthóir i Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann.

*Tábla 2.1 Ionduchtú chun na mBuan-Óglach i 2015*


| Catagóir | Líon |
|---|---|
| Earcaíocht Seirbhíse Ginearálta | 307 |
| Printísigh an Aerchóir | 24 |
| Meicneoirí na Seirbhíse Cabhlaigh | 5 |
| Daltaí | 49 |
| Oifigeach Liachta | 1 |
| Ionstraimithe DFSM | 19 |
| Stiúrthóir DFSM | 1 |
| **Iomlán** | **406** |

## EARCÚ AGUS COIMEÁD NA MBAN SNA BUAN-ÓGLAIGH

Tá an Rialtas tiomanta chun beartas comhdheiseanna le haghaidh fear agus ban ar fud Óglaigh na hÉireann agus chun rannpháirtíochta iomláine ag mná i ngach gné de ghníomhaíochtaí Óglaigh na hÉireann. Tugann Óglaigh na hÉireann tacaíocht do chomhionannas deiseanna do mhná agus d'fhir i ngach gné dá gcuid seirbhíse. Bíonn gach ardú céime agus cúrsa gairme oscailte do mhná agus d'fhir araon ar bhonn buanna. Ábhar bróid d'Óglaigh na hÉireann é go gcuireann siad timpeallacht oibre ar fáil a cheadaíonn comhionannas deiseanna do gach comhalta pearsanra. Cuirtear gach rang ar a n-eolas i gcónaí faoi bheartais maidir le comhionannas agus tá an Eagraíocht Chosanta tiomanta chun déanamh cinnte go nglactar cur chuige réamhghníomhach i dtreo earcaíocht agus choimeád na mban in Óglaigh na hÉireann.

I bhFigiúr 2.4 léirítear líon na mban ag seirbheáil in Óglaigh na hÉireann le deich mbliana anuas.

*Figiúr 2.4 Mná ag seirbheáil sa PDF 2006 - 2015*




## FORBAIRT GAIRME

I rith 2015, tar éis comórtas le haghaidh ardú céime don rang Sáirsint agus do ranganna níos airde oifigeach neamhchoimisiúnaithe (OCN) tugadh ardú céime do 255 comhalta pearsanra san Arm, tugadh ardú céime do 20 san Aerchór agus do 60 sa tSeirbhís Chabhlaigh. Ag rang Ceannaire tugadh ardú céime do 207 ar fud Óglaigh na hÉireann, rud a chiallaíonn go ndeachaigh 4.8% den líon foirne liostaithe ar aghaidh go céim níos airde.

Tionóladh ceithre cinn déag de bhoird ardaithe céime i 2015 chun folúntais Oifigigh a líonadh a tháinig chun cinn in Óglaigh na hÉireann. Ghlac na boird ardaithe céime cur chuige bunaithe ar chumas chun iarrthóirí a mheas d'fholúntais Mhaorghinearáil agus Briogáidire-Ghinearáil. Tá cuir chuige bunaithe ar inniúlacht á gcur ar aghaidh anois le haghaidh gach chomórtas oifigigh eile.

## TRAENÁIL ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Is é príomhchúram Óglaigh na hÉireann fós, nuair nach mbíonn siad i mbun oibríochtaí, ná traenáil agus oideachas. Is é príomhchuspóir na traenála ná cumais mhíleata a fhorbairt agus a choimeád. Déanann Óglaigh na hÉireann oideachas comhaltaí pearsanra a chur chun cinn le haghaidh an chumas oibriúcháin fheabhsaithe a thógann siad chun bheith in ann freagairt a thabhairt i gcónaí ar thimpeallachtaí athraitheacha. Dá bharr sin, tá traenáil agus oideachas fós ag croílár an fhorbairt cumas agus tá siad fós ina ngnéithe lárnacha de na cúig cholún sa Chreat Cumas Cosanta.



## ASCHUIR TRAENÁLA AGUS OIDEACHAIS

I 2015, rinne Brainse Traenála agus Oideachais Óglaigh na hÉireann maoirseacht ar phleanáil, stiúradh agus riar 44 chúrsa teagascóra, 1,546 cúrsa scileanna agus 38 gcúrsa gairme (lena n-áirítear 19 gCúrsa um Dhul Chun Cinn Príomhghairme). Rinne 20,755 dalta 1,628 cúrsa i rith 2015.

Lean an RDF ar aghaidh ag ullmhú agus ag traenáil

chun an PDF a mhéadú i gcás géarchéime. Díríodh i 2015 ar leanúint ar aghaidh ag cur i bhfeidhm Choincheap an Fhórsa Aonair agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air. Coimeádadh an maoiniú a bhí ar fáil le haghaidh thraenáil RDF i 2015 ar leibhéal a thacódh leis an traenáil bheartaithe. Bhain 1,475 Cúltacaire leas as 22,548 lá foirne chun tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil trí mheán chúrsaí gairme ar gach leibhéal lenar áiríodh traenáil earcaithe, cúrsaí scileanna, seimeanáir ar fhorbairt ghairmiúil leantach agus rannpháirtíocht i gcleachtaí comhtháite.

Éascaítear dul chun cinn gairme in Óglaigh na hÉireann tríd na cúrsaí gairme ábhartha a dhéanamh. I rith 2015, rinne 413 ball foirne san iomlán 19 gcúrsa um dhul chun cinn gairme thar raon réimsí de réir Tábla 2.2 thuas.

*Tábla 2.2 – Cúrsaí um Dhul chun Cinn Príomhghairme a Rinneadh (an RDF san áireamh)*

| Teideal an Chúrsa | Cúrsaí | Daltaí |
|---|---|---|
| OCN Féideartha (SC) | 1 | 22 |
| OCN Féideartha (SC) | 1 | 30 |
| OCN Féideartha (An tArm) | 3 | 58 |
| Cúrsa Cuntasaíochta Loighistice | 1 | 20 |
| Cúrsa Caighdeánach OCN (SC) | 1 | 29 |
| Cúrsa Caighdeánach OCN (Gach Cór) | 3 | 50 |
| Cúrsa Caighdeánach OCN (SC) | 2 | 106 |
| Cúrsa d'OCNanna Sinsearacha (SC) | 1 | 29 |
| Cúrsa d'Oifigigh Óga (Gach Cór) | 3 | 29 |
| Ceannas na Ceannasaíochta Sóisearaí agus Foirne | 1 | 17 |
| Cúrsaí Oibríochtaí Ceannais Sóisearaigh (CS) | 1 | 4 |
| Ceannas na Ceannasaíochta Sóisearaí agus Foirne | 1 | 19 |
| **Iomlán** | **19** | **413** |

Ina theannta sin, leanadh ar aghaidh ag tabhairt tosaíocht uathúil do Thraenáil Ionduchtúcháin i rith na bliana traenála. Sular tosaíodh gach cúrsa, rinne Oifigigh agus baill foirne traenála OCN an Cúrsa Ionduchtaithe agus Traenáil Réamhchúrsa" le haghaidh Teagascóirí, arbh cúrsa riachtanach é. Chabhraigh sé sin le tabhairt faoi na dúshláin a bhain le traenáil earcaithe/ionduchtúcháin. Mar atá leagtha amach i dtábla 2.3 thíos, cuireadh traenáil ar 669 earcaí ar fud an Airm agus na Seirbhíse Cabhlaigh i rith na bliana.

*Tábla 2.3 – Traenáil Ionduchtúcháin Earcaithe*

| | PDF | RDF | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 1ú Briogáid | 125 | 110 | 235 |
| 2ú Briogáid | 79 | 20 | 99 |
| Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann | 41 | 40 | 81 |
| An tSeirbhís Chab-hlaigh | 44 | - | 44 |
| **IOMLÁN** | **289** | **170** | **459** |

## COMHTHRAENÁIL

Trí mheán comhthraenála déantar fórsaí comhraic comhtháite as fo-aonaid, aonaid agus eagair. Sa dara leath de 2014, thosaigh Óglaigh na hÉireann ag cur feabhais ar a gcuid éifeachtacht oibriúcháin trí mhéid agus raon feidhme na comhthraenála agus na gcomhchleachtaí a dhéanamh níos mó. Leanadh ar aghaidh leis an bpróiseas in i 2015. D'fhorbair Brainse Traenála agus Oideachais Óglaigh na hÉireann spriocanna agus cuspóirí cleachtaidh do dhá chleachtadh ar leibhéal Chathlán Óglaigh na hÉireann a rinne an 1ú Briogáid agus an 2ú Briogáid ar feadh trí seachtaine. I gcomhréir le Coincheap an Fhórsa Aonair, rinneadh baill den RDF a chuimsiú sna haonaid rannpháirteacha. Mar atá leagtha amach i dtábla 2.4 thíos, ghlac 980 trúpa san iomlán páirt sna cleachtaí sin, a raibh ina measc 94 thrúpa RDF; is ionann sin agus 10% den líon iomlán a rinne cleachtaí.

*Table 2.4 – Cleachtaí ar Leibhéal Óglaigh na hÉireann*

| | PDF | RDF | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 1ú Briogáid | 474 | 60 | 534 |
| 2ú Briogáid | 412 | 34 | 446 |
| **IOMLÁN** | **886** | **94** | **980** |

## TRAENÁIL THAR LEAR

Rinne an Brainse Oiliúna agus Oideachais i gcomhpháirt le Coláiste an Airm i rith 2015 comhordú ar stiúradh Thraenáil Réamhimscartha a bhí riachtanach le haghaidh aonad agus daoine aonair arna n-imscaradh chuig misin thar lear, lenar áiríodh UNIFIL, UNDOF, an Misean Tacaíochta Diongbháilte (MTD) agus EUTM Mailí. Ina theannta sin, reáchtáladh ceithre Chleachtadh Réidhe Misin le haghaidh imscarthaí móra trúpa chuig UNIFIL

agus UDOF ar ghlac 600 trúpa páirt iontu roimh imscaradh chuig ceantair mhisin faoi seach.



## AN CLÁR UM CHEANNAIREACHT, BAINISTÍOCHT AGUS STAIDÉAR COSANTA

I rith 2015, leanadh ar aghaidh ag déanamh forbartha ar an gClár um Cheannaireacht, Bainistíocht agus Staidéar Cosanta (CBSC). Ar an 5 Samhain 2015, bhronn Institiúid Teicneolaíochta (IT) Cheatharlach gradaim ar 184 ball foirne, a bhí déanta suas de 88 a ghnóthaigh Teastas Ardleibhéil i CBSC (Leibhéal 6), 43 a ghnóthaigh Mionghradam (Leibhéal 7) i CBSC, agus 53 ar bronnadh BA (CBSC) (Leibheál 7) orthu. Tógann sé sin méid na ndaoine ar bhronn IT Cheatharlach gradaim orthu faoin gClár CBSC ó tionscnaíodh i 2012 é go 591. Leananann Ceall Creidiúnaithe oifig Chláraitheoir Óglaigh na hÉireann ar aghaidh ag cur chun cinn thairbhí an Chláir i measc saighdiúirí, mairneálaithe agus eitleoirí chun iad a tharraingt chuig an gclár CBSC. I 2015, tháinig méadú go tuairim is 2,000 ar líon na gcomhaltaí pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann a bhfuil an clár déanta acu. Bhronn OÉ Mhá Nuad 22 Ghradam Sainchuspóra ar Leibhéal 7 (CBSC) maidir le Traenáil Daltaí, seacht nArd-Dioplóma (Ceannaireacht, Cosaint agus Staidéar Comhaimseartha) maidir leis an gCúrsa Ceannasaíochta Sóisearaí & Foirne agus 21 MA (CBSC) maidir leis an gCúrsa Ceannasaíochta Sinsearaí & Foirne. Ag an am céanna, bhronn Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann gradaim Bainistíochta Ceannaireachta agus Staidéar Cabhlaigh ar Leibhéal 6 ar 33 chomhalta pearsanra, agus ar Leibhéal 7 ar 12 chomhalta pearsanra.

## CEANNACHÁIN TREALAIMH CHOSANTA AGUS MÓRTHREALAIMH EILE

I bhfianaise an laghdú ar an méid acmhainní atá ar fáil don Eagraíocht Chosanta le blianta beaga anuas, rinneadh cinnte trí mheán próiseas láidir um measúnú agus soláthar a chur i bhfeidhm i ndáil le ceannach trealaimh agus cláir chothabhála/ uasghrádaithe go bhfuil rochtain fós ag Óglaigh na hÉireann ar threalamh nua-aimseartha. Coinníodh leis an díriú sin i 2015 agus rinneadh anailís leanúnach ar chaiteachas trealaimh chun déanamh cinnte go bhfuil sé seo nasctha le tosaíochtaí cumais. Díríodh ach go háirithe ar chinntiú go bhfuil trealamh nua-aimseartha agus éifeachtach ar fáil d'oibríochtaí thar lear, mar atá amhlaidh maidir le himscaradh UNIFIL sa Liobáin agus imscaradh UNDOF sa tSiria.

Cheadaigh an soláthar buiséid le haghaidh 2015 raon de threalamh cosanta tosaíochta a fháil ar nós Trealamh Cosanta Fórsa, Trealamh um Ghlanadh Mianach, Meaisínghunnaí Troma 12.7mm, an t-uasghrádú leanúnach ar na róbait HOBO um Dhúscairt Ordanáis Phléascaigh (DOP), Córas nua um Rialú Lámhach Moirtéir, uasghrádú ar an gCóras RBS 70 Diúracán Dromchla go hAer, ceannach roinnt trucailí armúrtha DOP agus críochnú Chlár Tiontaithe le haghaidh naoi bhfeithicil Mowag Piranha III le suiteáil Stáisiún Kongsberg um Chianairm. Freisin cheadaigh an soláthar cineálacha muinisin a fháil a bhí ag teastáil chun stoic a choimeád agus na riachtanais traenála agus na riachtanais thar lear i rith na bliana á gcoimeád i gcuimhne. I 2015 fuarthas Tochaltóir Innealtóireachta Amrúrtha Ardghluaiseachta, agus rinneadh cumas Innealtóir Sainchuardaigh agus Réitigh Óglaigh na hÉireann (ISCR) a fheabhsú níos mó nuair a fuarthas feithiclí cianoibrithe Minewolf agus feithiclí cuardaigh MAN HX 60. Freisin rinneadh uasghrádú ar Threalamh Cosanta Pearsanta do na foirne ISCR.

Leanadh ar aghaidh ag fáil nithe iompair i 2015. Ba iad na príomhnithe a fuarthas ná trí chabán fonnaidh Ford Transit, 23 charr salúin, 33 charr cúlhaiste, trí fheithicil Mitsubishi Pajero, trí mhionbhus Ford Transit, ceithre veain, dhá tharracóir agus dhá leantóir, agus dhá lomaire tiomána. Chomh maith leis sin, cuireadh maoiniú ar fáil ar bhonn leanúnach um chothabháil riachtanach ar fheithiclí i bhflít iompair an airm, sa bhaile agus thar lear.

Leanadh ar aghaidh i 2015 le Clár na Seirbhíse Cabhlaigh um Athsholáthar Long nuair a rinneadh an dara hÁrthach Patróil Amach ón gCósta (APAC), an LÉ James Joyce a sheachadadh agus a choimisiúnú i Meán Fómhair 2015. Rinneadh é sin tar éis sheachadadh an chéad APAC nua, an LÉ Samuel Beckett, i 2014. Tá tríú APAT, a dtabharfar an LÉ William Butler Yeats air, le seachadadh i lár 2016. Clúdaítear na costais as na hárthaigh nua sin a fháil faoi leithdháileadh an Vóta Cosanta. I dteannta le seachadadh trí loinge nua, tá socruithe á ndéanamh chun díchoimisiúnú a dhéanamh ar na longa is sine i bhflít na Seirbhíse Cabhlaigh atá tagtha chun deireadh a saolré úsáidigh - tá an LÉ Emer agus an LÉ Aoife díchoimisiúnaithe cheana féin, agus déanfar an LÉ Aisling a dhíchoimisiúnú i 2016. Trí mheán na hárthaigh nua nua-aimseartha sin a fháil, chomh maith le próiseas leanúnach athchóirithe agus deisiúcháin, déanfar cinnte go gcoimeádfar cumas oibriúcháin na Seirbhíse Cabhlaigh.



Sa Pháipéar Bán nua ar Chosaint leagtar amach roinnt príomhthosaíochtaí maidir le trealamh a chinnteoidh go mbeidh Óglaigh na hÉireann in ann tabhairt faoi na róil arna sannadh dóibh sa bhaile agus thar lear. Aithnítear sa Pháipéar Bán go bhfuil go leor ardán nua agus feabhsaithe le soláthar. I gcomhthéacs fhlít na Seirbhíse Cabhlaigh, tá riachtanas ann árthaí nua a sholáthar in áit trí hárthaigh atá ag druidim i dtreo dheireadh a saolré sna blianta amach romhainn. Le haghaidh fhlít an Aerchóir, is é atá i gceist leis sin ná trí haerárthach níos mó a bhfuil an trealamh cuí acu do chúraimí Faisnéise, Faireachasi, Fáil Targaidí agus Taiscéalaíochta a chur in ionad an fhlít Cessna. Ina theannta sin, tá sé beartaithe aerárthaigh nua a chur in ionad an dá Aerárthach Patról Muirí CASA.

Leanfaidh an tArm ar aghaidh ag coimeád chumais mhíleata arm-uilig, agus is í an phríomhaidhm a bheidh i gceist i gcaitheamh thréimhse an Pháipéir Bháin ná cumais reatha a athsholáthar agus a uasghrádú, de réir mar a theastaíonn, chun freagra solúbtha a choimeád le haghaidh raoin leathain de riachtanais oibriúcháin sa bhaile agus thar lear. Díreofar ar an gcosaint fórsa riachtanach arna soláthar ag feithiclí armúrtha agus aithneofar an bealach is costéifeachtaí chun uasghrádú a dhéanamh ar an bhflít reatha d'iompróirí pearsanta armúrtha. Gheofar líon beag feithiclí loighistice armúrtha le haghaidh chosaint fórsa thar lear.

## ATHBHREITHNIÚ AR BHAINISTÍOCHT FARDAIL D'ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Ag eascairt ón Athbhreithniú ar Bhainistíocht Fardail d'Óglaigh na hÉireann i mBealtaine 2014, thug Brainse Loighistice Óglaigh na hÉireann isteach Beartas um Bainistíocht Stoic i rith 2015. Tá sé dírithe ar an méid fardail a iompraíonn Óglaigh na hÉireann a laghdú.

I dteannta leis an laghdú ar fhardal, rinneadh athbhreithniú ar Aonaid Choimeád Stoic (ACU) ar fud Óglaigh na hÉireann i 2015 agus rinneadh na sonraí a thaifeadadh ar an gCóras um Bainistíocht Loighistice de chuid Óglaigh na hÉireann.

Cuirfear bearta nua um rialú fardail i bhfeidhm trína roinnfear fardal Óglaigh na hÉireann i Stoc Straitéiseach (Stoc Straitéiseach Iarbhír, Stoc Ríthábhachtach do Chumais, agus Stoc Teagmhasachta) agus Stoc Oibriúcháin (Stoc Sábháilteachta/Íosta, Stoc Cúlchiste Oibriúcháin, Uas-Stoc) agus na híosghabháltais agus na huasghabháltais stoic a aithint do gach ACS ar fud gach Cóir. Cuirfear an coincheap sin i bhfeidhm go hiomlán i 2016.

## BONNEAGAR

Is í an Roinn Cosanta a bhainistíonn an bonneagar réadmhaoine atá ar fáil chun tacú le hÓglaigh na hÉireann. Is iad na riachtanais um ardú, thraenáil agus chothabháil Óglaigh na hÉireann a shocraíonn méid, éagsúlacht agus nádúr phunann réadmhaoine reatha Óglaigh na hÉireann (arb é ceann de na punanna is mó sa Stát). Áirítear leis eastát 'tógtha' de 17 mórfhearas Óglaigh na hÉireann agus eastát 'tuaithe' atá déanta suas go príomha de thailte traenála míleata agus de raonta lámhaigh.

I 2015, caitheadh beagnach €7.8 ar oibreacha tógála caipitiúla a bhí mar chuid de chlár leanúnach a ceapadh chun na háiseanna traenála, oibriúcháin agus cóiríochta atá ar fáil do bhaill Óglaigh na hÉireann a nuachóiriú agus a fheabhsú. In aon bhliain ar leith déantar soláthar sa chlár do thionscadail túis nua agus chun leanúint ar aghaidh leis na tionscadail tógála caipitiúla a bhí ar siúl cheana féin.

I measc na dtionscadal iomaí a bhí á bhforbairt i rith 2015 bhí:

- an dara céim den athchóiriú ar an mbloc cóiríochta Thuaidh in nDún Mhic Aodha (foirgneamh suaitheanta a bhfuil dúshlán mór ó thaobh athchóirithe ag baint leis maidir leis an ngné oidhreachta) - a bheidh críochnaithe i lár 2016;
- leanúint ar aghaidh le mórthionscadal in Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, Campa an Churraigh, chun gach coire a thiontú go gás nádúrtha;
- pleanáil agus soláthar sonrach le haghaidh chéim a dó d'athsholáthar móráise stórala in Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann;
- dearadh sonrach do thógáil áiseanna nua um chothabháil feithiclí iompair i nDún an tSáirséalaigh, Luimneach agus i nDún Uí Stiofáin, Cill Chainnigh;

Cuireadh raon leathan d'oibreacha eile ar aghaidh i rith 2015, mar chuid den chlár caipitiúil a raibh ina measc:

- tosaíodh ar áis traenála uile-aimsire a thógáil i nDún Chathail Bhrugha – le críochnú i 2016;
- oibreacha athchóirithe ar an mBloc Coimhdidh Uachtair in Inis Bó Sionnach, Corcaigh;
- Athchóiriú ar an mBloc Thuaidh i nDún an tSairséalaigh, Luimneach le húsáid mar chóiríocht chónaithe, agus
- uasghrádú na Stóir Éadaí i nDún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath.

Ina theannta sin, críochnaíodh na hoibreacha seo a leanas i rith 2015:

- athchóiriú ar an gcocús agus an halla bia in Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill; agus
- an áis nua Cartlainne Míleata i nDún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, atá déanta suas d'fhoirgnimh nua-thógtha chun ábhar cartlainne a stóráil agus athchóiriú ar fhoirgnimh taobh leis agus nascadh an fhoirgnimh sin leis chun bealach isteach chuig an áis a chur ar fáil do chuairteoirí – osclaíodh é sin go hoifigiúil i mí Aibreáin 2016.

Ina theannta sin, caitheadh beagnach €7.3m ar oibreacha cothabhála ar fud ionad míleata.

I rith 2014, d'fhostaigh Comhairle Contae Chorcaí comhairleoirí chun máistirphlean a chur ar fáil um Inis Bó Sionnach, críochnaíodh é sin i 2015. Cuimsíonn an plean seo an acmhainn chun Inis Bó Sionnach go léir a fhorbairt i bhfianaise an tionscadal feabhsúcháin don oileán atá tosaithe cheana féin. Riachtanas lárnach san fhorbairt seo sa todhchaí ná an gá le Bunáit Chabhlaigh agus Longlann a bheadh ag feidhmiú go hiomlán a choimeád ag oibriú agus an acmhainn iomlán a chomhlíonadh maidir le húsáid seansuíomh an teilgchéarta de chuid Irish Steel lena n-áirítear gá an tSeirbhís Chabhlaigh le húsáid a bhaint as áis bheartlainne an bhalla thiar chun spás a chur ar fáil do na hÁrthaí Patróil Amach ón gCósta den aicme P60 atá níos mó. Tá obair fheabhsúcháin ag leanúint ar aghaidh ar an oileán agus críochnaíodh na deisiúcháin riachtanacha chun an t-oileán a cheangal le Rinn an Scidígh i 2015.

Leanadh ar aghaidh i 2015 ag cloí leis an mbeartas um fáil réidh le haonaid réadmhaoine nach bhfuil ag teastáil do riachtanais an airm. Gnóthaíodh beagnach €1.9m i rith na bliana mar thoradh ar dhiúscairt aonad réadmhaoine.

I dteannta le tailte agus aonaid réadmhaoine a ligean ar cíos nó a léasú, leanann an Roinn ar aghaidh ag obair i gcomhar le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile chun saoráidí Cosanta a chur ar fáil do réimse cuspóirí ó am go chéile, lena n-áirítear cóiríocht do dhaoine gan dídean, raonta lámhaigh a chur ar fáil do na Gardaí, agus áiseanna do léirithe meáin agus scannáin anois is arís.

## IDIR-INOIBRITHEACHT AGUS FORBAIRT CUMAS AN AONTAIS EORPAIGH:

I 2015, lean Éire ar aghaidh ag cur le forbairt chumas an AE oibriochtaí bainistíochta géarchéime a rith. Is i bhfianaise Sprioc Cheannlíne 2010 a dhéantar an fhorbairt cumas sin. I rith 2015 foilsíodh catalóg fórsaí an AE ina leagtar amach róil fhéideartha ballstát in oibríochtaí bainistíochta géarchéime an AE.

Chuige sin, d'fhreastail an Eagraíocht Chosanta ar chúrsaí agus imeachtaí éagsúla traenála agus oideachais le linn 2015, sa Bhruiséil agus in ionaid eile san AE. Mar shampla, d'fhreastail comhaltaí pearsanra ón Roinn agus ó Óglaigh na hÉireann araon ar chúrsaí tionscnaimh ar an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC), agus d'fhreastail saineolaithe in ábhair mhíleata ar sheimineáir, cheardlanna agus chomhdhálacha i réimsí eile mar fhorbairt cumas, chibearshlándáil, córais chumarsáide agus fhaisnéise (CCF), bearta in aghaidh feistí pléascacha seiftithe (C-IED) agus loighistic.

## AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM CHOSAINT (GEC)

Chuaigh Éire leis an GEC nuair a bunaíodh i 2004 í. Is é an tArdionadaí (AI) do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a dhéanann ceannaireacht ar an GEC. Is é Misean an GEC ná tacú leis an gComhairle agus na ballstáit agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar chumais chosanta an AE i réimse na bainistíochta géarchéime agus an CBSC mar atá ann anois a choimeád agus a fhorbairt sa todhchaí. Déantar obair na Gníomhaireachta trí Bhord Stiúrtha a chuimsíonn Airí Cosanta AE as na Ballstáit rannpháirteacha.

Is iad príomhaidhmeanna an GEC ná tacú le Ballstáit maidir le forbairt cumas, tacú le níos mó éifeachtachta agus iomaíochais i margadh trealaimh chosanta na hEorpa agus tacú le hinfheistíocht i dtaighde agus i dteicneolaíocht chosanta agus slándála. Ar bhonn laethúil, déanann oifigigh ón Roinn Cosanta ionadaíocht ar an Aire sa GEC.

I rith 2015, ghlac Éire páirt in aon tionscadal amháin i gcatagóir B sa réimse C-IED. In Aibreán 2014, le faomhadh an Rialtais agus na Dála, chuaigh Eire le tionscadal C-IED an GEC dar teideal 'Manual Neutralisation Techniques Courses and Exercises'. Tionscadal ceithre bliana é sin agus is é a bheidh i gceist leis na taighde a dhéanamh ar réimse cúrsaí agus cleachtaí traenála agus iad a fhorbairt agus a sheachadadh chun dul i ngleic le húsáid teicnící um neodrú láimhe. Coincheap AE é "Comthiomsú agus Comhroinnt" a thagraíonn do thionscnaimh agus thionscadail faoi cheannas ballstát chun comhar maidir le cumais mhíleata a mhéadú. Bhí ról gníomhach ag Éirinn i roinnt foirne tionscadail um Chomhthiomsú agus Chomhroinnt lenar áiríodh cibear-raoin, traenáil chabhlaigh - a bhfuil Éire i gceannas uirthi - agus C-IED. I gcomhthéacs C-IED d'óstáil Éire cúrsa amháin faoi Phléascáin Bhaile (PB) i 2015. Ba iad cuspóirí an chúrsa sin ná treoir a thabhairt d'éinne ar cosúil go mbeadh baint acu leis an tslabhra próiseála pléascáin chun na réamhtheachtaí a úsáidtear i ndéanamh PB a aithint, chomh maith le conas suíomh a phróiseáil go sábháilte agus aon substaintí guaiseacha a thagann chun cinn sa suíomh a dhiúscairt. Shealbhaigh mic léinn na scileanna a theastaíonn chun treoir a thabhairt do chéad fhreagróirí eile maidir le guaiseacha a aithint tar éis dóibh monarcha PB folaitheach a aimsiú. Freisin stiúraigh Éire "Cúrsa Ceannasóirí ar Chur i gCoinne Ionsaí Creacha Sceimhlitheora", a cuireadh ar fáil mar chuid de ról na hÉireann faoi Chomhpháirtíocht na Síochána de chuid NATO i 2015. Ceapadh an cúrsa seo chun tuiscint ó thaobh na hoirbheartaíochta a thabhairt do bhaill foirne seirbhísí éigeandála agus míleata ar na dúshláin a bhaineann le teagmhas Ionsaí Sceimhlitheora Creacha; cuireadh an t-eolas teoiriciúil ábhartha ar fáil chun feabhas a chur ar an tuiscint atá ann cheana féin ar an mbagairt seo atá ag teacht chun cinn agus taithí phraiticiúil thumthach ar fhoirne freagartha ilghníomhaireachta a chomhordú i dtimpeallacht naimhdeach.

Mar chuid de thionscadal Traenála na Seirbhíse Cabhlaigh um Chomhthiomsú agus Roinnt, d'óstaigh Éire cúrsa traenála Seomra Oibríochtaí Cabhlaigh GEC in Inis Bó Sionnach ón 31 Lúnasa go dí an 11 Meán Fómhair 2015. I measc na n-ábhar lárnach a clúdaíodh sa chúrsa bhí; Dlí na Farraige, Oibríochtaí muirí díchumasaithe; Faireachas ar an Réimse Mhuirí, Ceannas agus Rialú; agus tiomsú Íomha Muirí.

Ina theannta sin tá Éire ag glacadh páirte i dara Tionscadal muirí de chuid an GEC dar teideal MARSUR agus chuaigh sí i mbun Cathaoirleachta ar Ghrúpa Bainistíochta MARSUR (GBM) i Meitheamh 2015. Sa tionscadal sin tógtar le chéile 17 mBallstát agus an Iorua atá i mbun Córas Malairte Faisnéise um Faireachas Muirí a fhorbairt agus é mar aidhm feabhas a chur ar fhaireachas muirí, roinnt eolais agus anailís chun tacú le comhar feabhsaithe maidir le slándáil agus faireachas i gcomhréimse Muirí an AE agus le haghaidh oibríochtaí CBSC. Tá an tionscadal ceaptha chun réiteach líonra gréasán-bhunaithe a fhorbairt a sholáthraíonn Comhiomhá Mhuirí Aitheanta do CBSC agus a chuireann le cúraimí náisiúnta slándála, faireachais agus

cóntsablachta muirí chomh maith. Samhlaítear go mbeidh MARSUR ina ghné Chosanta de Chomhthimpeallacht um Roinnt Faisnéise (CTRF).

D'óstaigh Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann, Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí comhdháil theicniúil/oibriúcháin de chuid na bhfoghrúpaí MARSUR i Meitheamh 2015. Rachaidh an Ghearmáin in ionad na hÉireann mar Chathaoirleach an GBM i Meitheamh 2016.

Tacaíonn Éire le hobair an GEC maidir le forbairt cumas agus tionscnaimh mhargaidh i gcreat an CBSC agus na bhforálacha conartha ábhartha agus na reachtaíochta náisiúnta.

## AN COISTE FIONTRAÍOCHTA COSANTA

Bíonn riachtanas leanúnach ann scrúdú a dhéanamh ar bhealaí nua agus nuálaíocha chun feabhas a chur ar chumais sa réimse slándála agus cosanta ionas go mbeidh sé de chumas ag Óglaigh na hÉireann na róil arna sannadh ag an Rialtas a chomhlíonadh. I mí Iúil 2011 d'fhaomh an Rialtas socruithe, trína dtugann Fiontraíocht Éireann tacaíocht d'fhorbairt cumas na Roinne Cosanta/Óglaigh na hÉireann trí feasacht a mhéadú faoi institiúidí fiontraíochta agus taighde atá bunaithe in Éirinn, lena n-áirítear coláistí tríú leibhéal atá i mbun gníomhaíochtaí ábhartha agus bainteacha agus trí hoibriú as lámh a chéile leo. Baintear é sin amach trí Coiste Fiontraíochta Cosanta a ndéanann Coiste Comhordaithe Cosanta-Fiontraíocht Éireann maoirseacht air. Tá na coistí sin déanta suas de chomhaltaí pearsanra ón Roinn Cosanta, ó Óglaigh na hÉireann agus ó Fhiontraíocht Éireann. Ar an gcéad dul síos déanann Fiontraíocht Éireann breithniú ar thionscadail a mholann institiúidí agus comhlachtaí agus faomhann siad iad agus ansin cuirtear faoi bhráid an Coiste Fiontraíochta Cosanta iad le breithniú. Seiceálann an Coiste gach togra agus aontaíonn siad orthu chun cinntiú go bhfuil siad ar aon dul leis na róil arna sannadh d'Óglaigh na hÉireann.
Tugann Óglaigh na hÉireann tacaíocht, faoi seach, d'institiúidí fiontraíochta agus taighde Éireannacha, lena n-áirítear coláistí tríú leibhéal, a fhéadann cur le forbairt agus feabhsú chumais bainistíochta géarchéime Óglaigh na hÉireann. Faoin tionscnamh sin, tá Óglaigh na hÉireann ag tabhairt tacaíochta do raon tionscadal a chlúdaíonn taighde, traenáil agus nuálaíocht le cuideachtaí dúchais in Éirinn agus le hinstitiúidí tríú leibhéal.

I 2015, bhí ról mór ag Óglaigh na hÉireann i dtograí Horizon 2020. Is é Horizon 2020 an clár taighde agus nuálaíochta is mó de chuid an AE a bhí ann riamh agus maoiniú beagnach €80 billiún ar fáil i gcaitheamh seacht mbliana (2014-2020). Bhí Óglaigh na hÉireann ina gcomhpháirtithe i seacht dtogra tionscadail um Horizon 2020 a cuireadh isteach i 2015. Bhí an Brainse Ordanáis ina chomhalta cuibhreannais i dtionscadal rathúil le comhpháirtithe ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus le comhpháirtithe eile as an Iodáil, an Ghearmáin, an Spáinn agus an bPortaingéil áit a bhfuair an tionscadal cistiú taighde os cionn €7m. Tríd an tionscadal, dar teideal ROCSAFE (Remotely Operated CBRNe Scene Assessment Forensic Examination) cinnteofar go ndéanfar measúnú níos tapa agus níos críochnúla ná mar is is féidir faoi láthair ar láithreacha CBRNe. Le cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann, leanfaidh an Coiste Fiontraíochta Cosanta ar aghaidh ag tacú le comhoibriú Óglaigh na hÉireann le comhpháirtithe i dtionscadail fhéideartha Horizon 2020 amach anseo.

## IMERC

Is é atá in IMERC ná socrú comhtháite institiúide a chuireann chun cinn cumais mhuirí agus fhuinnimh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (ITC) (trí Choláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann), tríd an tSeirbhís Chabhlaigh agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC).

Lean comhpháirtíocht straitéiseach na Seirbhíse Cabhlaigh le IMERC ar aghaidh i rith 2015. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar fhorbairt an Champas IMERC le hoscailt oifigiúil Fhoirgneamh Beaufort i UCC, ina bhfuil an tIonad MaREI um Fuinneamh Muirí agus Inathnuaite, The Entrepreneur Ship ar gorlann mhuirí agus fuinnimh é agus áit tuirlingthe d'Infheistíocht Dhíreach ón gCoigríoch, chomh maith le freastal ar ionaid éagsúla do champas tionscail níos leithne. Tá an IDA chun na suíomhanna sin a mhargú do chuideachtaí Infheistíochta Dírí Eachtraí agus do chuideachtaí ilnáisiúnta.

Chuir Oifig an IMERC go mór leis an Máistirphlean d'Inis Bó Sionnach agus bhí ról lárnach aici maidir le tacaíocht an Rialtais a fháil d'oibreacha feabhsúcháin breise ar Inis Bó Sionnach faoin bPlean Infheistíochta Caipitil.

## LÁRIONAD HALPIN

Is é Lárionad Halpin um Thaighde agus Nuálaíocht i gColáiste Náisiúnta Muirí na hÉireann (National Maritime College of Ireland/NMCI) an Lárionad um thaighde agus nuálaíocht mhuirí le haghaidh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Tá an NMCI ina Bhallcholáiste de chuid CIT agus tháinig sé chun cinn mar thoradh ar chomhpháirtíocht idir CIT agus an tSeirbhís Chabhlaigh. Tri mheán na comhpháirtíochta sin, bíonn Lárionad Halpin i mbun taighde agus nuálaíochta a bhaineann go díreach le leasanna agus forbairt cumas na Seirbhíse Cabhlaigh agus a mbaineann siad leas astu. Lean comhoibriú na Seirbhíse Cabhlaigh ar aghaidh go gasta i rith 2015. Déanann an Lárionad taighde ar mheiceatronaic mhuirí, ar fhachtóirí daonna agus ar oibríochtaí muirí agus oibríonn sé i ndlúthpháirt leis an tSeirbhís Chabhlaigh sna réimsí téamacha sin go léir. Forbraíonn an Lárionad táirgí agus seirbhísí nua i réimse na teicneolaíochta muirí trí hoibriú le nuálaithe, fiontraithe, cuideachtaí nuathionscanta, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí infheistíochta dírí eachtraí atá lonnaithe in Éirinn agus oibríonn sé i ndlúthpháirt le comhlachtaí earnála poiblí chun cabhrú leo seirbhísí mara feabhsaithe agus tionscnamh do leas an phobail a chur ar fáil. Dhá shampla den chineál comhair atá ar siúl iad tionscadail i réimsí chomh héagsúil le roinnt faisnéise muirí uile-Eorpaí ar mhaithe le slándáil – an tionscadal EUCISE2020, agus tionscadal dar teideal SHAPEFITS a thugann léargas níos doimhne ar shláinte agus fholláine chomhaltaí foirne farraige na Seirbhíse Cabhlaigh. Is é an tionscadal is tábhachtaí idir an tSeirbhís Chabhlaigh agus Halpin ná AEOLUS, ina scrúdaitear cuir chuige nuálaíocha i dtreo éifeachtacht fuinnimh agus cumas oibriúcháin a fheabhsú do shócmhainní farraige na Seirbhíse Cabhlaigh. I measc na dtairbhí soiléire don tSeirbhís Chabhlaigh trí mheán na comhpháirtíochta seo tá sealbhú taithí agus eolais bhreise agus tá rannpháirtíocht na Seirbhíse Cabhlaigh i dtionscadail le Halpin ag feabhsú tuisceana, éifeachtachta, ullmhachta agus réidhe i réimsí a chuimsíonn slándáil mhuirí, rialú truaillithe agus córais um roinnt faisnéise ar fud na hilchríocha. Trí mheán roinnt tionscadal den chineál sin, baineann an tSeirbhís Chabhlaigh leas as nochtadh d'institiúidí agus do chuideachtaí eile in Éirinn, san Eoraip agus ar fud an domhain agus as idirghníomhú leo.

## COMHPHÁIRTÍOCHT NA SÍOCHÁNA (PFP)

Is é atá i PfP ná socrú comhoibritheach idir NATO agus tíortha comhpháirtí. Dírítear comhoibriú ach go háirithe, ar obair bainteach le cosaint, lena n-áirítear leasú cosanta, beartas agus pleanáil cosanta, caidreamh sibhialta-míleata, oideachas agus traenáil, bainistíocht géarchéime agus pleanáil éigeandála sibhialta. Ag croílár an chlár PfP tá comhpháirtíocht a chruthaítear ar bhonn aonair idir gach tír comhpháirtíochta agus NATO, a chuirtear in oiriúint do riachtanais aonair agus a chuirtear i bhfeidhm go comhpháirteach ar an leibhéal agus ag an luas a roghnaíonn gach rialtas rannpháirteach.

Ina theannta sin, glacann Éire páirt i meicníocht Phróiseas Pleanála agus Athbhreithnithe (PPA) PfP. Dírítear rannpháirtíocht na hÉireann i PPA ar idir-inoibritheacht Óglaigh na hÉireann in oibríochtaí ilnáisiúnta a fheabhsú agus cur le forbairt na gcumas míleata de réir caighdeán idirnáisiúnta. Cuireann an Straitéis um Chaighdeánú Óglaigh na hÉireann creat ar fáil chun cinntiú go leanann Óglaigh na hÉireann ar aghaidh ag coimeád fórsaí idir-inoibritheacha chun na róil go léir arna sannadh ag an Rialtas a chomhlíonadh. Tá glacadh le caighdeáin NATO mar bhonn do chomh-inoibritheacht. Cuireadh tuilleadh feabhais air sin trí phlé Óglaigh na hÉireann leis an NATO Standardisation Agency i rith 2015.

Lean Éire ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an ceathrú ceann déag de na Cláir Aonair Comhpháirtíochta agus Comhair (CACC) le NATO/PfP i rith 2015. Forbraíodh an CACA i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála; an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannasi; an Roinn Sláinte; agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

D'fhreastail comhaltaí pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann ar roinnt imeachtaí a bhain le CACA i 2015. Éascaíonn na himeachtaí sin baint amach Chuspóirí Comhpháirtíochta (CCanna) CACA Óglaigh na hÉireann agus cinntíonn siad go bhféadann Óglaigh na hÉireann an dea-chleachtas idirnáisiúnta a chuimsiú ina gcuid teagaisc agus nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha le haghaidh oibríochtaí bainistíochta géarchéime. I 2015, lean Éire ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn maidir le riachtanais a cuid 31 CCanna a chomhlíonadh. Anuas go dtí seo, tá 16 CC curtha

i bhfeidhm go hiomlán ag Éirinn. D'fhreastail baill foirne ó bhallstáit NATO agus comhpháirtithe eile ar chúrsaí a sholáthair Óglaigh na hÉireann mar chuid de ról na hÉireann sa Chlár Aonair Comhpháirtíochta agus Comhair.

## BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA FHOSTAITHE NA STÁSEIRBHÍSE AGUS FOSTAITHE SIBHIALTA.

Is é cuspóir lárnach Bhrainse Acmhainní Daonna na Roinne ná cur ar chumas ball foirne ról éifeachtach agus táirgiúil a ghlacadh i mbaint amach spriocanna agus chuspóirí na hEagraíochta.

Gné lárnach ar díríodh uirthi i rith na bliana ab ea cur i bhfeidhm leanúnach tionscnamh faoi Chlár Oibre Athchóirithe an Rialtais. Ina measc siúd bhí Plean Athnuachana na Státseirbhíse, ullmhú don Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (ISCP) agus aistriú chuige i mí Feabhra agus chuig Seirbhísí Comhroinnte AD agus Pisnean (PeoplePoint) i mí Iúil, pleanáil fórsa oibre, soghluaisteacht ball foirne, agus láimhseáil saoire breoiteachta. D'aistrigh an Roinn go rathúil chuig ISCP agus PeoplePoint agus leanadh ar aghaidh ag déanamh maoirseachta agus bainistíochta ar na seirbhísí a bhí á soláthar de réir mar ba ghá i rith na bliana.

Foilsíodh Plean Athnuachana na Státseirbhíse ar an 30 Deireadh Fómhair 2014. Sa phlean trí bliana aithnítear gníomhartha a neartóidh acmhainn, cumas, freagrúlacht agus ceannaireacht ar fud na Státseirbhíse. Sanntar freagracht as comhlíonadh gach gnímh ar Ard-Rúnaí ainmnithe nó ar ghrúpa Ard-Rúnaithe. Sa Roinn Cosanta, tá Bainisteoir Tionscadal tiomanta ceaptha ag an Ard-Rúnaí agus freagracht orthu as na gníomhartha a chur chun cinn agus as oibriú ar bhonn lárnach le gach Bainisteoir Tionscadal eile faoi threoir Oifig um Bainistíocht Clár ar oifig lárnach í. Tá an obair sin fós ar siúl.

Go dtí tús 2015, dhéantaí bainistíocht ar leibhéil foirne na Roinne Cosanta trí Chreat Rialaithe Fostaíochta a bhí curtha i bhfeidhm go lárnach, agus teorainn de 351 ball foirne coibhéise lánaimseartha (CLA) curtha i bhfeidhm. Ina theannta sin tugadh cead don Roinn earcaíocht a dhéanamh ar gach leibhéal suas go Príomhaí (Ard) agus é sin san áireamh. Bhí 331 CLA sa Roinn ar an 31 Nollaig 2015. Tá an figiúr sin níos lú ná figiúir 2014, is í an phríomhchúis leis sin ná aistriú foirne a bhí bunaithe i nGaillimh chuig an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla.

Is meicníocht thábhachtach chomhlíontachta iad pleananna fórsa saothair maidir le teorannacha pá ilbhliantúla ceangailteacha agus maidir le monatóireacht a dhéanamh ar smachtbhanna tarmligthe. I bPlean Gníomhaíochta Fhórsa Saothair na Roinne le haghaidh 2013-2015 tuartar riachtanais ball foirne maidir le cuspóirí gnó straitéiseacha ionas gur féidir an cothrom ceart a bhaint amach idir an t-éileamh ar shaothar agus an soláthar saothair chun na daoine cearta, a bhfuil na scileanna cearta acu, a chur san áit cheart ag an am ceart. I 2015 leanadh ar aghaidh ag cur i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta Fórsa Saothair 2013-2015. Ag deireadh 2014 cuireadh tús le pleanáil chun plean nua a ullmhú a chlúdódh an tréimhse 2015-2017. Críochnaíodh an plean sin, a thógann san áireamh tionscnaimh lárnacha lena n-áirítear Plean Athnuachana na Státseirbhíse, sa tríú ráithe de 2015 agus tá sé á chur i bhfeidhm anois.

Ag tús 2015 chuaigh an beartas "Dínit san Ionad Oibre" in áit an bheartais a bhí i bhfeidhm roimhe "Timpeallacht Oibre Dhearfach". Dírítear níos mó ar réiteach luath agus áitiúil sa bheartas nua chomh maith le ról níos lárnaí d'idirghabháil mar mhodh réitigh. Chun déanamh cinnte go mbeadh gach ball foirne ar a n-eolas faoin mbeartas nua, tugadh cur i láthair sonrach faoi ábhar an bheartais do gach Brainse sa Roinn sa dara ráithe de 2015.

I 2015, rinne 97% de bhaill foirne athbhreithniú bliantúil faoi CBFF. Léiríonn sé sin leibhéal ard comhlíontachta ar fud na státseirbhíse. Aontaíodh ar bhonn lárnach i 2015 go mbogfaí an córas Bainistíochta Feidhmíochta go rátáil sásúil nó míshásúil le haghaidh athbhreithnithe ina dhiaidh sin. Críochnaíodh an córas reatha atá bunaithe ar pháipéar i 2015 agus tá ePMDS ina ionad ó 2016 ar aghaidh.

Lean an Roinn ar aghaidh ag díriú ar asláithreacht de thoradh saoire breoiteachta a bhainistiú i rith 2015. Chuige sin, ba é an ráta saoire breoiteachta don bhliain ná 3.7%, atá beagáinín thar an sprioc de 3.5% a socraíodh go lárnach. Tá an leagan athbhreithnithe de Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí, ar cuireadh tús léi i Márta 2014, fós á chur i bhfeidhm do gach ball foirne.

I 2013, sheol an Roinn scéim phíolótach chun socrúcháin oibre 4ú bliana/idirbhliana a éascú sa

bhliain acadúil 2013/14. Tar éis gur éirigh leis an scéim phíolótach sin, cinneadh leanúint ar aghaidh leis an gclár agus ba é an toradh air sin i 2015 ná socrú seisear daltaí, ceathrar sa Droichead Nua agus beirt i nGaillimh.

## FOSTAITHE SIBHIALTA

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí 490.9 fostaí sibhialta coibhéise lánaimseartha fostaithe faoin Acht Cosanta 1954. Tá an chuid is mó díobh fostaithe i ngráid cheardaíochta, oibrí ghinearálta agus bhainteacha agus is iad a bpríomhchúraim ná trealamh agus suiteálacha míleata a chothabháil. Is iad príomhchúraim na bhfostaithe sibhialta eile ná dualgais chléireachais agus stórálachta d'Óglaigh na hÉireann agus cuimsíonn siad freisin cigirí aerárthaigh agus gráid teicniúla éagsúla. I measc na gcomhaltaí pearsanra a earcaíodh i 2015 bhí Fisitheiripeoir Sinsearach a bheidh i gceannas ar Fhoireann Fisitheiripe, a chuirfidh seirbhísí fisitheiripe intí ar fáil do bhaill d'Óglaigh na hÉireann ar bhonn gearrthéarmach ar feitheamh athbhreithnithe maidir le conas a chuirfear na seirbhísí ar fáil amach anseo.

Sa Pháipéar Bán ar Chosaint a foilsíodh i 2015 déantar foráil chun grúpa pleanála a bhunú le tabhairt faoi anailís ar bhearnaí chun soláthar agus éilimh agus riachtanais lárnacha a aithint san fhórsa oibre fostaithe sibhialta. Scrúdóidh sé an tsamhail um sholáthar seirbhíse atá ann cheana féin agus déanfaidh sé moltaí maidir le creat um sholáthar seirbhíse. Go gearrthéarmach, cuirfear tús le clár earcaíochta spriocdhírithe chun déileáil le folúntais tosaíochta.

Rinneadh foráil sa Pháipéar Bán freisin go dtabharfaidh Brainse Acmhainní Daonna na Roinne cabhair le CV a ullmhú d'fhostaithe sibhialta reatha.

## TRAENÁIL AGUS FORBAIRT NA STÁTSEIRBHÍSE

Leanann an Roinn ar aghaidh ag infheistiú i bhforbairt a cuid ball foirne. Agus buiséad de €129,000 ar fáil, ba iad na gnéithe ar díríodh orthu i 2015 ná Saoráil Faisnéise, oiliúint cheannaireachta agus bhainistíochta agus breisoiliúint i bhfeidhmchláir ríomhaire. Cuireadh tús freisin i 2015 le Comhchlár Ionduchtúcháin le haghaidh ball foirne Sibhialta agus Míleata nuashannta. Mar achoimre:

- Pléadh le 375 iarratas oiliúna i 2015.
- Ba é an méid iomlán a caitheadh ar oiliúint sheachtrach ná timpeall €66,000.
- Ina theannta sin, caitheadh €9,125 ar an scéim um Aisíocaíocht Táillí agus caitheadh €23,415 ar réamhtháillí chun breisoiliúint ball foirne a spreagadh trí mhaoiniú a chur ar fáil do chláir staidéir seachtracha.
- D'éascaigh an Roinn roinnt imeachtaí fóraim ball foirne agus é mar aidhm deiseanna a chur ar fáil um malairt neamhfhoirmiúil eolais maidir le ceisteanna leanúnacha sa Roinn.

## COMHIONANNAS

Leanann an Roinn Cosanta ar aghaidh ag oibriú i dtimpeallacht gan idirdhealú i réimsí mar a fhoráiltear dóibh ag na hAchtanna Comhionannais agus tá sí mar aidhm aici a chinntiú go gcuirtear prionsabail an chomhionannais fhostaíochta i bhfeidhm maidir le hearcaíocht, le hardú céime, le hoiliúint agus taithí oibre.

Tá sé mar bheartas ag an Roinn go dtabharfaí deiseanna comhionanna agus déileáil chomhionann do gach comhalta pearsanra. Léirítear an seasamh beartais sin sa Straitéis AD agus cuimsíonn sé tiomantas chun sprioc an Rialtais go mbeadh mná i mbun triain de na poist sa ghrád Príomhaí Cúnta a chomhlíonadh. I 2015, mná a bhí i 37% de Phríomhaithe Cúnta. Ina theannta sin, bhí 44% de Phríomhaithe baineann. Ar an iomlán, mná atá i 36% de na baill foirne sna gráid Príomhaí Cúnta agus anuas.

I gcomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, thug an Roinn Cosanta gealltanas chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis áit arbh fhéidir. Ba é an céatadán de státseirbhísigh faoi mhíchumas ná 4.7% agus ba é an céatadán d'fhostaithe sibhialta a bhí faoi mhíchumas agus a bhí fostaithe ag an Roinn thar ceann Óglaigh na hÉireann, ná 4.9%.

## COSAINT SHIBHIALTA

Is é atá i gCosaint Shibhialta ná eagraíocht bunaithe ar shaorálaithe a thacaíonn leis na seirbhísí éigeandála túslíne. Amhail mhí na Nollag 2015, bhí 3,686 ball gníomhach liostaithe ar chlár shaorálaithe Cosanta Sibhialta. Is gnách go gcuireann Cosaint Shibhialta traenáil ar shaorálaithe sna seirbhísí seo a leanas: Taismeach, Cuardach agus Tarrtháil, Seirbhís Dóiteáin Chúnta, Monatóireacht Radaíochta, Leas agus Cumarsáid. Tá raidhse scileanna ag an gcuid is

mó de shaorálaithe i gcleachtas, agus glacann siad páirt i roinnt gníomhaíochtaí den chineál sin. Bhí na saorálaithe sin bunaithe i ngach ceantar údaráis áitiúil.

I rith 2015, ghlac Cosaint Shibhialta páirt i raon leathan gníomhaíochtaí ar fud na tíre lenar áiríodh tacaíocht a thabhairt d'fhreagairtí ar mhóréigeandálaí. Chabhraigh na céadta saorálaí Cosanta Sibhialta as gach cearn den tír leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (.i. an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Údaráis Áitiúla agus iad ag déileáil le teagmhais aimsire crua agus tuilte forleithne i ngeimhreadh 2015.

Thug Cosaint Shibhialta cabhair i raon leathan imeachtaí pobail, spóirt agus carthanais i rith na bliana. Ina measc siud bhí imeachtaí móra, ar nós an Fleadh Ceoil i Sligeach agus rás rothaíochta Mórchuaird Chiarraí agus go leor imeachtaí áitiúla beaga eile. Ghlac Cosaint Shibhialta páirt i mórchleachtadh cuardaigh do dhuine ar iarraidh in éineacht leis an nGarda Síochána i Márta. Tá cuardaigh do dhaoine ar iarraidh ina ngné leanúnach d'obair Cosanta Sibhialta. Úsáideann Cosaint Shibhialta córais aerárthaigh a bhfuil cianphólota acu go rialta sna cuardaigh sin.

Rinneadh saorálaithe Cosanta Sibhialta a imscaradh chuig tuairim is 1,500 imeacht agus gníomhaíocht i rith 2015, a raibh ina measc:

- 80 Cuardach do Dhaoine ar Iarraidh,
- 920 Imeacht Spóirt
- 420 Imeacht Phobail, agus
- 65 Iarracht Aeráide/Fhaoiseamh Aimsire Crua

I 2015, shínigh an Roinn Cosanta agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Meabhrán Tuisceana nua. Leis sin rinneadh soiléiriú ar ról Cosanta Sibhialta maidir le déileáil le teagmhais radaíochta. I rith 2015 eisíodh trealamh um monatóireacht radaíochta a rabhthas tar éis athchalbrú a dhéanamh air chuig gach aonad Cosanta Sibhialta. Ina dhiaidh sin ritheadh clár traenála agus cleachtadh rathúil náisiúnta um monatóireacht radaíochta.

Thug an Coláiste Cosanta Sibhialta isteach roinnt cúrsaí nua i rith 2015 agus cuireadh feabhas ar fhoghlaim chumaisc mar uirlis teagaisc. Cheadaigh sé sin do shaorálaithe roinnt oibre cúrsa a dhéanamh ina gcuid ama féin agus ní raibh iallach orthu bheith as baile.

I rith 2015, lean an Coláiste Cosanta Sibhialta ar aghaidh ag obair as lámh a chéile leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PGFanna) agus le hÓglaigh na hÉireann chun oiliúint a fhorbairt agus a sholáthar chun na scileanna agus an cumas a thabhairt do shaorálaithe le cabhrú leis na PGFanna. Tá forbairt déanta ag Cosaint Shibhialta ar shinéirgí a bhí ann cheana féin chun cúrsaí comhthraenála a rith a mbaineann gach duine leas astu maidir le comhthuiscint, traenáil chaighdeánaithe agus roinnt scileanna.

Cuireadh oiliúint bhreise ar Oifigigh Cosanta Sibhialta i rith 2015 maidir le teagmhais uisce agus tuilte a láimhseáil. Leanadh ar aghaidh le traenáil céadfhreagartha maidir le tuilte agus uisce tapa i rith 2015 – go háirithe sna cúpla seachtain dheireanach den bhliain nuair a bhí Cosaint Shibhialta ar glao-dhualgas ar fud na tíre ar bhonn 24 uair in aghaidh an lae.

In Aibreán 2015, bronnadh an Dámhachtain um Forbairt Cumas de chuid Rescue 3 Europe, ar an gColáiste Cosanta Sibhialta ag a gComhdháil 2015 ar Tharrtháil Theicniúil a óstaíodh i Llangollen, an Bhreatain Bheag. Aithníonn an dámhachtain seo an cumas a d'fhorbair Cosaint Shibhialta thar na trí bliana roimhe i dtimpeallacht dhúshlánach; i measc na mbuaicphointí bhí traenáil a chur ar shaorálaithe mar Theagascóirí Céadfhreagartha Uisce Thapa & Tuilte atá creidiúnaithe agus a chuireann traenáil luachmhar faoi seach ar shaorálaithe ina gcuid aonad áitiúil.

Leanadh ar aghaidh ag deimhniú agus ag athdheimhniú Oifigigh, theagascóirí agus shaorálaithe Cosanta Sibhialta i rith na bliana. Rinne Oifigigh Cosanta Sibhialta oilúint ar scileanna láithreachais i rith 2015 agus tá níos mó cúrsaí traenála forbartha beartaithe d'Oifigigh Cosanta Sibhialta.

I dTábla 2.5 thíos tugtar sonrai faoi líon na gcúrsaí a cuireadh ar fáil agus na teastais a d'eisigh an Coláiste Cosanta Sibhialta i rith 2015. Áiríonn na figiúir cúrsaí traenála a thug Cosaint Shibhialta ar fud na tíre agus trí mheán an Choláiste Cosanta Sibhialta. I dteannta leis na cúrsaí traenála, reáchtáladh roinnt seimineár/cleachtaí/ceardlann nach raibh eisiúint teastas mar thoradh orthu.



*Tábla 2.5 Sonraí faoi Chúrsaí Cosanta Sibhialta a seachadadh agus teastais a eisíodh i rith 2015*

| | |
|---|---|
| Líon na gcúrsaí/seimineár/cleachtaí. | 801 |
| An líon a d'fhreastail orthu | 4,229 |
| Líon na dteastas a eisíodh | 3,772 |

## BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA ÓGLAIGH NA HÉIREANN

### SCOTHSHEIRBHÍS Ó SCOTHFHOSTAITHE

Bíonn gach cleachtadh agus próiseas Acmhainní Daonnain Óglaigh na hÉireann faoi réir bailíochtaithe seachtraigh tríd an bpróiseas Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe (Excellence through People/ETP). Baineann Óglaigh na hÉireann go leor tairbhí as creidiúnú sa scéim. Is é an Caighdeán Náisiúnta um AD. Mar sin oibríonn sé mar thagarmharc neamhspleách um chleachtais Óglaigh na hÉireann agus spreagann sé tabhairt isteach an dea-chleachtais agus an chleachtais is deireanaí san eagraíocht. I 2015, ghnóthaigh Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann (DFHQ) an caighdeán ETP tríd an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Bhain an tSeirbhís Chablaigh agus an 2ú Briogáid an caighdeán amach roimhe sin i 2014. Tá an mheicníocht cumhdaithe in Óglaigh na hÉireann anois agus déanfar tuilleadh forbartha uirthi i 2016 tríd an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

### INSCNE, COMHIONANNAS AGUS ÉAGSÚLACHT IN ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Leanann an Roinn Cosanta ar aghaidh ag oibriú i dtimpeallacht gan idirdhealú i réimsí mar a fhoráiltear dóibh ag na hAchtanna Comhionannais agus tá sí mar aidhm aici a chinntiú go gcuirtear prionsabail an chomhionannais fhostaíochta i bhfeidhm maidir le hearcaíocht, le hardú céime, le hoiliúint agus taithí oibre.

Beidh rialacháin agus Treoracha Riaracháin go léir Óglaigh na hÉireann i ndáil le seirbhís Óglaigh na hÉireann leagtha amach ar bhealach atá ag teacht leis an mbeartas sin de dheiseanna comhionanna, éagsúlacht agus de chuimsiú. Déanann an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) athbhreithniú leanúnach ar na beartais sin i dteannta le Rialacháin Óglaigh na hÉireann chun cloí le dea-chleachtas a chinntiú agus chun timpeallacht oibre a choimeád a dhéileálann le gach ball d'Óglaigh na hÉireann ar bhealach a réitíonn le deiseanna comhionanna. Tá ról ríthábhachtach ag beartais Óglaigh na hÉireann um chomhionannas, éagsúlacht agus stádas comhionann i rath na heagraíochta. Tá feidhm ag na beartais sin ar an gcaoi chéanna leis na hÓglaigh Chúltaca.

Is é ról Chomhairleoir Inscne Óglaigh na hÉireann ná dearcadh inscne a chuimsiú in Óglaigh na hÉireann ar gach leibhéal. Tá Comhairleoirí Inscne na mBriogáidí agus na n-Eagar freagrach as cabhrú le gnás a dhéanamh de UNSCR 1325 agus béim faoi leith ar cholúin na cosanta agus na rannpháirtíochta. Tá gach Comhairleoir Inscne freagrach as oideachas a chur ar bhaill foirne Óglaigh na hÉireann maidir leis an tábhacht a bhaineann le dearcadh inscne a chur i bhfeidhm in oibríochtaí míleata.

Ta 1ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (PGN) na hÉireann, 2011-2014, imithe as feidhm anois agus i dTuarascáil Dheireanach 2015, a choimisiúnaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, thángthas ar an gconclúid gur "eiseamláir dea-chleachtais" iad Óglaigh na hÉireann agus moltar "go roinnfeadh Éire an méid a foghlaimíodh faoi ról na ndearcaí inscne ar mhisin síochánaíochta." Tá dara PGN, 2015-2018 de chuid na hÉireann foilsithe anois agus déanfar Plean Gníomhaíochta Óglaigh na hÉireann a leasú dá réir sin.

Cruthaíodh cúrsa Pointe Fócasach Inscne (PFI) i 2015 agus tá sé á thar-rolladh anois ar fud Óglaigh na hÉireann rud a chabhróidh le cinntiú go gcuimseofar dearcadh inscne i bpleananna, i nósanna imeachta agus i dtraenáil ar gach leibhéal.

Ó thaobh éagsúlacht a mhéadú, déantar soláthar sonrach sa Pháipéar Bán ar Chosaint (2015), chun Straitéis um Éagsúlacht agus Chuimsiú a fhorbairt. Féachann sé sin chuig forbairt a dhéanamh ar

bheartais atá ann cheana féin maidir le heitneacht, inscne, claonadh gnéis agus comhionannas, agus tacú le timpeallacht oibre chuiditheach agus dhúshlánach áit a bhfuil meas ag cách ar leithlí agus éagsúlacht.

## AN TSEIRBHÍS TACAÍOCHTA PEARSANRA

Oibríonn Óglaigh na hÉireann Seirbhís Tacaíochta Pearsanra (STP) ar seirbhís rúnda í a thugann rochtain do bhaill foirne Óglaigh na hÉireann ar sheirbhísí ó laistigh den phobal míleata agus lasmuigh de. I measc an chineál eolais a thugann an STP tá eolas, oideachas sóisialta, tacaíocht shíceashóisialta agus seirbhís atreorúcháin. Cuireann an STP seirbhísí ar fáil maidir le raon leathan ábhar ó chúrsaí airgeadais go feasacht faoi alcól agus dhrugaí. Ar leibhéal eile, tugann an STP comhairleacht agus/nó tacaíocht maidir le gnéithe de chaidrimh phearsanta, cheisteanna tuismitheoireachta, fadhbanna teaghlaigh, scaradh agus méala. Ina theannta sin thug an STP tacaíocht d'iarrbhaill foirne seirbhíse ar bhonn riachtanas.

Chun na seirbhísí a chuireann STP ar fáil a fheabhsú níos mó, eisíodh treoirleabhar faoi mheabhairshláinte agus leas agus rinneadh coimrí ar fud Óglaigh na hÉireann. Freisin d'fhorbair an STP cúrsa ar aistriú chuig saol sibhialta a ritear i dteannta le cúrsaí réamhscoir agus tá sé deartha chun na scileanna ábhartha le dul i mbun fostaíochta lasmuigh d'Óglaigh na hÉireann a chur ar fáil dóibh siúd atá ag imeacht ó na seirbhísí. Rinneadh níos mó forbartha ar an gclár sin leis na Boird Oideachais agus Oiliúna i gclár scileanna don obair.

Sula n-imscartar thar lear iad, tugtar treoir faoi bhainistíocht strus do gach comhalta pearsanra agus cuireann an STP traenáil ar bhaill foirne roghnaithe faoi idirghabháil ghéarchéime aonair agus grúpa. Sula bhfilleann siad abhaile, tugann baill oilte den STP cuairt ar na ceantair mhisin agus déanann siad dí-mhionteagasc strus. Chun feabhas a chur ar na seirbhísí tacaíochta a bhí ar fáil do chomhaltaí pearsanra ag seirbheáil thar lear, leathnaíodh an line cúram foirne, seirbhís rúnda agus neamhspleách chun é a chur ar fáil do chomhaltaí pearsanra atá ag seirbheáil le Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL), Fórsa Breathnóireachta Díscoir NA Náisiún Aontaithe (UNDOF) agus Operation PONTUS sa Mheánmhuir.

Cuireadh Traenáil ar Bhainistíocht Riosca (STORM) bunaithe ar scileanna ar fáil sna réimsí féinmharú agus féinghortú do chomhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann. Tá an clár seo fós á chur i bhfeidhm. Lean an STP ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta maidir le Bainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla do Gharda Cósta na hÉireann agus do Chosaint Shibhialta agus chuir an STP traenáil ar fhoirne tacaíochta piara do Sheirbhís Príosún na hÉireann.

## GRÚPA FAIREACHÁIN NEAMHSPLEÁCH

Bunaíodh an Grúpa Faireacháin Neamhspleách (GFN) i mBealtaine na bliana 2002 chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm moltaí ag eascairt ó thuarascáil ar mhéid an chiaptha, na bulaíochta, an idirdhealaithe agus an ghnéaschiaptha in Óglaigh na hÉireann.

Eisíodh tuarascáil ón GFN i 2004, 2008 agus 2014. I dtríú tuarascáil an GFN, a foilsíodh i 2014, díríodh ar fhorbairtí ó 2008 agus rinneadh 35 mholadh san iomlán faoi na ceannteidil seo a leanas: Bainistíocht Acmhainní Daonna, Baill Foirne Nua, Seirbhísí Tacaíochta Pearsanra, Oiliúint agus Forbairt, Na hÓglaigh Chúltaca agus Athbhreithniú Leanúnach ar Dhul Chun Cinn.

Lean an Grúpa Forfheidhmithe, atá déanta suas de chomhaltaí pearsanra ón Roinn agus ó Óglaigh na hÉireann, agus a ndéanann an Ceann Foirne Cúnta cathaoirleacht air, ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn maith i rith 2015; pléadh le 13 mholadh, bhí 21 gníomhach agus fágadh ceann amháin le cur i bhfeidhm sa todhchaí. Ina theannta sin, bunaíodh Grúpa Maoirseachta a bhí déanta suas de comhaltaí pearsanra sinsearacha ón Eagraíocht Chosanta chomh maith le hionadaithe PDFORRA agus RACO, chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm mholtaí an GFN chun tacú le dínit san ionad oibre.

## CUR I BHFEIDHM AN ATHBHREITHNITHE AR SHEIRBHÍSÍ LIACHTA ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Tá ceithre phríomhchuspóir seirbhíse ag Cór Míochaine Óglaigh na hÉireann:

- Sláinte agus leas a choimeád agus a chur chun cinn le haghaidh ball seirbheála de na Buan-Óglaigh (PDF) agus galar ina measc a chosc;
- Réidhe an PDF le haghaidh gníomhaíochtaí oibriúcháin sa bhaile agus thar lear a chur chun cinn;
- Tacaíocht mhíochaine allamuigh reatha agus

- inniúil a chur ar fáil i suíomhanna oibriúcháin agus traenála sa bhaile agus thar lear; agus
- Measúnú míochaine ar bhaill de na hÓglaigh Chúltaca chun cinntiú go bhfuil a stádas sláinte i gcomhréir lena ról mar chuid de Choincheap an Fhórsa Shingil.

Is iad na príomhsheirbhísí míochaine a sholáthraíonn nó a eagraíonn an Cór Liachta ná cúram práinne réamhospidéil, príomhchúram ginearálta, sláinte cheirde, fisiteiripe, measúnú agus tacaíocht meabhairshláinte agus seirbhísí fiaclóra. Fostaíonn an Cór Liachta cleachtóirí réamhospidéil (teicneoirí míochaine eigeandála, paraimhíochaineoirí, ard-Pharaimhíochaineoirí), oifigigh mhíochaine, oifigigh fhiaclóireachta, altraí, cógaiseoirí agus síceolaithe a sholáthraíonn na seirbhísí, agus iad méadaithe ag dochtúirí ar conradh, agus fiaclóirí a bhfuil cúram leagtha orthu as seirbhísí míochaine a chur ar fáil d'Óglaigh na hÉireann.

Mar gheall ar easpa gairmithe míochaine sa Chór Liachta le blianta beaga anuas rinneadh athbhreithniú ar conas a d'fhéadfaí na seirbhísí sin a sheachadadh. Tá buanchoiste sibhialta/míleata i gceannas ar an athbhreithniú agus is é an cuspóir ná forbairt seirbhíse míochaine inbhuanaithe comhtháite a chur ar aghaidh agus soláthar inmheánach agus seachfhoinsithe seirbhísí mar chuid de sin. Tá réitigh curtha i bhfeidhm ag an mBuan-Chomhchoiste i roinnt réimsí um sheachadadh seirbhíse agus leanfaidh sé ar aghaidh ag forbairt réiteach i dtreo a phlean oibre comhaontaithe a chur i bhfeidhm. Díreoidh an Comhchoiste, agus é ag obair as lámh a chéile leis an Oifigeach um Bunathrú agus Leasú Córas, ar réitigh a chur i bhfeidhm chun cinntiú go ndéantar seirbhísí míochaine a sheachadadh ar bhealach barrmhaith agus inbhuanaithe.

I rith 2015, agus é ag gníomhú de réir molta ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis, thug an tAire Sláinte aitheantas foirmiúil do Chógas Míleata mar Speisialtacht i nDeireadh Fómhair. Is í Éire an chéad tír ar an domhan a bhfuil aitheantas foirmiúil tugtha aici do Speisialtacht an Chógais Mhíleata.

## TÁSTÁIL DRUGAÍ RANDAMACH ÉIGEANTACH (TDRÉ) & TÁSTÁIL DRUGAÍ SPRIOCDHÍRITHE (TDSD)

I 2015, rinne foireann tástála drugaí Óglaigh na hÉireann 13 hoibríocht tástála drugaí, agus tástáladh 1,184 comhalta pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann. As na 1,184 tástáil fuarthas toradh dearfach ar 98.56% díobh. Fuarthas toradh dearfach ar 17 thástáil a bhí comhionann le 1.44% de líon iomlán na dtástálacha a rinneadh. Glacadh gníomh riaracháin cuí i ngach cás. Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí beirt bhall d'Óglaigh na hÉireann faoi réir thástáil drugaí spriocdhírithe. Tugtar sonraí faoi thástáil drugaí i dtábla 2.6 agus 2.7 thíos.

*Tábla 2.6 Tástáil Drugaí Randamach Éigeantach le haghaidh na mblianta 2009 - 2015*

| Bliain | Líon Iomlán a Tástáladh | Tástálacha Dearfacha |
|---|---|---|
| 2009 | 1.719 | 6 |
| 2010 | 1,586 | 7 |
| 2011 | 1,362 | 6 |
| 2012 | 2,058 | 16 |
| 2013 | 1,054 | 13 |
| 2014 | 1,092 | 5 |
| 2015 | 1,184 | 17 |
| **Iomlán** | **10,055** | **70** |

*Tábla 2.7 Líon na dTástálacha Drugaí Randamacha Éigeantacha a rinneadh de réir ionaid i 2015*

| Eagar | Iomlán |
|---|---|
| 2ú Briogáid | 553 |
| 1ú Briogáid | 220 |
| Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann | 54 |
| An tAerchór | 230 |
| An tSeirbhís Chabhlaigh | 76 |
| Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann | 51 |
| **Iomlán** | **1,184** |

## SÁSAMH IN ÉAGÓRACHA

Leanadh ar aghaidh le hathbhreithniú cuimsitheach ar an bpróiseas um shásamh éagóracha i rith 2015 agus tá sé le bheith críochnaithe i 2016. Déanfar plé faoin Athbhreithniú le gach páirtí leasmhar agus é mar aidhm teacht ar chomhaontú faoina chuid moltaí agus faoina chur i bhfeidhm.

*Tábla 2.8 Iarratais ar Shásamh Éagóracha*

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Forbairt Gairme | 49 | 59 | 39 | 28 | 21 |
| Caidreamh Idirphearsanta | 4 | 7 | 3 | 8 | 9 |
| Eile | 31 | 44 | 69 | 60 | 47 |
| **Iomlán** | **84** | **110** | **111** | **96** | **77** |

## SCÉIM RÉITIGH AGUS EADRÁNA ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Próiseáladh tuairim is 132 éileamh tríd an Scéim Réitigh agus Eadrána i rith 2015.

## CUMANN IONADAÍOCHTA NA NOIFIGEACH COIMISIÚNTA (RACO)

Le linn 2015, lóisteáil RACO roinnt éileamh nua ag an gComhairle Eadrána, a pléadh ag cúig chruinniú den Chomhairle. Síníodh dhá thuarascáil chomhaontaithe agus ceithre huarascáil easaontaithe i 2015. Tháinig aon éisteacht féimheachta amháin chun cinn de thoradh éileamh i rith 2015. Reáchtáladh ceithre chruinniú d'Fhóram Míleata CC Óglaigh na hÉireann ar a pléadh réimse saincheisteanna.

## COMHLACHAS IONADAITHEACH CHÉIMNIGH EILE NA MBUAN-ÓGLACH (PDFORRA)

Lóisteáil PDFORRA roinnt éileamh nua leis an gComhairle Eadrána le linn 2015. Pléadh na héilimh sin ag cúig chruinniú den Chomhairle. Síníodh dhá thuarascáil chomhaontaithe agus aon tuarascáil easaontaithe amháin i 2015. Tháinig aon éisteacht féimheachta amháin chun cinn de thoradh éileamh i rith 2015. Reáchtáladh ceithre chruinniú d'Fhóram Míleata CC Óglaigh na hÉireann ar a pléadh réimse saincheisteanna.

## COMHAONTÚ NA SEIRBHÍSE POIBLÍ 2013-2016 "COMHAONTÚ HADDINGTON ROAD"

I rith 2015 leanadh ar aghaidh le hobair chun cur i bhfeidhm fhorálacha lárnacha Chomhaontú Haddington Road a thabhairt chun críche chomh maith le cur i bhfeidhm na bhforálacha sonracha a fhoráiltear dóibh faoi Chomhaontú Comhchoiteann na hEarnála Cosanta. Leanadh ar aghaidh le hobair ar na hathbhreithnithe ar na Grúpaí Pá Theicniúil 2-6 agus ar na liúntais dualgais slándála, mar a fhoráiltear dóibh faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

## COMHAONTÚ NA SEIRBHÍSE POIBLÍ 2013-2018 "COMHAONTÚ HADDINGTON ROAD"

I rith 2015, tógadh plé faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdowne chun críche, agus d'fhreastail RACO agus PDFORRA ar na cainteanna próisis comhuaineacha agus ghlac siad páirt iontu. Tá na páirtithe go léir tiomanta don chlár athchóirithe mar atá leagtha amach sa chomhaontú.

## AIRGEADAS

I rith 2015, ghníomhaigh Brainse Airgeadais na Roinne, atá lonnaithe sa Rinn Mhór, Gaillimh, mar sholáthraí seirbhísí comhroinnte don Roinn Cosanta, d'Óglaigh na hÉireann, agus do Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Tá sé freagrach as gach íocaíocht (párolla agus pinsin san áireamh) a dhéanamh thar ceann na Roinne agus Óglaigh na hÉireann agus as cuntas a thabhairt ina leith; as comhordú a dhéanamh ar an obair a bhaineann le meastacháin; agus as pinsin mhíleata a riar (chomh maith le beartas pinsin a cheapadh). I rith 2015, d'oibrigh an Brainse i ndlúthpháirt leis an Tionscadal um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla (SCP) de chuid an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun trí phárolla de chuid na Roinne (Státseirbhísigh, Fostaithe Sibhialta agus Pinsin Mhíleata) a ascnamh chuig Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Státseirbhíse (SCRP), agus leanfaidh siad ar aghaidh ag comhoibriú go hiomlán leis an tionscadal seo chun déanamh cinnte go n-aistreofar go rathúil freisin párollaí eile na Roinne.

I rith 2015, chríochnaigh an Brainse Airgeadais na cúraimí seo a leanas freisin:

- chuir siad le forbairt próiseas caighdeánaithe agus struchtúr coitianta Chairt Cuntas do Thionscadal Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais na Státseirbhíse.
- chríochnaigh an Comhghrúpa Forfheidhmithe a athbhreithniú ar fhionnachtana na Tuarascála ar an Athbhreithniú ar Bhainistíocht Fardail d'Óglaigh na hÉireann;
- rinneadh uasghrádú ar an mbunachar bunaidh a thacaíonn leis an tsraith um bainistíocht airgeadais agus fardail agus cuireadh na paistí slándála i bhfeidhm chun an ailtireacht fhoriomlán a chosaint;
- oibríodh as lámh a chéile leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus ceithre Roinn eile chun margadh lárnach ar lascaine a bhaint amach chun leas a bhaint as an áis Oracle um

Ardseirbhís Chustaiméara.

- glacadh páirt sa phainéal chun measúnú a dhéanamh ar thairiscintí chun réiteach singil Bainistíochta Airgeadais a chur ar fáil;
- cuireadh i bhfeidhm gnéithe párolla den Scéim Pinsin Shingil (Acht na bPinsean 2012);
- cuireadh i bhfeidhm comhlíontacht SEPA do Phárolla Pinsean Míleata (Meitheamh 2015); agus
- críochnaíodh athbhreithniú oibriúcháin ar Dhearbhuithe Pinsin caighdeánacha (Meán Fómhair 2015),

Léirítear sa tábla thíos cuid den obair a rinne an Brainse Airgeadais i rith 2015.

*Tábla 2.9 Idirbhearta Airgeadais 2015*

| | |
|---|---|
| Líon íocaíochtaí neamh-phárolla a rinneadh (sonraisc, srl.) | 38,685 |
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh a bhain le párolla* | 541,181 |
| An líon ag fáil pinsean míleata (cleithiúnaigh san áireamh) | 12,128 |
| Líon éileamh Taistil & Cothaithe a próiseáladh | 18,500 |
| Líon na bpinsean nua a ceadaíodh (seirbhís, míchumas & cleithiúnaigh) | 396 |
| Líon na gcásanna a próiseáladh ar bhás pinsinéara | 300 |
| Líon na bhfiosruithe a freagraíodh a bhain le párolla pinsin** | 5,021 |
| Líon ceisteanna Dlí Teaghlaigh maidir le Párolla i 2015 | 21 |
| Líon ráiteas sochar Párolla a cuireadh ar fáil i 2015 | 2,480 |
| Líon ceisteanna faoi Dhlí Teaghlaigh Pinsin i 2015 | 374 |
| Líon ráiteas sochar Pinsin a cuireadh ar fáil i 2015 | 368 |
| Tuarascálacha Bainistíochta a Foilsíodh | 320 |

* Ó Mhárta 2015 ar aghaidh, aistríodh freagracht as íocaíocht phárollaí státseirbhísigh agus sibhialta chuig Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Státseirbhíse (ISCP)

* Ó Dheireadh Fómhair 2015 ar aghaidh, aistríodh freagracht as íocaíocht pinsean míleata chuig Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Státseirbhíse (ISCP)

## ÍOC PRAS CUNTAS

Ceanglaítear ar ranna Rialtais íocaíocht a dhéanamh le soláthraithe earraí agus seirbhísí laistigh de 15 lá ó shonrasc bailí a fháil. I 2015, rinneadh 94% d'íocaíochtaí na hEarnála Cosanta laistigh de 15 lá agus rinneadh 99.8% d'íocaíochtaí laistigh de 30 lá. I 2015, d'íoc an Roinn Cosanta ús íocaíochta praise de €226.51 ar 42 shonrasc as íocaíochtaí deireanacha de réir théarmaí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dheireanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002.

## SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA DLÍTHÍOCHT

Láimhseálann Brainse Dlíthíochta na Roinne cásanna a thógtar i gcoinne an Aire Chosanta. Soláthraíonn sé faisnéis, tuarascálacha, srl., de réir mar a theastaíonn ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) agus/nó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (OPAS) i dtaobh gach cineál cás dlíthíochta, lena n-áirítear Éilimh as Díobhálacha Pearsanta, Athbhreithnithe Breithiúnacha, Toghairmeacha Iomlánacha agus Billí Sibhialta. Leanann an Brainse ar aghaidh ag glacadh ról gníomhach i mbainistíocht ar riosca dlíthíochta trí chruinnithe rialta leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Ghlac sé páirt sa Ghrúpa Idirchaidrimh um Bainistíocht Riosca a bhfuil ionadaithe air ón Roinn Cosanta, ó Óglaigh na hÉireann agus ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stáit. Ina theannta sin rinne sé monatóireacht ar fhorbairtí sna réimsí Neamhord Struis Iarthrámaigh (NSIT) agus ceimeaphróifíolacsas maláire.

I dTábla 2.10 leagtar amach an seasamh maidir le gach cás dlíthíochta amhail an 31 Nollaig 2015:

*Tábla 2.10 Cásanna dlíthíochta 2015*

| Cineál Cáis | Arna Láimhseáil ag | Idir Lámha 1/1/2015 | Faighte i 2015 | Réitithe i 2015 | Idir Lámha 31/12/2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Díobháil Phearsanta | GÉS/ CSSO | 295 | 124 | 97 | 322 |
| Athbhreithniú Breithiúnach | CSSO | 4 | 9 | 5 | 8 |
| Iomlánach | CSSO | 14 | 3 | 3 | 14 |
| An Chúirt Uachtarach / An Chúirt Achomharc | CSSO | 6 | 0 | 1 | 5 |
| Bille Sibhialta | | | | | |
| | CSSO | 18 | 22 | 11 | 29 |
| An tÚdarás um Chomhionannas Fostaíochta | CSSO | 1 | 0 | 0 | 1 |
| **Iomláin** | | **338** | **158** | **117** | **379** |

Caitheadh € 3,730,091 san iomlán sa bhliain 2015 ar na cásanna go léir. Tugtar miondealú ar na figiúir i dTábla 2.11 thíos

*Tábla 2.11 Costais Dlíthíochta*

| | CSSO | GÉS | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | Fostaíocht | Díobháil Phearsanta | Díobháil Phearsanta | |
| Socruithe | €105,500 | €2,108,482 | | €2,213,982 |
| Costais Dlí Gearánaí | €191,346 | €794,639 | | €985,985 |
| Costais Mhíochaine | | €54,248 | | €54,248 |
| Táillí Aturnae Gníomhaireachta | | €176,949 | | €176,949 |
| Táillí Abhcóide Gníomhaireachta | | €185,419 | | €185,419 |
| Táillí Measúnaithe an Bhord Díobhálacha | | €12,461 | | €12,461 |
| Costais Ilghnéitheacha | | €48,076 | €52,971 | €101,047 |
| **Iomlán** | **€296,846** | **€3,380,274** | **€52,971** | **€3,730,091** |

## REACHTAÍOCHT

I rith 2015 rinneadh go leor dul chun cinn maidir leis na réimsí reachtaíochta seo a leanas:

## AN TACHT COSANTA (LEASÚ) 2015

Achtaíodh an tAcht Cosanta (Leasú) 2015 i mí Iúil 2015 chun foráil a dhéanamh do rang coimisiúnaithe Leas-Aimiréil in Óglaigh na hÉireann. Is é Leas-Aimiréal an rang cabhlaigh atá comhionann leis an rang airm Leifteanant-Ghinearál.

## AN BILLE COSANTA (FIANAISE DLÍ-EOLAÍOCHTA)

Is é cuspóir an Bhille seo, atá an-chosúil le forálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA) 2014 ná déanamh cinnte go bhfuil rochtain ag na Póilíní Airm ar thástáil DNA ar bhonn reachtúil (ar aon dul, áit is cuí, le cumhachtaí an Gharda Síochána faoi Acht 2014) maidir le coireanna tromchúiseach a bhaineann le baill foirne míleata a fhiosrú. D'fhaomh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille i bhFeabhra 2015. D'oibrigh an Roinn i ndlúthpháirt le hOifig na nDréachtóirí Parlaiminte (ODP) i rith 2015 maidir leis an bpíosa teicniúil reachtaíochta sin a dhréachtú.

## AN BILLE CROISE DEIRGE

Déantar foráil sa Bhille do neamhspléachas Chumann Croise Deirge na hÉireann, agus foráiltear freisin, de réir ghealltanais an Stáit faoi Choinbhinsiúin na Ginéive, do chosaint an Chumainn náisiúnta agus do shuaitheantais Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg. D'fhaomh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille i Samhain 2015. Má achtaítear an Bille, déanfaidh sé leasú agus comhdhlúthú ar an gcreat rialála atá i bhfeidhm faoi láthair do Chumann Croise Deirge na hÉireann atá déanta suas de na hAchtanna um Chumann Croise Deirge 1938 agus 1954 agus an reachtaíocht choimhdeach thánaisteach go léir.

## REACHTAÍOCHT THÁNAISTEACH

Leanadh ar aghaidh le hobair i rith 2015, i dteannta leis na húdaráis mhíleata, maidir le leasú agus athchóiriú Rialacháin éagsúla Óglaigh na hÉireann a rinneadh de bhun an Acht Cosanta 1954.

## INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH

Aonad neamhspleách é Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne a chuireann seirbhís iniúchóireachta inmheánaí ar fáil don Roinn agus d'Óglaigh na hÉireann agus a thugann tuairisc dhíreach don Ard-Rúnaí. Mar sholáthraí seirbhíse, cloíonn an Rannóg leis na caighdeáin iniúchta arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tugann an Rannóg dearbhú neamhspleách agus oibiachtúil don bhainistíocht, idir bainistíocht shibhialta agus mhíleata, chomh maith le gníomhaíocht chomhairliúcháin atá ceaptha chun luach a chur le hoibríochtaí na Roinne agus iad a fheabhsú. Baintear é sin amach trí fheabhas a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas um bainistíocht riosca, rialú agus rialáil san Eagraíocht. Oibríonn an Roinn de réir phlean bliantúil iniúchóireachta, ag clúdach raoin d'iniúchtaí ar chórais, chomhlíonadh agus stóir, a fhaomhann an tArd-Rúnaí. Déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar obair na Roinne; tá an Coiste déanta suas de bheirt comhaltaí seachtracha (a bhfuil duine acu ina gCathaoirleach air) agus d'aon ionadaí amháin ó gach ceann den da thaobh sibhialta agus míleata den Eagraíocht Cosanta. I rith 2015, rinne an Rannóg clár de 10 n-iniúchadh.

## SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann tiomanta chun an caighdeán is airde de sheirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil do na daoine aonair agus na heagraíochtaí a mbímid ag plé leo. Sa Chairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí (2013-2015) de chuid na Roinne Cosanta, tá eolas faoi na prionsabail agus na caighdeáin um sheirbhís do chustaiméirí ar féidir a bheith ag súil leo ón Eagraíocht.
Tá ionadaíocht ag an Roinn ar an Líonra Oifigeach

um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (SAC) de chuid an Oifig Leasaithe agus Seachadta, an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe, ar líonra idir-rannach é. Bíonn cruinnithe rialta ag an líonra chun béim a leagan ar sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí agus chun plé a dhéanamh faoi conas is féidir seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a choimeád agus a fheabhsú san oifig phoiblí, faoi chlár Athnuachana na Státseirbhíse.

Tá Oifigeach Idirchaidrimh SAC ag gach Brainse sa Roinn a thugann tuairiscí ráithiúla don bhainisteoir Seirbhíse do Chustaiméirí maidir le tráthúlacht na bhfreagraí ar chomhfhreagras ó chustaiméirí, an méid teagmhála ó chustaiméirí a fuarthas trí Ghaeilge agus líon na ngearán ó chustaiméirí agus an réiteach orthu.

I rith 2015, fuarthas teagmháil 93,253 uair tríd an nguthán, tríd an bpost agus trí ríomhphost. Admhaíodh 98% de chomhfhreagras laistigh de thrí lá oibre agus ba é an ráta freagra laistigh de thrí seachtaine oibre ná 99%.

## SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ TRÍ GHAEILGE

Tá an Roinn Cosanta tiomanta chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i ndáil leis an leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge. Tugadh feidhm do thríú Scéim Ghaeilge 2014-2017 de chuid na Roinne Cosanta ar an 3ú Márta 2014. Sa Scéim leagtar amach gealltanais na Roinne maidir leis na seirbhísí a chuirfidh sí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. I dteannta leis sin, rinne Óglaigh na hÉireann a dtríú Scéim Teanga ar tugadh feidhm di ar an 21 Aibreán 2014. Déanann Oifig an Choimisinéara Teanga monatóireacht ar chur i bhfeidhm an dá Scéime. I 2015, lean an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann orthu ag cur ar aghaidh an Chomhphlean Forfheidhmithe le haghaidh an Straitéis 20 Bliana don Ghaeilge 2010-2030.

## SAORÁIL FAISNÉISE (FOI)

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, meastar gur comhlachtaí ar leithligh iad an Roinn Cosanta, Bord na n-Arm-Phinsean agus Óglaigh na hÉireann chun críocha an Achta. Taispeánann an tábla thíos líon na n-iarratas FOI a phróiseáil an Roinn i rith 2015.

*Tábla 2.12 Iarratais FOI Óglaigh na hÉireann a próiseáladh i rith 2015*

| | An Roinn Cosanta | Óglaigh na hÉireann |
|---|---|---|
| Iarratais Faighte 2015 | 94 | 249 |
| Iarratas Tógtha ar Aghaidh ó 2014 | 0 | 15 |
| Deonaithe | 37 | 153 |
| Deonaithe i bPáirt | 21 | 46 |
| Diúltaithe | 15 | 34 |
| Aistrithe | 3 | 0 |
| Tarraingthe Siar nó Láimh-seáilte lasmuigh de FOI | 14 | 3 |
| Líon Iomlán na n-Iarratas a Tugadh chun Críche i 2015 | 90 | 236 |
| Iarratais Tógtha ar Aghaidh chuig 2016 | 4 | 28 |

## TACAÍOCHT DO GHRÚPAÍ IARSHAIGHDIÚRA

Tá an Rialtas fós geallta chun cistí a chur ar fáil don Organisation of National Ex-Servicemen and Women (ONE) agus do Chumann Sheansaighdiúirí na Náisiún Aontaithe (Irish United Nations Veterans Association/IUNVA). Íocadh deontais bhliantúla ar luach €40,000 agus €10,000 faoi seach, le ONE agus IUNVA ón Vóta Cosanta i 2015.

## TIONSCADAL BHAILIÚCHÁN NA BPINSEAN SEIRBHÍSE MÍLEATA (1916-1923)

Mar chuid de chlár an Rialtais um Chuimhneacháin Chéad Bliain, tá an Roinn ag catalógú agus ag déanamh digitiú páirteach ar chomhaid phinsin na seirbhíse míleata atá i gcoimeád na gCartlann Míleata. Is é cuspóir Thionscadal Bhailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata (1916-1923) ná taifid agus comhaid a bhaineann leis an tréimhse ó Sheachtain na Cásca 1916, trí Chogadh na Saoirse agus tríd an gCogadh Sibhialta, a chur ar fáil don phobal agus do staraithe. Tá beagnach 30,000 comhad sa bhailiúchán sin.

Is é grúpa stiúrtha atá déanta suas d'ionadaithe ón Roinn Cosanta, ó Óglaigh na hÉireann, Roinn an Taoisigh, ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus ón gCartlann Náisiúnta atá ag déanamh maoirseachta ar an tionscadal. Ina theannta sin, tá meitheal cartlannaithe i bhfeidhm. Rinne an tríú scaoileadh ar líne ón mBailiúchán sin i Nollaig 2015. Sa scaoileadh sin bhí 882 comhad

daoine aonair, rud a chiallaíonn go bhfuil próiseáil déanta anois ar 2,389 comhad agus 113,841 íomhá scanta.

## AN CHARTLANN MHÍLEATA

Bhí lucht na Cartlainne Míleata an-ghnóthach i rith 2015 agus an iarracht i dtreo chuimhneachán céad bhliain 1916 ag bailiú nirt. Leanadh ar aghaidh le hobair ar fhoirgneamh nua úrscothach don Charltann Mhíleata a osclaíodh i mí Aibreáin 2016. Féadann an áis nua freastal ar 20 taighdeoir agus tá taisclann stórála saintógtha ann a fhéadann 67,500 bosca cartlainne a stóráil. Tá rialú aeráide i bhfeidhm sa taisclann agus coimeádann sí raonta sonracha teochta agus bogthaise chun an chartlann a chothabháil de réir caighdeán idirnáisiúnta. Ina theannta sin tá seomra fuar saintógtha san áis a stórálfaidh íomhánna agus spól scannáin i gcoinníollacha atá difriúil le coinníollacha na príomhthaisclainne agus saotharlann chaomhnúcháin inar féidir ábhar leochaileach nó damáistithe a athchóiriú.

Leanann an Chartlann Mhíleata ar aghaidh ag freagairt d'éileamh méadaitheach ar fhiosruithe poiblí. I 2015, thug 785 taighdeoir cuairt ar an gCartlann Mhíleata. Fuarthas 5,877 ríomhphost agus 2,424 glao gutháin ó bhaill den phobail. Freastalaíodh freisin ar roinnt foirne léirithe meáin, chomh maith le mic léinn ollscoile ó UCC, NUIM agus UCD. Rinne an Chartlann Mhíleata soláthar do roinnt léachtaí seachtracha do ghrúpaí éagsúla, scoileanna agus don phobal i gcoitinne. Leantar ar aghaidh ag plé leis an bpobal ar bhealaí eile trí hardáin meán sóisialta na Cartlainne Míleata Twitter, Flickr agus tríd an láithreán gréasáin www.militaryarchives.ie.

I rith 2015, i gcomhpháirt leis an Tionscadal Litreacha 1916 agus an Foras Feasa d'fhorbair an Chartlann Míleata pacáiste oideachais ina raibh pleananna ceachta bunaithe ar théama 1916 le haghaidh dhaltáí idirbhliana. Ba iad an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn a d'urraigh an tionscnamh. Bhí an tionscnamh dírithe ar cheardlann sheachtainiúil a reáchtáladh i mí Iúil agus ar tugadh cuireadh do mhúinteoirí, staraithe, chartlannaithe, ghairmithe i réimse na ndaonnachtaí digiteacha, agus mic léinn fhochéime páirt a ghlacadh inti. Forbraíodh roinnt pleananna ceachta agus nuair a bhí siad tugtha chun críche cuireadh i láthair iad ag an gCeardlann do Mhúinteoirí Staire i nDeireadh Fómhair 2015 ag an gCartlann Mhíleata agus foireann an Tionscadal Letters of 1916. Óstaítear na pleananna ceachta sin anois ar www.militaryarchives.ie agus clúdaíonn siad réimse ábhar lena n-áirítear stair, drámaíocht agus litríocht. Cabhróidh na pleananna ceachta le múinteoirí úsáid a bhaint as bunfhoinsí ar líne, lena n-áirítear bunfhoinsí na Cartlainne Míleata, chun daltaí a mhúineadh agus foghlaim chruthaitheach a cheadú maidir le tréimhse fhíorthábhachtach i stair na tíre.

## TEICNEOLAÍOCHTAÍ NA FAISNÉISE AGUS NA CUMARSÁIDE (TFC)

Soláthraíonn Brainse TFC na Roinne na hardáin agus na córais teicniúla chun cur ar chumas ball foirne a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Bhí cothabháil agus forbairt na gcóras teicniúil agus na n-ardán sin mar chuid lárnach de chlár tacaíochta 2015. Tá an Brainse freagrach freisin as óstú a dhéanamh ar na réitigh um pleanáil acmhainní fiontair de chuid na hEagraíochta a phléann le feidhmiúlacht bhainistíocht airgeadais, fardail agus sócmhainní ar fud na hEagraíochta. Freisin chuir an Brainse TFC le riachtanais seirbhíse agus teicneolaíochta ginearálta i dtaobh na dtionscnamh éagsúil um sheirbhísí comhroinnte.

Is é an comhlacht rialála foriomlán le haghaidh cúrsaí TFC sa Roinn Cosanta agus in Óglaigh na hÉireann ná an Coiste Stiúrtha um Theicneolaíocht na Faisnéise (CSTF) atá déanta suas de bhaill sibhialta agus mhíleata ar leibhéil sinsearacha san Eagraíocht. Cinntíonn an CSTF go nglactar dearcadh straitéiseach i dtreo clár agus go gcuirtear prionsabail an Luacha ar Airgead (LA) i bhfeidhm maidir le caiteachas TFC. Tá cláir chaiteachais fós faoi réir smachtbhannaí sonracha ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá clár leantach d'infheistíocht i TFC mar chuid lárnach d'oibríochtaí na hEagraíochta agus beidh sé ríthábhachtach chun gur féidir cuspóirí na heagraíochta a chomhlíonadh. Chuige sin, agus ionaid díláraithe iolracha na Roinne á dtógáil san áireamh, leanfaidh an Brainse TFC ar aghaidh ag leathnú an raon fearas agus úsáid na teicneolaíochta cliste chun éifeachtacht a fheabhsú agus táirgiúlacht agus comhar a mhéadú.

PAGE INTENTIONALLY BLANK

# CUID 3: ASCHUIR OIBRIÚCHÁIN ÓGLAIGH NA HÉIREANN

I rith 2015, lean Óglaigh na hÉireann ar aghaidh ag seachadadh raon leathan d'aschuir oibriúcháin ar fud na ról éagsúil a shann an Rialtas dóibh.

## IMSCARTHAÍ THAR LEAR AR OIBRÍOCHTAÍ TACAÍOCHTA SÍOCHÁNA

Agus oibríochtaí thar lear á bpleanáil agus tacaíocht á tabhairt dóibh, tá comh-rannpháirtíocht bhaill foirne Óglaigh na hÉireann agus na Roinne mar ghné riachtanach i mbainistíocht éifeachtach imscarthaí. Áirítear leis sin athbhreithniú ar oibríochtaí féideartha, pleanáil uainíochta, pleanáil soláthair agus traenáil. Oibríonn an Roinn agus Óglaigh na hÉireann as lámh a chéile chun cinntiú go n-uasmhéadaítear na roghanna atá ar fáil don Rialtas chun a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, mar bhealach chun cuspóirí beartais eachtraigh agus cosanta na hÉireann a chur ar aghaidh.

I rith 2015, sheirbheáil 1,383 ball de na Buan-Óglaigh thar lear i misin éagsúla lenar áiríodh postuithe leis na NA, an AE, OSCE (An Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhar san Eoraip) agus PfP / NATO. I dTábla 3.1 thíos tugtar an miondealú de réir na gcatagóirí misin ar an 1 Eanáir 2015 agus an 31 Nollaig 2015.

Bhain príomhghealltanais na hÉireann i rith na bliana le Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) mar chuid de Chomhchathlán Fionlannach agus Éireannach faoi cheannas na Fionlainne (FINNIRISHBATT). Bhain na príomhghealltanais eile le Fórsa Breathnóireachta Díscoir na Náisiún Aontaithe (UNDOF) sa tSiria agus misean daonnúil na Seirbhíse Cabhlaigh sa Mheánmhuir áit a raibh trí hárthach de chuid na Seirbhíse Cabhlaigh ag déanamh uainíochta, agus ar tháinig deireadh leis i Samhain 2015. Freisin ghlac Éire páirt i Misean nua Tacaíochta Diongbháilte faoi cheannas NATO san Afganastáin, ar cuireadh tús leis ar an 1 Eanáir 2015, tar éis gur tarraingíodh siar misean an Fhórsa Cúnamh Slándála Idirnáisiúnta (FCSI), ar tháinig deireadh leis ar an 31 Nollaig 2014.

In áiteanna eile, lean Éire ar aghaidh ag imscaradh chomhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann thar lear i misin bhreathnóireachta agus in imscarthaí trúpa ar nós Misean Traenála an AE i Mailí (EUTM Mailí); an misean EUFOR sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin; agus an láithreacht slándála idirnáisiúnta faoi cheannas NATO (KFOR) sa Chosaiv. Lean Oifigigh Foirne agus Breathnóirí Míleata, agus iad ag seirbheáil sna NA, san AE agus san OCSE, ar aghaidh ag glacadh ról luachmhar in Oibríochtaí Tacaíochta Síochána i dtíortha agus réigiúin mar Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, an Cósta Eabhair, an tSahára Thiar, an Meán-Oirthear agus ar fud na mBalcán. Sheirbheáil comhaltaí pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann i bhfoirne míleata an AE agus NATO/PfP sa Bhruiséil agus leis an OSCE i Vín, áit a raibh poist lárnacha éagsúla acu. Ina theannta sin, tugadh comhaltaí pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann as Éirinn do Cheanncheathrú an Chathghrúpa Nordaigh sa tSualainn a críochnaíodh in Iúil 2015. Ó Mheán Fómhair 2015 ar aghaidh, thug Éire comhaltaí pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann don Chathghrúpa 2016 faoi cheannas na Gearmáine i Strasbourg agus freisin do Chathghrúpa 2016 faoi cheannas an RA sa RA.

Mar fhreagra ar iarratas ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, imscaradh triúr ball de na Buan-Óglaigh chuig Ambasáid na hÉireann i Freetown, Siarra Leon i mí na Samhna 2014 go dtí Feabhra 2015 faoin tionscnamh um Foireann Cúnaimh Shibhialta Éigeandála, chun cabhrú le freagra na hÉireann ar an ngéarchéim Ebola san Afraic Thiar.

Chun cabhrú níos mó le freagra na hÉireann ar an ngéarchéim Ebola san Afraic Thiar, imscaradh cúigear ball de na Buan-Óglaigh chuig Siarra Leon i 2015 mar chuid de Chomh-Thascfhórsa Idirghníomhaireachta a bhí ag dul i ngleic le hEbola sa réigiún. Imscaradh na comhaltaí pearsanra Éireannacha chuig Siarra Leon ar an 17 Eanáir 2015 tar éis thraenáil réamh-imscartha sa RA. Tháinig deireadh leis an imscaradh sin ar an 15 Meán Fómhair 2015.



*Tábla 3.1 Postuithe na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann Thar Lear – 2015*

| MISEAN | 01-EAN-15 | 31-NOLL-15 |
|---|---|---|
| Oibríochtaí faoi cheannas na Náisiún Aontaithe | | |
| UNTSO (An Meán-Oirthear) | 12 | 13 |
| MINURSO (An tSahára Thiar) | 3 | 3 |
| MONUSCO (Poblacht Dhaonlathach an Chongó) | 4 | 4 |
| UNOCI (Cote d'Ivoire) | 2 | 2 |
| Ceanncheathrú UNIFIL (An Liobáin) | 9 | 9 |
| Cathlán Coisithe UNIFIL (An Liobáin) | 186 | 184 |
| CC Sector West UNIFIL (An Liobáin) | 4 | 4 |
| Grúpa Coisithe UNDOF (Arda Golan) | 130 | 131 |
| CC UNDOF HQ (Arda Golan) | 8 | 8 |
| FO-IOMLÁN (Na NA) | 358 | 358 |
| Oibríochtaí faoi cheannas an Aontais Eorpaigh | | |
| EUFOR (An Bhoisnia & an Heirseagaivéin) | 7 | 7 |
| CC an Chathghrúpa Nordaigh | 14 | 0 |
| Cathghrúpa faoi cheannas na Gearmáine 2016 | 0 | 10 |
| Cathghrúpa faoi cheannas an RA 2016 | 0 | 5 |
| EUTM Mhailí | 10 | 9 |
| FO-IOMLÁN (Misin faoi Shainordú na NA) | 31 | 31 |
| Oibríochtaí faoi cheannas NATO | | |
| CC KFOR | 12 | 12 |
| MTD (Misean Tacaíochta Diongbháilte san Afganastáin) | 7 | 7 |
| FO-IOMLÁN (NATO/PfP) | 19 | 19 |
| Oibríochtaí faoi cheannas OSCE | | |
| OSCE | 3 | 2 |
| FO-IOMLÁN (OSCE) | 3 | 2 |
| Postuithe mar Ionadaithe/Chomhairleoirí/Bhaill Foirne Míleata | | |
| UNNY (Nua-Eabhrac) | 1 | 1 |
| EUMS (An Bhruiséil) | 5 | 3 |
| NATO/PFP (An Bheilg)* | 5 | 5 |
| Toscaireacht na hÉireann chuig OSCE (Vín) | 1 | 1 |
| CSDP/PSC (An Bhruiséil)* | 9 | 9 |
| FO-IOMLÁN (IONADAITHE/COMHAIR-LEOIRÍ/BAILL FOIRNE MÍLEATA) | 21 | 19 |
| **IOMLÁN NA gCOMHALTAÍ PEARSANRA THAR LEAR** | **432** | **429** |

* Imscartar baill foirne sibhialta agus míleata araon ón Eagraíocht Chosanta chuig oifigí CSDP/PSC agus NATO/PfP sa Bhruiséil.

## FÓRSA EATRAMHACH NA NÁISIÚN AONTAITHE SA LIOBÁIN (UNIFIL)

In 2015, imscaradh 197 ball foirne de chuid Óglaigh na hÉireann le UNIFIL. Sheirbheáil Óglaigh na hÉireann mar chuid de Chomhchathlán Fionlannach/Éireannach atá bunaithe i Sector West de réimse oibríochtaí UNIFIL i gceantar a d'ainmnigh an Ceannaire Fórsa, i gceantar an Tri agus le dhá phost ar an 'Line of Withdrawal' (a dtugtar an 'Blue Line') uirthi freisin, a scarann an Liobáin agus Iosrael. I mBealtaine 2015, tar éis faomhadh a fháil ó na NA, chumhdaigh an Fhionlainn Buíon Eastónach amháin, a bhí déanta suas de 37 ball foirne sa Chathlán Fionlannach.

Rinneadh dhá uainíocht trúpaí i rith 2015.I mBealtaine 2015, chuaigh an 49ú Grúpa Coisithe in ionad an 47ú Grúpa Coisithe agus i rith mhí na Samhna 2015, chuaigh an 49ú Grúpa Coisithe in ionad an 51ú Grúpa Coisithe. Bhí tuairim is 185 bhall foirne i ngach Grúpa Coisithe. Ina theannta sin, sheirbheáil roinnt comhaltaí pearsanra ó Óglaigh na hÉireann i gCeanncheathrú Sector West UNIFIL i Shama agus i gCeanncheathrú an Fhórsa i Naqoura.

## FÓRSA BREATHNÓIREACHTA DÍSCOIR NA NÁISIÚN AONTAITHE (UNDOF)

I 2015, imscaradh 130 ball foirne de chuid Óglaigh na hÉireann le UNDOF sa tSiria. Is é príomhchúram chathlán na hÉireann ná gníomhú mar Chúltaca Soghluaiste an Fhórsa, agus Fórsa Mearfhreagartha a sholáthar, a bhíonn ar fuireachas chun cabhrú le hoibríochtaí idir lámha laistigh de réimse freagrachta UNDOF.

Rinneadh dhá huainíocht i 2015. I Márta 2015 chuaigh an 48ú Grúpa Coisithe in ionad an 46ú Grúpa Coisithe. I Meán Fómhair 2015 chuaigh an 50ú Grúpa Coisithe in ionad an 48ú Grúpa Coisithe.



I dteannta le Cúltaca Soghluaiste an Fhórsa, tá ochtar ball foirne eile ó Óglaigh na hÉireann bunaithe i gCeanncheathrú UNDOF, Campa Ziouani, lena n-áirítear an Leascheannaire Fórsa, Briogáidire-Ghinearál Anthony Hanlon, a chuaigh i mbun an phoist sin ar an 20 Meán Fómhair 2014. Ar iarratas na NA, síneadh ceapachán an Bhriogáidire-Ghinearál Hanlon go dtí an 21 Márta 2016.

D'éirigh an troid idir Fórsaí Armtha Arabacha na Siria agus eilimintí armtha in aghaidh an Rialtais níos measa i gceantar freagrachta UNDOF le linn 2014. Mar thoradh air sin rinneadh athailíniú bunúsach ar mhisean UNDOF agus é mar aidhm rioscaí doghlactha do choimeádaithe síochána a íoslaghdú agus sainordú an mhisin fós á chur i bhfeidhm. Tá an chuid is mó de chomhaltaí pearsanra UNDOF imscartha ar thaobh Iosrael den deighilt anois. Gné thábhachtach fós, áfach, é láithreacht leantach an mhisean UNDOF maidir le cobhsaíocht a chinntiú ar Arda Golan agus sa Mheán-Oirthear agus tacaíonn an tSiria agus Iosrael leis agus cuireann siad fáilte roimhe.

## FÓRSA AN AONTAIS EORPAIGH (EUFOR) – AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN (BIH)

Leanann "Operation ALTHEA" sa Bhoisinia agus sa Heirseagaivéin (BiH) ar aghaidh ag díriú ar thimpeallacht shábháilte agus shlán a choimeád agus maoirseacht á déanamh ar aistriú tascanna míleata chuig údaráis náisiúnta. Cuid thábhachtach é an misean fós d'iarrachtaí cuimsitheacha an AE i BiH chun tacú le próiseas polaitiúil atá dírithe ar BiH a chumasú, ar bhonn leasuithe riachtanach, chun bogadh ar aghaidh i bpróiseas lánpháirtíochta an AE.

Ar an 10 Samhain 2015, ghlac Comhairle Slándála na NA le Rún (2247) (2015) trína ndearnadh athnuachan ar shainordú EUFOR ar feadh tréimhse breise de 12 mhí go dtí Samhain 2016.

Tá seachtar ball d'Óglaigh na hÉireann imscartha ar an misean seo; tá siad go léir suite sa Cheanncheathrú i Sairéavó.

## MISEAN TRAENÁLA AN AONTAIS EORPAIGH - EUTM MHAILÍ

I 2013, bhunaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh Misean Traenála an Aontais Eorpaigh (EUTM Mhailí). Bhí sainordú an mhisin le bheith ann ar feadh 15 mhí ar dtús, ach síneadh é sin agus lean an sainordú reatha ar aghaidh go dtí Bealtaine 2016. Is é cuspóir an mhisin ná feabhas a chur ar chumas Fhórsaí Armtha Mhailí slándáil a choimeád i Mailí agus údarás Rialtas Mhailí chomh maith le sláine críche Stát Mhailí a thógáil ar ais. I dteannta le traenáil chaighdeánach do choisithe, tá traenáil á tabhairt maidir le dlí daonnúil idirnáisiúnta, cosaint sibhialtach agus cearta daonna.

Tá an misean sin cuimsithe go hiomlán anois sa struchtúr traenála míleata i Mailí. Aithnítear EUTM Mhailí mar chomhpháirtí riachtanach in atógáil Stát Mhailí agus mar an bpríomhuirlis chun a chuid fórsa armtha a atógáil.
Imscaradh deichniúr ball de na Buan-Óglaigh chuig an Misean seo i 2015.

## FÓRSA NA COSAIVE (KFOR)

Leanann Éire ar aghaidh ag cur leis an Oibríocht Tacaíochta Síochána faoi údarás na NA agus faoi cheannas NATO sa Chosaiv (KFOR). Ag deireadh 2015 bhí dhá bhall foirne déag ó Óglaigh na hÉireann ag seirbheáil i gCeanncheathrú KFOR i Pristina.

## MISEAN TACAÍOCHTA DIONGBHÁILTE SAN AFGANASTÁIN

Bhí seachtar ball foirne ó Óglaigh na hÉireann ag seirbheáil leis an bhFórsa Cúnamh Slándála Idirnáisiúnta (FCSI), an fórsa faoi cheannas NATO agus faoi shainordú na NA san Afganastáin ó bhí 2002 ann. Tháinig deireadh le misean an FCSI ar an 31 Nollaig 2014, agus ansin ghlac Fórsaí Slándála Náisiúnta na hAfganastáine freagracht iomlán as slándáil san Afganastáin. Seoladh an misean leantach faoi cheannas NATO, an 'Misean Tacaíochta Diongbháilte' ar an 1 Eanáir 2015 tar éis gur tarraingíodh siar FCSI. Tar éis faomhadh a fháil ón Rialtas, rinneadh na seachtar ball foirne as Éirinn a bhí imscartha chuig FCSI a athshannadh chuig an Misean Tacaíochta Diongbháilte ar an 1 Eanáir 2015 agus bhí siad bunaithe i gceanncheathrú an Mhisin i Kabul. Chuir Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe fáilte roimh an Misean Tacaíochta Diongbháilte nuair a glacadh d'aon toil le Rún 2189 ar an 12 Nollaig 2014. Sa Rún sin leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht idirnáisiúnta leantach do chobhsaíocht na hAfganastáine.

Is é atá sa Mhisean Tacaíochta Diongbháilte faoi cheannas NATO ná misean traenála neamhchomhraic atá ceaptha chun traenáil a chur ar chomhaltaí pearsanra míleata Afganastánacha agus na próisis agus córais traenála riachtanacha a bhunú agus a riar a ligfidh do Rialtas na

hAfganastáine soláthar go héifeachtach dá chuid slándála náisiúnta féin ar bhealach inbhuanaithe. Soláthraíonn an Misean Tacaíochta Diongbháilte gníomhaíochtaí traenála, comhairleacha agus cúnaimh ar leibhéil náisiúnta agus institiúide chun tacú le fórsaí míleata agus póilíní.

## EAGRAÍOCHT NA NÁISIÚN AONTAITHE UM SHLÁNDÁIL AGUS CHOMHOIBRIÚ SAN EORAIP (OSCE)

Comhlacht slándála uile-Eorpach é an OSCE a oibríonn i socrú réigiúnach faoi Chaibidil VIII de Chairt na NA. Tá an OSCE mar phríomhuirlis um rabhadh luath, chosc coinbhleachta, bainistíocht géarchéime agus athshlánú iarchoinbhleachta. Glacann sé cur chuige uathúil agus cuimsitheach i dtreo na slándála trína ndéileáiltear le trí ghné den tslándáil; an ghné dhaonna, an ghné pholaitiúil-mhíleata agus an ghné eacnamaíochta-chomhshaoil. Seirbheálann beirt bhall d'Óglaigh na hÉireann leis an OSCE, duine acu sa Bhoisnia agus sa Heirseagaviéin agus an duine eile san Ostair. Bhí oifigeach amháin eile fós imscartha mar chomhairleoir míleata ag toscaireacht na hÉireann don OSCE i Vín.

## EAGRAÍOCHT NA NÁISIÚN AONTAITHE UM MAOIRSEACHT AR SHOS (UNTSO)

I rith 2015, d'imscar Éire 12 chomhalta pearsanra ó Óglaigh na hÉireann mar bhreathnóirí míleata i gceantar Misin UNTSO an Liobáin, an tSiria agus Iosrael. Ina theannta sin, cheap na Náisiúin Aontaithe ball de na Buan-Óglaigh An Maorghinearál Michael Finn chun an phoist Ceann Misin agus Ceann Foirne i misean UNTSO i mí Iúil 2013 agus lean sé ar aghaidh i mbun an phoist go dtí an 31 Iúil 2015. I Meán Fómhair 2015, cheap na Náisiúin Aontaithe an Cornal Eamon Caulfied chun an phoist Leascheann Foirne UNTSO.

## EILIMINTÍ MEARFHREAGARTHA (CATHGHRÚPAÍ)

Rinneadh athbhreithniú ar Choincheap Mhearfhreagartha an AE i 2014. Tugann an Coincheap sin deis do Bhallstáit páirt a ghlacadh in Uainchláir Chathgrúpa agus i mBunachair Mhearfhreagartha Mara, Aeir agus Talún.

I 2015, cuireadh Tascfhóra (TF) ISTAR (Faisnéis, Faireachas, Fáil Targaidí agus Taiscéalaíocht) Óglaigh na hÉireann ar fuireachas in éineacht leis an gCathghrúpa Nordach 2015-1 ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 30 Meitheamh 2015. I Meán Fómhair 2014, imscaradh 14 chomhalta pearsanra ó Óglaigh na hÉireann chun Cheanncheathrú an Chathghrúpa sa tSualainn le haghaidh sheal dualgais dhá mhí déag. Bhí Leascheannasaí an Chathghrúpa sa chathlán sin. D'fhill na comhaltaí pearsanra sin ar Éirinn i Meán Fómhair 2015. I mí Iúil 2015 cuireadh tús leis an ardú agus an comhchruinniú don Chathghrúpa 2016-2 faoi cheannas na Gearmáine. Beidh an ról sin sa Chathghrúpa ag teacht le TF ISTAR roimhe sin. Imscaradh deichniúr ball foirne chuig Ceanncheathrú Fórsa an Chathghrúpa faoi cheannas na Gearmáine i Meán Fómhair 2015. Ina theannta sin, imcaradh cúigear ball foirne ó Óglaigh na hÉireann chuig Ceanncheathrú Oibriúcháin, Fórsa agus Cathghrúpa an Chathghrúpa sa Ríocht Aontaithe i Samhain 2015.

## IMSCARADH NA SEIRBHÍSE CABHLAIGH CHUIG AN MEÁNMHUIR (OPERATION PONTUS)

I 2015, d'imscar an tSeirbhís Chabhlaigh trí long chuig an Meánmhuir, faoi choimirce an Note Verbale a síníodh le Rialtas na hIodáile ag tús Bhealtaine 2015, chun cabhrú le haisghabháil imirceach ó uiscí ar chósta na Libia. I rith an imscartha sin d'oibrigh an tSeirbhís Chabhlaigh i ndlúthpháirt agus i gcomhar le Cabhlach na hIodáile agus Garda Cósta na hIodáile.

Tar éis chinneadh Rialtais ar an 12 Bealtaine 2015, rinneadh an LÉ Eithne a imscaradh chuig an Meánmhuir ar an 16 Bealtaine 2015 chun cabhrú le hÚdaráis na hIodáile sa chomhiarracht beathaí a shábháil sa Mheánmhuir. Nuair a chríochnaigh an LÉ Eithne a tréimhse imscartha i mí Iúil 2015, chuaigh an LÉ Niamh ina hionad. Ina theannta sin chuaigh an LÉ Samuel Beckett in ionad an LÉ Niamh agus chuir an long sin tús le dualgais phatróil ar na huiscí idir an Libia agus an tSicil ar an 1 Deireadh Fómhair sular fhill sí ar Éirinn ar an 17 Nollaig 2015.

Léirigh rath na n-oibríochtaí a rinneadh i rith 2015 go soiléir a luachmhaire is a bhí rannpháirtíocht na hÉireann san fhreagra daonnúil tábhachtach sin. Mar atá leagtha amach i dTábla 3.2, tarrtháladh comhiomlán de 8,592 duine sa Mheánmhuir ag árthaí Chabhlach na hÉireann. Ar an drochuair, rinne an tSeirbhís Chabhlaigh 39 gcorp a aisghabháil le linn na tréimhse sin.

Bhí an-tábhacht ag baint le himscaradh shócmhainní cabhlaigh chun déileáil leis an ngéarchéim dhaonnúil sa Mheánmhuir. Chuir údaráis na

hIodáile fáilte mhór roimh rannpháirtíocht na hÉireann agus thug siad tacaíocht di.
Bronnadh dámhachtain 'Daoine na Bliana' ar Óglaigh na hÉireann mar aitheantas don tseirbhís den chéad scoth a tugadh le linn na hoibríochta sin.

*Tábla 3.2 OPERATION PONTUS*

| IMSCARTHA | AONAD | LÍON OI-BRÍOCHTAÍ CUAR-DAIGH AGUS TARRTHÁLA | DAOINE TARRTHÁILTE/ AISGHAFA |
|---|---|---|---|
| 16 BEALTAINE - 17 IÚIL | LÉ EITHNE | 22 | 3,377 |
| 10 IÚIL - 02 DEIREADH FÓMHAIR | LÉ NIAMH | 24 | 4,166 |
| 24 MEÁN FÓMHAIR-29 SAMHAIN | LÉ SAMUEL BECKETT | 11 | 1,088 |

## OIBRÍOCHTAÍ CÚNAIMH DON CHUMHACHT SHIBHIALTA (ATCP)

Is iad an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Garda Síochána go príomha atá freagrach as slándáil intíre. Tá ról lárnach ag Óglaigh na hÉireann maidir le tacaíocht ATCP a thabhairt de réir iarratais. Léiríonn Tábla 3.3 thíos líon agus cineál na n-oibríochtaí ATCP áit ar thacaigh Óglaigh na hÉireann leis an nGarda Síochána i 2015.

*Tábla 3.3 Oibríochtaí ATCP Óglaigh na hÉireann a rinneadh i 2015*

| Cineál Oibríocht ATCP | Líon na n-Oibríochtaí 2015 |
|---|---|
| Tionlacain Euro Airgid faoi Bhealach (AFB) | 11 |
| Tionlacain Phríosúnaigh | 142 |
| Glaonna amach um Dhiúscairt Ordánais Phléascaigh | 141 |
| Tionlacain Phléasach | 12 |
| Misin Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána | 1,021 |
| Garda Slándála sa Bhanc Ceannais | 365 |
| Patróil sa Bhanc Ceannais | 1,010 |
| Garda Ospidéil | 11 |
| Táirgeadh Pléascach, Garda Slándála | 365 |
| Dualgais Slándála Aerfoirt | 331 |
| Oibríochtaí Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh | 18 |
| **IOMLÁN** | **3,427** |

Ina theannta sin rinne Óglaigh na hÉireann garda armtha le haghaidh 365 lae i bhFoirgnimh an Rialtais agus i bPríosún Phort Laoise ar misin iad a eascraíonn ó threoir an Rialtais seachas iarratas ATCP ón nGarda Síochána.

*Tábla 3.4 Misin CIT a d'eitil an tAerchór i 2015*

| Aerárthach | Misin | Uaireanta Eitilte |
|---|---|---|
| Cessna FR 172 | 8 | 11 |
| Augusta Westland 139 | 13 | 17 |
| Iomlán | 21* | 28 |

*NÓTA: D'fhéadfadh go mbeadh dhá mhisean Aerchóir nó níos mó rannpháirteach in oibríochtaí CIT

## AONAD AERTHACAÍOCHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA (GASU)

Tugann an tAerchór tacaíocht don Gharda Síochána trí dhá héileacaptar agus aerárthach sciatháin dhobhogtha a oibriú, a chuimsíonn an GASU. Soláthraíonn an tAerchór maoirseacht agus píolótaíocht rialála don GASU agus cothabháil don aerárthach sciatháin dhobhogtha (Defender). Tá tacaíocht an Aerchóir don GASU clúdaithe ag téarmaí Chomhaontú Seirbhíse (CS) leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

*Tábla 3.5 Misin eitilte ag GASU an Aerchóir i 2015*

| Aerárthach | Misin | Uaireanta Eitilte |
|---|---|---|
| EC 135 T2 / Defender 4000 | 1,010 | 1,128 |

## DIÚSCAIRT ORDANÁIS PHLÉASCAIGH (DOP)

Soláthraíonn foirne DOP atá ag oibriú i réimse an ATCP cumas uathúil freagartha laistigh den Stát chun déileáil le teagmhais DOP. Forbraíodh an cumas sin thar bhlianta fada i dtimpeallachtaí oibriúcháin, sa bhaile agus thar lear a chuimsíonn oibríochtaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN). D'fhreagair foirne DOP Óglaigh na hÉireann 141 ghlao i 2015.

## OIBRÍOCHTAÍ TUMADÓIREACHTA ATCP

Tá cumhachtaí speisialaithe ag Rannóg Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh (RTSC) ar iarratas chun freagairt d'éigeandálaí ar fud an Stáit. Tá cumas tumadóireachta aeir suas go 50 méadar ag an RTSC agus tá raon leathan trealaimh speisialaithe ann um chuardach agus ardú faoi uisce lena n-áirítear sonóirí taobhscanta, sonóirí boise, Córas um Aisghabháil Uathúil Ordanáis agus Feithiclí Cianoibrithe a cheadaíonn don rannóg cuardach agus suirbhéireacht go doimhneacht 1,000 méadair.

*Tábla 3.6 Oibríochtaí ATCP Rannóg Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh (RTSC) 2015*

| Oibríochtaí Tumadóireachta | Oibríochtaí | Líon Laethanta |
|---|---|---|
| Glanadh Bearta le haghaidh Árthaí Cabhlaigh ar Cuairt | 1 | 2 |
| Oibríochtaí Cuardaigh & Aisghabhála | 9 | 39 |
| **Iomlán** | **10** | **41** |

## AN COMH-THÁSCFHÓRSA AR DHÍCHUMASÚ DRUGAÍ

Is é atá Chomh-Thascfhórsa (CTF) ná comhpháirtíocht idir an Garda Síochána, an tSeirbhis Chabhlaigh agus Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim, agus an dlí a fhorfheidhmiú maidir le gáinneáil ar dhrugaí ar muir. Bhí cruinnithe rialta ag an tSeirbhís Chabhlaigh lena gcomhpháirtithe sa JTF i rith 2015. Cuirtear an JTF i mbun dualgais nuair a theastaíonn oibríocht mhuirí. Tá obair as lámh a chéile leis an Lárionad Anailíse agus Oibríochtaí Muirí (Támhshuanaigh) (MAOC (N)) i Liospóin i gceist leis sin. In Aibreán 2015, leagadh cúram ar an LÉ Eithne agus an LÉ Orla ar iarratas na Seirbhíse Custaim árthach arbh díol spéise é a leanúint ar chósta thiar na hÉireann. Ina dhiaidh sin stop údaráis an RA agus choinnigh siad é um iompórtáil mhídhleathach amhrasta drugaí.

Ina theannta sin bhraith an tSeirbhís Chabhlaigh roinnt ÁrthaíSpéise (ÁSanna) agus rinne siad monatóireacht orthu trí húsáid a bhaint as an áis nua-shuiteáilte IAM (Íomhá Mhuirí Aitheanta). Cuireadh an fhaisnéis faoi na ÁSanna ar aghaidh chuig na húdaráis ábhartha agus chabhraigh sí le gabháil drugaí ar luach €15m ag Údaráis na hIodáile i Samhain 2015.

## CÚNAMH DON ÚDARÁS SIBHIALTA (ATCA) AGUS TACAÍOCHT DO PHOBAIL

## FREAGAIRT AR ÉIGEANDÁLAÍ

I gcás móréigeandála féadann aon cheann de na Gníomhaireachtaí Príomhfhreagartha.i. an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus na hÚdaráis Áitiúla tacaíocht Óglaigh na hÉireann a lorg de réir an Chreata le haghaidh Móréigeandálaí a Bhainistiú.

Féadann Óglaigh na hÉireann ról tábhachtach tacaíochta a chomhlíonadh maidir le freagairt ar mhóréigeandáil agus cumais oibriúcháin mhíleata acu ar féidir leas a bhaint astu thar réimse leathan gníomhaíochtaí. Braitheann soláthar tacaíochta Óglaigh na hÉireann ar riachtanais ag eascairt ó éilimh shlándála eile, agus laistigh de na hacmhainní atá ar fáil ag an am. Mar sin féin, toisc go ndéanann an Roinn Cosanta plé ar shocruithe a aontaítear roimh ré trí MTanna agus CSanna le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile éascaítear i gcónaí freagairt phleanáilte agus éifeachtúil ó Óglaigh na hÉireann i gcásanna éigeandála.

I Márta agus mí na Nollag 2015, imscaradh comhaltaí pearsanra ó Óglaigh na hÉireann chun cabhrú leis an gcuardach le haghaidh duine a bhí ar iarraidh i gCill Chainnigh. I Méan Fómhair, imscaradh baill foirne ó Óglaigh na hÉireann freisin chun cabhrú leis an gcuardach le haghaidh duine ar iarraidh i nDún Dealgan. Ba é líon iomlán na dtrúpaí a imscaradh le linn na gcuardach sin i rith 2015 ná 436.

Freisin d'imscar Óglaigh na hÉireann 1,304 trúpa chun cabhrú leis na Príomhghíomhaireachtaí Freagartha le linn na dtuilte troma a tharla i mí na Nollag 2015. Imscaradh na trúpaí sin chuig na contaetha Ciarraí, Corcaigh, An Clár, Gaillimh, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Loch Garman, An Iarmhí, Ros Comáin, Sligeach agus Dún na nGall. Ghlac comhaltaí pearsanra ón Roinn Cosanta agus ó Óglaigh na hÉireann páirt i gcruinnithe laethúla den Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí ar Aimsir Chrua a reáchtáladh san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí.

I measc an chúnaimh agus na tacaíochta a thug ÓglaighnahÉireanndonaPríomhghníomhaireachtaí Freagartha bhí tógáil cosaintí tuile, oibriú caidéal uisce, soláthar iompair do phobail áitiúla (lenar

áiríodh seirbhís tointeála báid i gCluain Lára, Co. an Chláir, aslonnú daoine agus iompar bhaill foirne FSS). Chuir an tAerchór eitiltí taiscéalaíochta tuilte ar fáil d'Oifig na nOibreacha Poiblí i dtoghcheantar na Sionainne chomh maith le seirbhís seachadta fodair d'fheirmeacha iargúlta i ndeisceart na Gaillimhe.

## COSAINT IASCAIGH NA SEIRBHÍSE CABHLAIGH (NS) 2015

Bhí soláthar sheirbhísí Cosanta Iascaigh i rith 2015 bunaithe ar aschuir a aontaíodh leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM). I rith 2015, rinne an tSeirbhís Chabhlaigh 709 lá patróil iascaireachta san iomlán agus rinne siad 1,079 bordáil iasacaigh agus coinneáladh deich n-árthach iascaireachta de thoradh sháruithe éagsúla iascaigh.

Mar chuid de ghealltanais iascaigh na Seirbhíse Cabhlaigh, rinne sí dhá phatról i gceantar an Chlár Cigireachta um Rialú Comhchoiteann a oibríonn sna Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha, Éire, an RA, an Fhrainc agus an Spáinn. Chaith an tSeirbhís Chabhlaigh deich lá i mbun patróil i limistéar Choimisiún um Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh lasmuigh de Limistéar Eacnamaíoch Eisiach 200 míle na hÉireann agus cigirí AE ar bord. Rinne an LÉ Ciara agus an LÉ Orla oibríochtaí fairsinge iascaigh cois cladaigh i gcomhair leis an ÚCIM i rith 2015. Freisin tógadh cigirí AE, Thuaisceart Éireann agus ÚCIM ar bord an LÉ Orla le haghaidh patróil ilnáisiúnta ar Mhuir Éireann i mí Meithimh 2015.

*Tábla 3.7 Cosaint Iascaigh na Seirbhíse Cabhlaigh i 2015*

| Náisiúntacht Árthaigh Iascaireachta | Radhairc | Bordáil | Sáruithe | Coinneáil |
|---|---|---|---|---|
| Éireannach | 534 | 493 | 2 | 7 |
| Spáinneach | 266 | 248 | - | - |
| An RA | 109 | 99 | 3 | 3 |
| Francach | 207 | 196 | - | - |
| Beilgeach | 3 | 3 | - | - |
| Gearmánach | 7 | 7 | - | - |
| Ísiltíreach | 13 | 10 | - | - |
| Rúiseach | 8 | 8 | 1 | - |
| Ioruach | 11 | 11 | - | - |
| An Liotuáin | 2 | 2 | - | - |
| An Danmhairg | 2 | 2 | - | - |
| **Iomlán** | **1162** | **1079** | **6** | **10** |

## OIBRÍOCHTAÍ ATCA NA SEIRBHÍSE CABHLAIGH 2015

I gcás éigeandála féadann aon cheann de na Gníomhaireachtaí Príomhfhreagartha tacaíocht na Seirbhíse Cabhlaigh a lorg de réir an Chreata le haghaidh Móréigeandálaí a Bhainistiú. Rinne an tSeirbhís Chabhlaigh 16 hOibríocht ATCA le haghaidh sé ghníomhaireachta i 2015.



## SOLÁTHAR SHEIRBHÍS AERÁRTHACH OTHAR

Oibríonn an tAerchór an tSeirbhís Aerárthach Othar agus soláthraíonn sí d'aistriú éigeandála othar idir ospidéil agus d'iompar foirne éigeandála um aisghabháil orgán. Soláthraíonn sé aistrithe chuig ospidéil ó oileáin amach ón gcósta nuair nach mbíonn Garda Cósta na hÉireann ar fáil. Tá soláthar na seirbhíse seo clúdaithe ag téarmaí Chomhaontú Seirbhíse leis an Roinn Sláinte.

*Tábla 3.8 Misin Aerárthach Othar Idir Ospidéil a rinne an tAerchór i 2015*

| Aerárthach | Misin | Uaireanta Eitilte |
|---|---|---|
| CASA | 30 | 85.7 |
| Learjet 45 | 5 | 10.8 |
| AW139 | 32 | 78.9 |
| EC135 P2 | 3 | 7.3 |

## SEIRBHÍS TACAÍOCHTA AERLEIGHIS ÉIGEANDÁLA (EAS)

Tugann an tAerchór tacaíocht do Sheirbhís Tacaíocht Aermhíochaine Éigeandála (TAÉ) an FSS a oibríonn ó Dhún Chostúim, Áth Luain. Cuireadh tús leis an tseirbhís i Meitheamh 2012 agus bunaíodh í,

ar bhonn píolótach ar dtús, ag comhaontú idir an Roinn agus an Roinn Sláinte.

Tá buanseirbhís bunaithe anois tar éis chinneadh Rialtais i mí Iúil 2015. Soláthraíonn an tAerchór héileacaptar tiomanta a oibríonn ó Dhun Chostúim, Áth Luain agus soláthraíonn Garda Cósta na hÉireann tacaíocht chúltaca.

Faigheann an Vóta Cosanta €2.2 milliún breise in aghaidh na bliana i dtaobh na gcostas a fhulaingítear agus an tseirbhís EAS á rith, atá bunaithe ar 480 uair eitilte in aghaidh na bliana. Déantar soláthar i gcinneadh an Rialtais go gcoimeádtar na roghanna éagsúla um sheachadadh seirbhíse faoi athbhreithniú i gcomhthéacs seirbhís fhadtéarmach inbhuanaithe a chinntiú.

*Tábla 3.9 Misin TAÉ*

| Aerárthach | Misin | Uaireanta Eitilte |
|---|---|---|
| AW 139 | 397 | 788 |
| Iomlán | 397* | 788** |

* Misin déanta**Am eitilte iomlán TAÉ (lena n-áirítear misin nuair a scoireadh an AW139 de bheith ar fuireachas, srl)

*Tábla 3.10 Nádúr na Misean TAÉ ar tugadh fúthu i 2015*

| Míochaine | Tráma | Péidiatrach | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 249 | 131 | 17 | 0 | 397 |

## CÚNAMH SIBHIALTA AN AERCHÓIR

De réir na ról a shann an Rialtas, tá an tAerchór tiomanta chun tacaíocht a thabhairt do na húdaráis sibhialta lena n-áirítear Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit. Léiríonn Tábla 3.11 an leibhéal cúnaimh a thug an tAerchór do na húdaráis sibhialta i 2015.

*Tábla 3.11 Misin Cúnaimh Shibhialta a rinne an tAerchór i 2015*

| Aerárthach | Misin | Uaireanta Eitilte | Samplaí de mhisin a tugadh fúthu |
|---|---|---|---|
| AW 139 | 13 | 53.6 | Mórthionóisc |
| EC135 P2 | 4 | 12.7 | Dóiteán mór |
| Cessna FR172H | 38 | 99.3 | Boscaí Ballóide<br>Suirbhé Portach<br>NPWS/Fiadhúlra |
| CASA | 5 | 19.3 | Faoiseamh ó Thuilte |
| **Iomlán** | **60** | **184.9** | Faoiseamh Oileáin |

Léiríonn Tábla 3.12 thíos an líon misean tacaíochta cuardaigh agus tarrthála ar thug an tAerchór fúthu i rith 2015.

*Tábla 3.12 Misin Chuardaigh agus Tarrthála a d'eitil an tAerchór i 2015*

| Aerárthach | Líon na misean | Iomlán na n-Uaireanta |
|---|---|---|
| AW139 | 3 | 2.1 |
| EC-135 | 1 | 1.2 |
| CASA | 8 | 37.4 |

## PATRÓIL MHUIRÍ AN AERCHÓIR

Oibríonn an tAerchór dhá haerárthach patróil mhara CASA CN235 mar thacaíocht don iarracht chun iascaigh a chosaint i dteannta leis an tSeirbhís Chabhlaigh agus an ÚCIM. Déanann na haerárthaí fadraoin sin patróil ar fud Chrios Eisiamh Eacnamaíoch na hÉireann. I rith 2015, rinne flít d'aerárthaigh Cessna C172H patróil iascaigh cois cladaigh freisin.

*Tábla 3.13 Patróil Mhuirí a rinne an tAerchór i 2015*

| Aerárthach | Cineál Misin | Líon na misean | Iomlán na n-Uaireanta |
|---|---|---|---|
| CASA | Patróil Iascaigh | 213 | 1,102.90 |
| CESSNA | Patróil Iascaigh Cois Cladaigh | 71 | 141.50 |
| Iomlán | | 284 | 1,244.4 |

## SEIRBHÍS AERIOMPAIR AN AIRE (SAIA)

Soláthraíonn an tAerchór Seirbhís Aeriompair an Aire chun cabhrú leis an Uachtarán agus le comhaltaí an Rialtais chun a gcuid gealltanas a chomhlíonadh sa bhaile agus thar lear. Foilsítear faisnéis staitistiúil maidir le húsáid Sheirbhís Aeriompair an Aire ar láithreán gréasáin na Roinne Cosanta agus tugtar suas chun dáta í gach mí.

*Tábla 3.14 Sonraí faoin MATS i 2015*

| Aerárthach | Líon na misean | Iomlán na n-Uaireanta |
|---|---|---|
| Learjet LR45 | 69 | 289.6 |
| AW 139 | 3 | 9.2 |
| CASA MPA 235 | 1 | 2.0 |
| **Iomlán** | **73** | **300.8** |

## SOLÁTHAR SHEIRBHÍSÍ SEARMANAIS AIRM

Tá Óglaigh na hÉireann fós rannpháirteach i raon leathan imeachtaí searmanais sa bhaile agus thar lear. Chun ullmhú i gcomhair imeachtaí den sórt sin déantar idirchaidreamh le páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí seachtracha. I measc na n-imeachtaí searmanais tá siad seo a leanas: Searmanais Stáit, Imeachtaí Cuimhneacháin Náisiúnta, Athbhreithniú Aire ar aonaid Óglaigh na hÉireann a bhí chun taisteal thar lear agus tacaíocht d’imeachtaí áitiúla ar leibhéal eagair mar cheiliúrthaí Lá Fhéile Pádraig. I measc na mbuaicphointí i rith 2015 bhí Cuimhneachán cothrom céad bliain ó tumadh an Crúslong ‘Lusitania’ sa Chóbh, Co. Chorcaí, Cuairt Uachtarán Phoblacht Fheidreálach na Gearmáine ar Éirinn, an Cuimhneachán Stáit ar chothrom céad bliain ó shocraid O’ Donovan Rossa i Reilig Ghlas Naíon agus Sochraid Stáit agus athchur Thomas Kent i gCaisleán Ó Liatháin, Co. Chorcaí.




## SCOIL CHEOIL ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Tá Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann freagrach as trí bhanna mhíleata (atá bunaithe i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i mBaile Átha Luain) agus as seacht bpíb-bhanna ón gcathlán coisithe agus píb-bhanna amháin ón Aerchór. D’fhreastail grúpaí uirlise Óglaigh na hÉireann ar 428 ócáid i rith 2015, agus ócáidí Stáit agus míleata a bhí ina bhformhór. Thug bannaí Óglaigh na hÉireann tacaíocht do raon leathan searmanas Stáit cosúil leis an Lá Cuimhneacháin Náisiúnta, ócáid chuimhneacháin Éirí Amach na Cásca 1916 sa GPO agus ar Chnoc na Seamaire, Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir, Searmanais Shaoránachta, cuairteanna ó Cheannairí Stáit ón gcoigríoch agus ar ócáidí a gcuireann ambasadóirí ón gcoigríoch dintiúir faoi bhráid Uachtarán na hÉireann. Tugadh tacaíocht cheoil ag réimse leathan de shearmanais mhíleata mar shearmanais choimisiúnaithe agus paráidí bronnta céime leis an Arm, an tSeirbhís Chabhlaigh agus an Aerchór.

D’fhreastail Óglaigh na hÉireann freisin ar réimse leathan ócáidí sibhialtacha, ag ceol ag mór-imeachtaí spóirt mar chluichí chraobhchomórtais rugbaí na Sé Náisiún, ag cluichí sacair idirnáisiúnta agus ag searmanais oscailte agus clabhsúir Seó Capall Bhaile Átha Cliath. Thug comhbhanna ó Óglaigh na hÉireann léiriú ag léirithe bliantúla ollbhannaí sa Cheoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath agus i Halla na Cathrach, Corcaigh. Bhí bannaí Óglaigh na hÉireann rannpháirteach freisin i roinnt paráidí na Féile Pádraig agus lean Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann freisin lena clár oideachasúil a raibh an-éileamh air agus thug siad cuairt ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna ar fud an Stáit.

## SCOIL EACHAÍOCHTA AN AIRM

I rith 2015, ghnóthaigh Oifigigh Mharcaíochta an Airm agus iad ag marcaíocht ar chapaill spóirt a tógadh in Éirinn, buanna suntasacha i roinnt comórtas eachaíochta mór le rá ar fud an domhain, a raibh ina measc: an RDS (Baile Átha Cliath), Arezzo (An Iodáil), Odense (An Danmhairg), Gijon (An Spáinn), Chantilly (An Fhrainc), Fontainebleau, Lezno (An Pholainn), Trialacha Capaill Blenheim Palace (Sasana) agus Trialacha Capaill Boekelo (An Ísiltír).

Bhí an Captaen Geoff Curran ina bhall d’Fhoireann na hÉireann a chuaigh san iomaíocht i gcomórtas Chraobh na Náisiún i Drammen (An Iorua) agus in Odense (An Danmhairg). Bhí an Captaen Michael Kelly ina bhall d’fhoirne Chraobh na Náisiún in Arezzo (An Iodáil) agus Gijon (An Spáinn). I rith na bliana bhí go leor buanna aige i gcomórtais idirnáisiúnta, arbh é an ceann ba shuntasaí ná Grand Prix Chantilly le Drumiller Lough. Bhí buanna ag an gCaptaen Kelly freisin i Fontainebleau (An Fhrainc), Vejer de la Frontera (An Spáinn) agus Lezno (An Pholainn). I rith na bliana chuaigh Oifigigh Mharcaíochta an Airm san iomaíocht i go leor seónna náisiúnta ar fud na tíre, agus ba é an buaicphointe astu siúd ná gur bhuaigh an Captaen Michael Kelly an Premier Grand Prix i gCraobhchomórtais Náisiúnta Balmoral ar feadh na dara bliana i ndiaidh a chéile.

I rith na bliana lean an Scoil Eachaíochta ar aghaidh lena Clár do Dhaltaí Idirbhliana agus lena cuid Sparánachtaí Traenála. Chaith tuairim is 60 dalta idirbhliana aon seachtain amháin i mbun taithí oibre agus rinne beirt a fuair an sparánacht Chlub na gCapaillíní traenáil ar feadh aon seachtain amháin lena gcuid capall sa Scoil Eachaíochta. Ina theannta sin lean an Scoil Eachaíochta ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta agus comhairle d'earnáil na gCapall Spóirt trí cuid mhór cuairteanna ó réimse grúpaí leasmhara a óstáil; i measc na ngrúpaí sin bhí daltaí eachaíochta ó Ollscoil Luimnigh agus Coláiste Talmhaíochta Chill an Daltúin chomh maith le roinnt Clubanna Capaillín.

PAGE INTENTIONALLY BLANK

# CUID 4: AGUISÍN

# CUID 4: AGUISÍN

## *AGUISÍN 1: FAISNÉIS AIRGEADAIS*

### *TÁBLA A1.1 SONRAÍ MAIDIR LE CAITEACHAS AR VÓTA COSANTA 2015 DE RÉIR CATAGÓIRE*

* Bunaithe ar Réamhfhigiúirí Aschuir 2015

| Catagóir Caiteachais | €m | % |
|---|---|---|
| Pá agus Liúntais PDF | 417 | 62.1 |
| Pá agus Liúntais Fostaithe Sibhialta agus PDF | 24 | 3.6 |
| Trealamh Cosanta | 24 | 3.6 |
| An tAerchór: Trealamh, cothabháil breosla srl. | 17 | 2.5 |
| An tSeirbhís Chabhlaigh: Trealamh, cothabháil breosla srl. | 65 | 9.7 |
| Speansais dúin, deisiúcháin agus cothabháil tailte | 23 | 3.4 |
| Foirgnimh – Caipiteal (lena n-áirítear caiteachas ar fhoirgneamh na Cartlainne Míleata) | 8 | 1.2 |
| Iompar Míleata: Feithiclí nua, breosla, deisiúcháin agus cothabháil | 12 | 1.8 |
| Cúiteamh | 4 | 0.6 |
| Caiteachas míleata eile nach mbaineann le pá | 45 | 6.8 |
| Buiséad Riaracháin | 21 | 3.1 |
| Cosaint Shibhialta agus Cumann Croise Deirge na hÉireann | 11 | 1.6 |
| **IOMLÁN** | **671** | **100** |

### *TÁBLA A1.2 SONRAÍ FAOI CHAITEACHAS AR PHINSIN AIRM LE HAGHAIDH 2015 DE RÉIR CATAGÓIRE*

* Bunaithe ar Fhigiúir Aschuir 2015

| Catagóir Caiteachais | €m | % |
|---|---|---|
| Scéim (Pinsean) Óglaigh na hÉireann & Íocaíochtaí i dtaobh seirbhíse aistrithe | 219 | 96.0 |
| Pinsin Chréachta & Míchumais, liúntais agus aiscí, chuig nó i dtaobh iarbhall d'Óglaigh na hÉireann | 8 | 3.6 |
| Íocaíochtaí maidir le cleithiúnaigh Iarshaighdiúirí Chogadh na Saoirse agus caiteachas ilghnéitheach eile | 1 | 0.4 |
| **Iomlán (Comhlán)** | **228** | **100** |

Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh neamhréitigh bheaga a bheith i gceist i ngeall ar uimhreacha a shlánú.

## *AGUISÍN 2: MEITHLEACHA OIBRE TRAS-RANNACHA A MBÍONN IONCHUR AG COSAINT IONTU*

- An Líonra CISM (Líonra um Bainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla)
- An Coiste Comhairleach don tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse
- An Meitheal Oibre um Athnuachan na Státseirbhíse ar shaincheisteanna trasghearrtha
- Grúpa Úsáideoirí Corepay
- An Coiste ar Rialacha Cúirte Airm
- Coiste Stiúrtha Roinn an Taoisigh don Mheasúnú Priacail Náisiúnta
- Líonra na n-Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais
- An Grúpa Comhordaithe do Ghalar an Víreas Ebola (GBE) agus foghrúpaí bainteacha
- An Grúpa Forfheidhmithe (Iascaigh) do Chórais Taifeadta Leictreonacha (CTL)
- Líonra na n-Oifigeach Airgeadais
- Grúpa Stiúrtha Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána
- Tascfhórsa an Rialtais ar an bhfoghrúpa Pleanála Éigeandála ar Riosca
- Tascfhórsa an Rialtais ar an bhfoghrúpa Pleanála Éigeandála ar Bhainistíocht Straitéiseach Éigeandálaí - Struchtúir agus Creat Náisiúnta
- Tascfhórsa an Rialtais ar an bhfoghrúpa Pleanála Éigeandála ar CBRN
- Tascfhórsa an Rialtais ar an bhfoghrúpa Pleanála Éigeandála ar Chumarsáid
- Tascfhórsa an Rialtais ar an bhfoghrúpa Pleanála Éigeandála ar Pleanáil Theagmhasach Leictreachais
- An Grúpa Comhordaithe ar Bhagairtí don tSláinte
- Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil ar Chibearshlándáil
- Bord Bainistíochta Sheirbhís Eacnamaíoch agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann (IGEES)
- Grúpa Idirghníomhaireachta ar Bhreoiteacht agus Shochair Mháithreachais
- Coiste Idir-Rannach ar Ghnáthairm
- Coiste Idir-Rannach ar Fhorbairt
- Coiste Idir-Rannach ar Chaidreamh leis an AE
- Coiste Idir-Rannach ar Neamhleathadh Arm Ollscriosta
- Coiste Idir-Rannach ar Shíochánaíocht
- Coiste Idir-Rannach ar Shlándáil Choimpléasc Foirgneamh an Rialtais
- Coiste Idir-Rannach chun Coinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a Chur i bhFeidhm
- Coiste Idir-Rannach ar Chibearshlándáil
- Cruinniú Idir-Rannach ar Chomhairle na hEorpa
- Cruinnithe idir-rannacha ar Spriocanna um Forbairt Inbhuanaithe Tar Éis 2015
- Cruinnithe idir-rannacha ar an Diaspóra
- Grúpa Idir-Rannach an Údaráis um Shlándáil Náisiúnta.
- Grúpa Pleanála Idir-Rannach do Chuimhneachán Dhomhnach na Cásca 1916
- Grúpa Pleanála Idir-Rannach don Lá Cuimhneacháin Náisiúnta
- Coiste Stiúrtha Idir-Rannach ar thionscadal Chartlann na bPinsean Míleata
- Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach ar Thionscadal Bhailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata
- Coiste Stiúrtha ar an Aerárthach Othar Idirospidéil
- Grúpa Comhairleach na hÉireann ar Éigeandáil Aerloingseoireachta Mhuirí
- Coiste Cuardaigh agus Tarrthála Mara na hÉireann
- Grúpa Pleanála Teagmhasaí Idirghníomhaireacht Sheirbhís Phríosún na hÉireann
- Meitheal Oibre ar Malaria Chemoprophylaxis
- Grúpa Comhordaithe Mara
- Grúpa Forfheidhmithe do Chreat-treoir na Straitéise Mara
- An Coiste agus an Meitheal Oibre Faireachais Mhuirí (MARSUR)
- Tionscadal Chartlann na bPinsean Seirbhíse Míleata
- An Grúpa Maoirseachta agus Measúnaithe ar UNSCR1325
- An Grúpa Náisiúnta Aeraileighis
- An Comhlacht Náisiúnta ar an mBeartas Aerspáis (Úsáid Sholúbtha Aerspáis)
- Coiste Slándála Náisiúnta na hEitlíochta Sibhialta

- An Coiste Náisiúnta ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta
- An Grúpa Comhordaithe Náisiúnta ar Imeachtaí Aimsire Crua
- An Grúpa Náisiúnta Pleanála Éigeandála ar Thionóiscí Núicléacha (GNPÉTN)
- Coiste Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir
- An Coiste Forfheidhmithe Náisiúnta um Bainistíocht Foinsí Radaighníomhacha as Úsáid
- An Coiste Slándála Náisiúnta
- An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta ar Bhainistíocht Móréigeandálaí
- GUROF (Grúpa Úsáideoirí Rialtais Oracle Financials)
- Grúpa Stiúrtha an OPW ar Mheasúnú agus Bhainistíocht Riosca Tuilte Abhantraí (MBRTA)
- Grúpa Comhordaithe Idir-Rannach an OPW ar an mBeartas i leith Tuilte
- Coiste Feidhmiúcháin na n-Oifigeach Pearsanra
- Líonra na n-Oifigeach Pearsanra
- Grúpa Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí
- Líonra na n-Oifigeach um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- An Grúpa Idirchaidrimh ar Bhainistíocht Riosca
- Grúpa Bainistíochta Chomhaontú Seirbhíse an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara Leibhéal 1 agus 2
- Coiste Comhairliúcháin an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara
- Fóram um Pleanáil Fórsa Oibre Earnálaigh
- Grúpa na n-Oifigeach Sinsearach ar Chúrsaí AE
- An Líonra Ceannaireachta um Sheirbhísí Comhroinnte
- An Bord Cláir don Scéim Pinsin Shingil
- Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais-An tÚdarás um Dhearadh Próiseas
- Meithleacha Oibre Éagsúla a bhain leis an tionscadal um Sheirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais
- Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais-Painéal Measúnaithe
- An Coiste Idir-Rannach ar bhallraíocht na hÉireann ar Chomhairle na NA um Chearta an Duine, 2013-2015
- Líonra na n-Oifigeach Oiliúna
- Meithleacha Oibre Éagsúla a bhain leis an tionscadal um Sheirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais
- Meitheal Oibre ar Dhúnorgain Chorparáideach

## Chuir an Roinn Cosanta Meabhráin Tuisceana (MT) i gcrích leo seo a leanas:

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- An Roinn Cosanta, An Fhionlainn
- An Roinn Cosanta, An RA
- Na Náisiúin Aontaithe
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- Banking & Payments Federation Ireland

## Tá Csanna curtha i gcrích leo seo a leanas:

- Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) – maidir le Seirbhís Aeriompair arna sholáthar ag an Aerchór d'Imscrúdaitheoirí an GSOC.
- An Roinn Sláinte / Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) – maidir le Seirbhís Aerárthach Othar arna soláthar ag an Aerchór.
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil – maidir le soláthar seirbhísí ag Óglaigh na hÉireann agus Cosaint Shibhialta
- Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEÉ) – maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta idir ÚEÉ agus an tAerchór.
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – maidir le hAonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána.
- Garda Cósta na hÉireann (GCÉ) – maidir le Cuardach agus Tarrtháil agus seirbhísí eile arna soláthar ag Óglaigh na hÉireann don Gharda Cósta.
- Foras na Mara (FM) – maidir le suirbhéanna, comhroinnt faisnéise agus oiliúna idir FM agus an tSeirbhís Chabhlaigh.
- Met Éireann – maidir le sonraí meitéareolaíochta a mhalartú idir an tSeirbhís Chabhlaigh agus Met Éireann.
- An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí (AIA) – maidir le seirbhísí arna soláthar ag Óglaigh na hÉireann don AIA i gcás go dtarlaíonn aerthionóisc.
- Oifig na Suirbhéireachta Muirí (OSM) – maidir le seirbhísí slándála calafoirt arna soláthar ag an tSeirbhís Chabhlaigh don OSM.
- An Roinn Iompair – soláthar tacaíochta ag an Aerchór
- Aonad Medico in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, – maidir le cúnamh traenála arna sholáthar ag an tSeirbhís Chabhlaigh do Medico .
- Oifig na n-Oibreacha Poiblí (OPW) – maidir le seirbhísí arna soláthar ag an Aerchór don OPW le linn imeachtaí aimsire crua.
- Cúnamh Éireann – maidir le réimse seirbhísí arna soláthar ag Óglaigh na hÉireann i ndáil leis an tionscnamh Mearfhreagartha.
- An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM) – maidir le seirbhísí arna soláthar ag an tSeirbhís agus an Aerchór don ÚCIM i ndáil le cosaint iascach.
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) – maidir le seirbhísí arna soláthar don Roinn Cosanta i dtaobh dlíthíochta.
- An Garda Síochána – Téarmaí seirbhíse idir Cosaint Shibhialta agus an Garda Síochána i ndáil le teagmhais éigeandála.

*AGUISÍN 4: FORBHREATHNÚ AR ÚSÁID FUINNIMH I 2015*

San Aguisín seo tugtar cuntas ar úsáid fuinnimh san Eagraíocht Cosanta le haghaidh 2015 agus ar na tionscnaimh a glacadh chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh i gcomhlíonadh na gceanglas mar atá leagtha amach i Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2009 (Éifeachtacht Chríoch-úsáid Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), (I.R. Uimh. 542 de 2009).

## TOMHALTAS FUINNIMH NA ROINNE COSANTA 2015


Lean an Roinn Cosanta uirthi lena cur chuige réamhghníomhach i rith 2015 ar fud a cuid foirgneamh sa Droichead Nua, sa Rinn Mhór agus i Ros Cré chun tionscnaimh tíosach ar fhuinneamh a chur ar aghaidh. Tugadh meabhráin rialta do na baill foirne go léir de thionscnaimh um feasacht ar fhuinneamh chomh maith le treoracha chun fearais leictreacha a chasadh as nuair nach raibh siad in úsáid.

Roghnaíodh an Roinn Cosanta le haghaidh staidéar fuinnimh píolótach i 2007 agus dá bharr sin tagraíonn sí do 2007 mar a bonnbhliain. Tá úsáid iomlán fuinnimh sa Rinn Mhór i rith 2015 de 670,654kWh comhionann le laghdú 31% ar thomhaltas fuinnimh i gcomparáid leis an mbonnbhliain 2007. Ba é an méid iomlán fuinnimh a úsáideadh le haghaidh fhoirgneamh Ros Cré i 2015 ná 335,423 kWh atá comhionann le laghdú 34% i gcomparáid le figiúir 2007. Ba é an méid iomlán fuinnimh a chaith foirgneamh an Droichid Nua i 2015 ná 2,075,097 kWh atá comhionann le laghdú 2% nuair a chuirtear i gcomparáid le 2011 é, an chéad bhliain iomlán d'áitiú. Tá méadú beag tagtha ar úsáid fuinnimh i ngach foirgneamh i gcomparáid le figiúr 2014 toisc gur úsáideadh níos mó breosla theirmigh mar gheall ar theochtaí níos ísle i rith na bliana.

## TOMHALTAS FUINNIMH ÓGLAIGH NA HÉIREANN 2015

I 2015, chaith Óglaigh na hÉireann 222,593 MWh d'fhuinneamh. Is ionann é sin agus méadú de 17,771.11 Mwh (8.68%) ar Thomhaltas Fuinnimh i gcomparáid le 2014 nuair a caitheadh 204,821.52 Mwh Is féidir an méadú ar thomhaltas fuinnimh a chur i leith méaduithe ar ghníomhaíocht oibriúcháin. Tá laghdú foriomlán de 9.14% déanta ag Óglaigh na hÉireann ar thomhaltas Fuinnimh ón mbliain 2009.

*Figiúr A4.1. Tomhaltas Fuinnimh Foriomlán Óglaigh na hÉireann 2009 – 2015*




Ba iad na príomhfhoinsí úsáid fuinnimh in Óglaigh na hÉireann i 2015 ná breoslaí iompair lenar áiríodh breosla muirí, breosla eitlíochta agus díosal bóthair, agus fóntais lenar áiríodh leictreachas, gás Nádúrtha, GPL agus ola téimh.

Tá an tomhaltas iomlán do gach úsáid fuinnimh liostaithe thíos agus léirithe i bhFigiúr A4.2 i gcomparáid le 2014:

- Leictreachas 31,809 MWh
- Gás Nádúrtha 36,906 MWh
- Ola Téimh 12,489 MWh
- LPG 6,314 MWh
- Díosal Mara 78,796 MWh
- Breosla Eitlíochta 30,465 MWh
- Díosal agus Peitreal Bóthair 25,813 MWh
- Iomlán 222,593 MWh

Sa chairt seo a leanas sonraítear úsáid choibhneasta iompair agus fóntas. Is iad na bealaí is mó fós ina n-úsáidtear fuinneamh ná Ola Gáis Mara (35%) agus ina dhiaidh sin tá Gás Nádúrtha (16%) agus Leictreachas (14%).

*FigiúrA4.2. Úsáid Fuinnimh Iomlán Óglaigh na hÉireann (%) 2015*



## COMHOIBRIÚ LEIS AN NGNÍOMHAIREACHT EORPACH UM CHOSAINT (GEC) - FUINNEAMH

Oibríonn Óglaigh na hÉireann as lámh a chéile leis an GEC ar roinnt tionscnamh fuinnimh. 1 2015 ghlac comhaltaí pearsanra ó Óglaigh na hÉireann páirt sa Mheitheal Oibre ar Fhuinneamh agus Chomhshaol a bunaíodh ar an 26 Meitheamh 2014. Scrúdaíonn an Meitheal Oibre seo deiseanna chun tomhaltas breosla agus fuinnimh a laghdú in oibríochtaí ar mhuir, ar talamh agus san aer. Tugann sé comhairle faoi ábhair fhuinnimh don GEC agus do thionscadail náisiúnta. Ag 4ú Cruinniú an Mheitheal Oibre i Samhain 2015 thug Óglaigh na hÉireann cur i láthair faoin dul chun cinn a rinneadh maidir le feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lenar áiríodh athdheimhniú go ISO 50001.

I nDeireadh Fómhair 2015, tugadh cuireadh d'Éirinn páirt a ghlacadh san 'Fhóram Comhairliúcháin d'Fhuinneamh Inbhuanaithe sna hEarnálacha Cosanta & Slándála' (CFSEDSS). Is é atá i gceist leis sin ná sraith comhdhálacha a scrúdóidh infheidhme reachtaíocht fuinnimh an AE agus conas is féidir le fórsaí armtha na hEorpa í a chur i bhfeidhm. Is iad téamaí lárnacha an fhóraim chomhairliúcháin ná éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht fuinnimh agus fuinneamh inathnuaite. Is iad aidhmeanna an fhóraim ná cumais na hEarnála Cosanta a fheabhsú agus cabhrú le hearnáil Chosanta gach Ballstáit cur le cuspóirí straitéiseacha an AE agus náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh Inathnuaite.

I 2015 tugadh cuireadh freisin d'Éirinn páirt a ghlacadh sa Tionscadal Bainistíochta Uisce 'Smart Blue Camps'. Féachann an tionscadal seo chuig déileáil le hábhair imní ó thaobh fuinnimh & comhshaoil a bhaineann le húsáid agus bainistíocht uisce in ndúin. Déanfar an Tionscadal i gcaitheamh timpeall trí bliana agus beidh sé briste síos ina dhá chéim. Tá Céim 1 déanta suas de mheasúnú ar an láthair, fadhbanna a aithint agus réitigh a chur in ord tosaíochta. I gCéim 2 déanfar réitigh a roghnú agus a mheas, déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht, agus roinnt eolais.

PAGE INTENTIONALLY BLANK